

An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh

**Tuarascáil
Bhliantúil
2019**



2020 © An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh

An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
DO2 XY31

Guthán: Íosghlao 1890 74 74 34
Facs: (01) 671 8391

Ríomhphost: swappeals@welfare.ie
Gréasán: www.socialwelfareappeals.ie



Regina Doherty, Uasal
An tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimircí Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid an Stórais
Baile Átha Cliath

Meitheamh 2020

A Aire, a chara,

I gcomhréir le forálacha Alt 308(1) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, cuirim i láthair tuarascáil ar ghníomhaíochtaí na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Joan Gordon
Príomhoifigeach Achomhairc

Clár Ábhar

Caibidil 1: Réamhrá leis an bPríomhoifigeach Achomhairc	5
Caibidil 2: Treochtaí Staitistiúla	9
Caibidil 3: An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh 2019	27
Caibidil 4: Cás-Staidéir – Réamhrá	35
Cás-Staidéir:	
4.1 Leanaí agus an Teaghlach	41
4.2 Aois Oibre – Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí	48
4.3 Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaims	76
4.4 Daoine ar Scor, Breacaosta agus Eile	94
4.5 Inárachas Fostaíochtat	101
4.6 Athbhreithnithe Alt 318	107



Réamhrá

leis an bPríomhoifigeach

Achomhairc

Caibidil 1: Réamhrá leis an bPríomhoifigeach Achomhairc

Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2019 de bhun Alt 308(1) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, a chur i láthair.

Anuas ar a feidhm phríomhúil a chomhlíonadh mar thuarascáil Bhliantúil leis an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, tá súil agam go mbeidh an tuarascáil seo áisiúil do dhaoine a bhfuil achomharc á ullmhú acu agus do pháirtithe leasmhara eile.

Is é ról m'Oifige cinneadh a dhéanamh ar achomhairc ó dhaoine nach bhfuil sásta le cinneadh a rinne Oifigeach Breithiúnachta nó Duine Ainmnithe de chuid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i dtaobh a dteidlíochta faoin reachtaíocht leasa shóisialaigh. Tá mar chuspóir ag m'Oifig an tseirbhís sin, atá saor in aisce, a chur ar fáil ar bhealach neamhspleách agus cothrom agus ar bhealach a bheidh teacht gan stró uirthi.

Braitheann ár gcumas chun déileáil leis an méid achomharc a fhaighimid agus leis na saincheistanna casta is féidir teacht aníos go mór ar fhoireann na hOifige agus ba mhian liom an deis seo a ghlacadh chun ómós a léiriú ar an obair a rinne siad i gcaitheamh 2019. Ar aon dul leis an treocht atá le tabhairt faoi deara le blianta beaga anuas, chuaigh roinnt Oifigigh Achomhairc agus foireann riaracháin ar scor in 2019 agus thosaigh roinnt Oifigigh Achomhairc agus foireann riaracháin nua ag oibriú leis an Oifig. Guím gach rath orthu siúd amach anseo a chuaigh ar scor. Tá gliondar croí orm fáilte a chur rompu siúd a thosaigh ag oibriú leis an bhfoireann agus táim ag tnúth le hoibriú leo sa bhliain amach romhainn. Rinneadh roinnt athruithe eile ar an soláthar foirne, chomh maith, in 2019 inar fhág foireann an Oifig chun glacadh le deiseanna nua agus guím rath síoraí orthu ina róil nua. Leanaim ag oibriú go dlúth le Rannán Acmhainní Daonna na Roinne lena chinntiú go líontar folúntais a thagann aníos a thapúla agus is féidir agus is féidir is rímhór againn tacaíocht na Roinne maidir leis seo.

In ainneoin na ndúshlán a chruthaíonn foireann thaithíoch a chailleadh, rinne an Oifig dul chun cinn maith i gcaitheamh 2019 nuair a bhí achomharc á bpróiseáil agus á dtabhairt chun críche. I gcaitheamh na bliana, fuarthas 22,397 achomharc i gcomparáid le 18,854 in 2018, arb ionann sin agus méadú beagnach 19% ar an líon achomharc a fuarthas. Ba é an líon achomharc a tugadh chun críche in 2019 22,572, arb ionann sin agus méadú 22% ar aschur nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis na 18,507 achomharc a tugadh chun críche in 2018. Is é ceann de na cúiseanna atá leis an méadú seo ná méadú a tháinig ar an líon Oifigigh Achomhairc a sannadh don Oifig. Tháinig méadú 17% ar an líon achomharc a thug Oifigigh Achomhairc chun críche.

Ba é 8,788 an líon achomharc a bhí ar láimh ag deireadh 2019, arb ionann sin agus laghdú beag nuair a chuirtear an líon sin i gcomparáid leis an líon 8,963 achomharc a bhí ar láimh ag deireadh 2018.

Ba é an meánam próiseála a ghlac sé ar gach achomharc a tugadh chun críche i rith 2019 24.7 seachtain. Cuirtear seo i gcomparáid le 25.1 seachtain in 2018. Ba é an meánam a ghlac sé chun achomhairc a phróiseáil ónar theastaigh éisteacht ó bhéal 26.9 seachtain, (30 seachtain in 2018) agus ba é beagán de bhreis ar 22 seachtain (25 seachtain in 2018) an t-am comhfhreagrach a ghlac sé chun achomhairc a phróiseáil a ndearnadh cinneadh fúthu ar bhonn achomair.

Is eol go maith dom go mbaineann tábhacht ollmhór leis an am a ghlacann sé chun achomharc a phróiseáil leis na daoine a sheolann achomharc ar aghaidh agus go n-imríonn sé tionchar díreach ar shaol pearsanta daoine agus leanaim le monatóireacht a dhéanamh ar amanna próiseála agus lena chinntiú go ndéantar gach iarracht chun an t-am a ghlacann sé chun achomharc a phróiseáil a laghdú. Caithfear cothromaíocht a bhaint amach, áfach, idir seo agus an gá atá ann atá chomh tábhachtach céanna, lena chinntiú go mbíonn cinntí comhsheasmhach agus ar chaighdeán ard.

Fad a dhéanaim iarracht chun amanna próiseála a laghdú, is féidir le daoine a gcuirtear an tseirbhís ar fáil dóibh agus a n-abhcóidí, cabhrú freisin. Faoi mar a thug mé cuntas air i mo Thuarascáil Bhliantúil anuraidh, tá sé ríthábhachtach go gcuirtear an fhianaise go léir a bhaineann leis an éileamh ar fáil don chinnteoir a luaithe agus is féidir. Is féidir a thabhairt faoi deara ó roinnt de na cás-staidéir gur soláthraíodh fianaise bhreise i rith an phróisis achomhairc. Cé gur cuid é seo, dar ndóigh, den phróiseas achomhairc, is léir má cuireadh an fhianaise sin ar fáil ní ba luaithe, b'fhéidir nach dtiocfaidh an gá le hachomharc a sheoladh ar aghaidh. Is léir, chomh maith, ó roinnt de na cás-staidéir a rinneadh, go mb'fhéidir nach seolann daoine éileamh ar aghaidh in am. Cé go gcuimsítear sa reachtaíocht leasa shóisialaigh forálacha a cheadaíonn siardhátú, tá féidearthacht an tsiardhátaithe teoranta agus caithfear na forálacha a chur i bhfeidhm go dian.

Leagtar amach cuntas níos mionsonraithe ar na treochtaí staitistiúla a bhaineann le 2019 i gCaibidil 2. Léiríonn na sonraí go mbaineann an laghdú ar n líon na n-achomharc go príomha le hachomhairc ar an scéim Liúntas Cuardaitheora Poist. Tháinig méadú 20% ar an líon achomharc maidir le Liúntas Míchumais agus tháinig méadú 15% orthu i gcás Liúntas Cúram Baile. Tá cuntas níos mionsonraithe ar ghnó na hOifige i gcaitheamh 2019, idir acmhainní soláthair foirne agus saincheisteanna oibríochtúla, ar fáil i gCaibidil 3.

Nuair a chuirtear an t-athrú ard a thagann ar Oifigigh Achomhairc, leanadh le húsáid a bhaint as an gclár oiliúna agus forbartha i rith 2019. Lean an Oifig le hidirchaidreamh a dhéanamh le hAonad Forbartha Foirne na Roinne agus le Coláiste Náisiúnta na hÉireann i rith na bliana maidir le clár creidiúnaithe d'Oifigigh Achomhairc agus tá súil leis go dtabharfar an clár seo isteach sa dara leath den bhliain 2020.

Anuas ar an gclár oiliúna foirmiúil, chuir comhghleacaí taitheoch tacaíocht mheantóireachta ar fáil do gach Oifigeach Achomhairc nuacheaptha.

Gné thábhachtach den phróiseas achomhairc is ea an deis chun aiseolas a sholáthar don Roinn maidir le saincheisteanna a thagann chun solais ar achomharc. Tá casadh le ceann Oifig Chomhairleach Cinntí na Roinne agus a foireann ar cheann de na príomhbhealaí chun an t-aiseolas sin a sholáthar. Leagtar amach roinnt de na saincheisteanna a phléitear leis an Oifig sin ag ár gcruinnithe in 2019, chomh maith, i gCaibidil 3.

Nuair a bhíonn cásanna á roghnú le cur san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil mar chás-staidéir, déanaim iarracht na cásanna siúd a roghnú ina léirítear an réimse éagsúil saincheisteanna a thagann chun solais nuair a dhéantar achomharc ar fud an réimse clár agus scéimeanna a chumhdaíonn leanaí agus teaghlaigh, daoine in aois oibre, breoiteacht agus níos sine míchumas, daoine ar scor agus daoine breacaosta agus fostóirí agus na cásanna siúd a cheapann a bhainfidh le hábhar do dhaoine eile nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar achomharc.

Tá 70 cás-staidéar a cheapaim a d'fhéadfadh bheith tairbhiúil d'achomharcóirí nó a n-abhcóidí, faoi chaibidil sa Tuarascáil seo, roinnt athbhreithnithe ina measc ar thug mé fúthu faoi Alt 318 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005. Cuimsítear na cás-staidéir i gCaibidil 4.

Is féidir teacht ar an Tuarascáil seo ar ár láithreán gréasáin, www.socialwelfareappeals.ie, i mBéarla agus i nGaeilge araon.

Joan Gordon

Príomhoifigeach Achomhairc
Meitheamh 2020



Caibidil 2

Treochtaí Staitistiúla

Leagtar amach ár bpríomhshonraí staitistiúla don bhliain 2019 i bhfoirm tráchtairachta thíos agus sa “Chairt Sreafa Oibre” agus sna táblaí a leanas.

ACHOMHAIRC A FUARTHAS IN 2019

In 2019, rinneadh 22,397 achomharc leis an Oifig, arb ionann sin agus méadú 3,543 (18.8%) ar na 18,854 achomharc a fuarthas in 2018.

Baineann tromlach an mhéadaithe le hachomhairc i scéimeanna Breoiteachta, Míchumais agus Cúramóra. Tháinig méadú 35.1% ar achomhairc maidir le Pinsean Easláine agus tháinig méadú 20.0% ar achomhairc maidir le Liúntas Míchumais. Tháinig laghduithe beagnach 11% ar na líonta de Liúntas Cuardaitheora Poist a fuarthas.

SOILÉIRIÚ IN 2019

Anuas ar na 22,397 achomharc a cláraíodh in 2019, fuarthas 1,585 achomharc breise, áit ar dealraíodh dúinn gurbh fhéidir nár thuig an t-achomharcóir go hiomlán an fáth a bhí leis an gcinneadh diúltach. Sna cásanna sin, cuireadh an litir achomhairc ar aghaidh chuig foireann chúí scéime na Roinne agus iarradh go soiléireofaí an cinneadh don achomharcóir. Chuireamar an méid sin in iúl do na hachomharcóirí dá réir agus dúramar leo go bhféadfaidís an cinneadh a achomharc le m'Oifig seo dá mbeidís fós míshásta leis an gcinneadh tar éis dóibh soiléiriú a fháil ón Roinn.

I rith 2019, cláraíodh mar achomhairc fhoirmiúla ina dhiaidh sin 510 (32.18%) de na 1,585 cás a aithníodh mar chásanna ina raibh soiléiriú de dhíth. Meastar gur bealach an-phraiticiúil é sin chun déileáil le hachomhairc dá leithéid sa dóigh go seachnófar feidhmiú neamhriachtanach phróiseas iomlán na n-achomharc.

UALACH OIBRE DON BHLIAIN 2019

31,360 0 achomharc a bhí san ualach oibre in 2019, líon arb ionann é agus na 22,397 achomharc a shuimiú leis na 8,963 achomharc a bhí ar láimh ag tús na bliana.

ACHOMHAIRC A TUGADH CHUN CRÍCHE IN 2019

Chríochnaíomar 22,572 achomharc in 2019.

Rinneadh na hachomhairc a tugadh chun críche a mhiondealú idir:

- Oifigigh Achomhairc (73.5%): Thug Oifigigh Achomhairc 16,594 achomharc chun críche go hachomair nó trí éisteachtaí ó bhéal (ba é an figiúr coibhéiseach sa bhliain 2018 14,145 nó 76.4%);
- Cinntí Leasaithe (20.7%): Tugadh 4,669 achomharc chun críche mar thoradh ar chinntí leasaithe a rinne Oifigigh Chinnidh nó Daoine Ainmnithe i bhfabhar an achomharcóra sular atreoraíodh na hachomhairc sin chuig Oifigeach Achomharc (3,425 nó 18.5% in 2018). Tagraíonn sé sin do chásanna ina ndearna Oifigeach Cinnidh nó Duine Ainmnithe de chuid na Roinne an cinneadh bunaidh a leasú i bhfabhar an chustaiméara, agus dá bhrí sin níor ghéad don Oifig Achomhairc tabhairt faoi achomharc. Is iondúil go dtarlaíonn sé sin nuair a thugann an custaiméir fianaise ar aird i dtréimhse an achomhairc nach raibh ar fáil don chinnteoir bunaidh.
- Aistarraingthe (5.8%): aistarraingíodh 1,307 achomharc nó níor lean an t-achomharcóir leis an achomharc ar dhóigh eile (937 nó 5.1% in 2018).

TORTHAÍ ACHOMHAIRC IN 2019

Seo a leanas miondealú ar thorthaí na 22,572 achomharc a tugadh chun críche in 2019:

- Fabhrach (56.7%): Bhí toradh fabhrach don achomharcóir i gceist le 12,807 de na hachomhairc a tugadh chun críche sa mhéid gur ceadaíodh iad go hiomlán nó go páirteach ag Oifigeach Achomhairc nó gur réitíodh iad trí chinneadh leasaithe ag Oifigeach Breithiúnachta nó Duine Ainmnithe i bhfabhar an achomharcóra (58.8% in 2018);
- Neamhfhabhrach (37.5%): Bhí 8,456 de na hachomhairc a tugadh chun críche in 2018 dícheadaithe ag Oifigeach Achomharc (36.1% in 2018); agus
- Aistarraingthe (5.8%): Mar a luadh cheana, aistarraingíodh 1,309 de na hachomhairc a tugadh chun críche nó níor lean an t-achomharcóir leis an achomharc ar dhóigh eile (5.1% in 2018).

CINNTÍ A RINNE OIFIGH ACHOMHARC IN 2019

Thug Oifig Achomharc 16,594 achomharc chun críche in 2019.

- Ar an iomlán, toradh fabhrach don achomharcóir a bhí i gceist le 8,138 (49.0%) díobh. Dícheadaíodh 8,456 (51.0%).
- Éisteachtaí ó Bhéal: Ba trí éisteacht ó bhéal a pléadh le (35.1%) 5,829 de na 16,594 achomharc a thug Oifig Achomhairc chun críche. Bhí toradh fabhrach ar 3,671 (63.0%) díobh seo. In 2018, bhí toradh fabhrach ar 63.9% de na 5,397 cás ar déileáladh leo trí éisteacht ó bhéal.
- Cinntí Achomair: (64.9%): Ba trí chinneadh achomair a déileáladh le 10,76 de na hachomhairc a tugadh chun críche. Bhí toradh fabhrach ar 4,467 (41.5%) díobh seo. In 2018, bhí toradh fabhrach ar 45.9% de na 8,748 cás ar déileáladh leo trí chinneadh achomair.

AMANNA PRÓISEÁLA IN 2019

I rith 2019, ba é meánam próiseála na n-achomharc uile 24.7 seachtain (25.1 seachtain in 2018).

As an meánam foriomlán 24.7 seachtain ghlac sé chun achomhairc a thabhairt chun críche:

- Ghlac obair idir lámha sa Roinn 13.0 seachtain lena críochnú (9.6 seachtain in 2018)
- Ghlac sé 0.2 seachtain chun fanacht le freagairtí ó achomharcóirí (0.4 seachtain in 2018)
- Ghlac sé 11.6 seachtain ar phróisis leanúnacha laistigh den Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh (15.1 seachtain in 2018).

Tugtar faoi deara go gcuirtear san áireamh leis an meánlíon seachtainí sa Roinn cásanna a cuireadh ar ais chuig custaiméirí chun tuilleadh eolais/soiléiriú a fháil (seachas a bheith ag fanacht le gníomh sa Roinn). Níl fáil ar mhiondealú chun críche na Tuarascála seo.

Nuair a mhiondealaítear na figiúirí sin de réir chineál an phróisis, ba é an meánam foriomlán feithimh i dtaca le hachomharc lenar pléadh trí chinneadh achomair sa bhliain 2019, 22.1 seachtain (24.8 seachtain in 2018), agus bá é an meánam chun éisteacht ó bhéal a phróiseáil ná 26.9 seachtain (30.0 seachtain in 2018). Leagtar amach an meánam feithimh de réir na scéime agus de réir chineál an phróisis i dTábla 6.

Léiríonn an t-am a ghlactar chun achomhairc a thabhairt chun críche gach gné den phróiseas achomhairc, lena n-áirítear:

- aighneacht a lorg ón Roinn maidir le forais an achomhairc;
- tuilleadh measúnú leighis ag an Roinn i gcásanna áirithe a bhaineann le breoiteacht;
- tuilleadh imscrúdú ag Cigirí Leasa Shóisialaigh nuair is gá sin; agus
- an lóistíocht a ghabhann le héisteachtaí achomhairc ó bhéal a shocrú nuair a mheastar gur cuí sin.

ACHOMHAIRC DE RÉIR INSCNE IN 2019

Léiríonn miondealú de réir inscne ar na hachomhairc a fuarthas in 2019 de réir inscne go ndearna for 40.0% agus go ndearna mná 60.0% díobh. Léiríonn miondealú de réir inscne ar na hachomhairc a fuarthas in 2018 42.2% agus 57.8%, faoi seach. Ó thaobh torthaí fabhracha de sa bhliain 2019, thairbhígh 58.5% d'fhir agus 62.6% de mhná.

Cairt Sreabhaidh Oibre Achomhairc Leasa Shóisialaigh 2019

(Tá figiúirí comhfhreagracha don bhliain 2018 idir lúibíní)

Idir Lámha
1.1.2019
8,963
(8,616)



Faighte
22,397
(18,854)

Críochnaithe
22,572
(18,507)



Idir Lámha
31.12.2019
8,788
(8,963)



Treochtaí

- Liúntas Cúramóra
Méadú 3.6%
- Liúntas Míchumais
Méadú 20%
- Liúntas Cúram Baile
Méadú 15.6%
- Pinsean Easláine
Méadú 35.1%
- Liúntas Cuardaitheora Poist
Laghú 10.7%
- LLF
Méadú 3.4%

Cinntí Leasaithe ag Oifigigh Bhreithiúnachta / Ainmnithe
4,669 (20.7%)
[3,425 (18.5%)]

Aistarraingthe
1,309 (5.8%)
[937 (5.1%)]

Cinntí OA

Fabhrach
8,138 (49.0%)
[7,464 (52.8%)]

Neamhfhabhrach
8,456 (51.0%)
[6,681 (47.2%)]

Éisteachtaí ó Bhéal
5,829 (35.1%)
[5,397 (38.2%)]


Achoimre
10,765 (64.9%)
[8,748 (61.8%)]

Fabhrach
3,671 (63.0%)
[3,450 (64.0%)]

Neamhfhabhrach
2,158 (37.0%)
[1,947 (36.0%)]

Fabhrach
4,467 (41.5%)
[4,014 (45.9%)]

Neamhfhabhrach
6,298 (58.5%)
[4,734 (54.1%)]



Torthaí Foriomlána 22,572

Tábla 1: Achomhairc a fuarthas agus a tugadh chun críche in 2019

	Ar bun 01-Ean-19	Faighte	Cinneadh déanta	Cinneadh Leasaithe	Ais- tarraingthe	Ar bun 31-Nol-19
PINSIN						
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	190	386	292	67	31	186
Pinsean Stáit (Ranníocach)	199	457	297	81	16	262
Pinsin Stáit (Aistriú)	1	-	-	-	1	-
Pinsean Baintrí, Baintreach Fir (Ranníocach)	25	38	10	13	4	36
Sochar Báis	-	1	-	-	-	1
Deontas Méala	1	1	1	-	-	1
TOTAL PENSIONS	416	883	600	161	52	486
TACAÍOCHTAÍ IONCAIM AGUS FOSTAÍOCHTA DO DHAOINE IN AOIS OIBRE						
Liúntas Cuardaitheora Poist	926	1,445	1,247	256	260	608
Íocaíocht Idirthréimhseach Chuardaitheora Poist	44	75	47	17	12	43
Sochar Cuardaitheora Poist (Féinfhostaithe)	-	3	-	-	-	3
Liúntas Cuardaitheora Poist (Maoin)	830	1,188	1,047	171	230	570
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	186	302	222	48	51	167
Pinsean Baintrí, Baintreach Fir (Neamh- Ranníocach)	14	17	11	4	2	14
Liúntas Banchéile Thréigthe	1	-	1	-	-	-
Liúntas Leasa Forlíontach	375	888	664	144	165	290
Cúnamh Feirme	51	111	71	18	17	56
Sochar Cuardaitheora Poist	303	671	478	156	76	264
Sochar Banchéile Thréigthe	6	6	6	-	-	6
Sochar Máithreachais	21	38	27	6	3	23
Sochar Atharthachta	7	8	8	1	1	5
Sochar Uchtaíoch	1	-	1	-	-	-
Sochair Cóireála	1	2	-	-	1	2
Sochar Cumais Pháirtigh	68	131	49	34	16	100
IOMLÁN - TACAÍOCHTAÍ IONCAIM AGUS FOSTAÍOCHTA DO DHAOINE IN AOIS OIBRE	2,834	4,885	3,879	855	834	2,151
BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ						
Liúntas Míchumais	1,713	6,242	5,295	616	96	1,948
Pinsean na nDall	6	15	10	1	1	9
Liúntas Cúramóra	1,370	3,006	2,856	603	80	837
Liúntas Cúram Baile	674	1,656	1,142	517	31	640
Deontas Tacaíochta Cúramóra	65	165	123	25	4	78
Sochar Breoiteachta	289	916	232	490	38	445
Sochar Díobhála	32	53	25	18	5	37
Pinsean Easláine	708	1,874	988	557	57	980
Sochar Míthreorach	185	278	293	28	6	136
Forlíonadh Éagumais	5	1	6	-	-	-
Cúram Leighis	3	7	-	6	1	3
Sochar Cúramóra	70	244	154	63	9	88
IOMLÁN - BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ	5,120	14,457	11,124	2,924	328	5,201

Tábla 1: Achomhairc a Fuarthas agus a Tugadh chun Críche in 2019 (ar leanúint)

	Ar bun 01-Ean-19	Faighte	Cinneadh déanta	Cinneadh Leasaithe	Ais- tarraingthe	Ar bun 31-Nol-19
LEANAÍ						
Sochar Linbh	281	552	310	208	27	288
Íocaíocht Teaghlaigh Oibre	110	1,441	535	491	42	483
Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair	22	29	27	7	3	14
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)	4	12	9	-	-	7
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	13	27	18	5	2	15
Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í	1	5	4	-	-	2
IOMLÁN - LEANAÍ	431	2,066	903	711	74	809
Inárachas Fostaíochta	144	92	72	14	19	131
Golta faoi Dhliteanas	3	5	3	-	2	3
Sochair agus Cúnamh Inaisghabhála	15	9	13	4	-	7
IOMLÁN - NA HACHOMHAIRC GO LÉIR	8,963	22,397	16,594	4,669	1,309	8,788

Tábla 2: Achomhairc a fuarthas 2013-2019

	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
PINSIN							
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníochach)	279	323	348	397	370	347	386
Pinsean Stáit (Ranníochach)	136	205	264	366	408	309	457
Pinsin Stáit (Aistriú)	38	13	3	2	3	0	-
Pinsean Baintrí, Baintreach Fir (Ranníochach)	40	49	40	49	45	38	38
Sochar Báis	-	1	1	1	-	1	1
Deontas Méala	78	63	6	3	1	1	1
PINSIN IOMLÁNA	571	654	662	818	827	696	883
TACAÍOCHTAÍ IONCAIM AGUS FOSTAÍOCHTA DO DHAOINE IN AOIS OIBRE							
Liúntas Cuardaitheora Poist – Íocaíochtaí	2,644	2,610	2,058	2,031	1,676	1,570	1,445
Íocaíocht Idirthréimhseach Chuardaitheora Poist	-	-	34	43	41	70	75
Sochar Cuardaitheora Poist (Féinfhostaithe)	-	-	-	-	-	-	3
Liúntas Cuardaitheora Poist - Maoin	2,923	2,648	2,174	2,050	1,504	1,380	1,188
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	612	573	368	313	244	273	302
Pinsean Baintrí, Baintreach Fir (Neamh-Ranníochach)	30	24	25	26	23	18	17
Liúntas Banchéile Thréigthe	2	2	1	0	1	1	-
Liúntas Leasa Forlíontach	4,084	2,889	2,125	1,970	1,302	859	888
Cúnamh Feirme	286	214	201	196	130	84	111
Liúntas Réamhscoir	-	3	0	0	2	0	-
Sochar Cuardaitheora Poist	882	845	735	637	545	610	671
Sochar Banchéile Thréigthe	11	7	19	7	7	8	6
Sochar Máithreachais	26	19	71	87	84	40	38
Sochar Atharthachta	-	-	-	1	16	14	8
Sochar Uchtaíoch	-	1	0	0	2	1	-
An Scéim um Chúramaí Baile	1	0	0	0	-	-	-
Sochair Cóireála	5	0	3	5	1	2	2
Sochar Cumais Pháirtigh	70	33	42	42	38	75	131
IOMLÁN – TACAÍOCHTAÍ IONCAIM AGUS FOSTAÍOCHTA DO DHAOINE IN AOIS OIBRE	11,576	9,868	7,856	7,408	5,616	5,005	4,885
BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ							
Liúntas Míchumais	6,836	5,554	6,435	4,912	5,077	5,200	6,242
Pinsean na nDall	34	19	22	13	19	12	15
Liúntas Cúramóra	3,869	2,907	3,188	3,887	3,200	2,902	3,006
Liúntas Cúram Baile	1,688	1,301	1,258	1,198	1,199	1,432	1,656
Deontas Tacaíochta Cúramóra	176	133	124	164	164	126	165
Sochar Breoiteachta	1,761	1,227	1,204	819	443	581	916
Sochar Díobhála	21	9	65	56	51	44	53
Pinsean Easláine	4,501	2,571	1,857	1,362	1,381	1,387	1,874
Sochar Míthreorach	346	385	347	298	347	330	278
Forlíonadh Éagumais	14	1	12	9	7	7	1
Cúram Leighis	3	28	4	4	2	2	7
Sochar Cúramóra	115	121	93	95	110	162	244
IOMLÁN – BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ	19,364	14,256	14,609	12,817	12,000	12,185	14,457

Tábla 2: Achomhairc a fuarthas 2013-2019 (ar leanúint)

	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
LEANAÍ							
Sochar Linbh	663	659	552	595	473	485	552
Íocaíocht Teaghlaigh Oibre	421	434	447	510	477	290	1,441
Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair	-	-	64	52	43	43	29
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)	11	22	18	17	16	8	12
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	42	42	49	38	34	22	27
Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í	11	8	10	8	6	1	5
IOMLÁN - LEANAÍ	1,148	1,165	1,140	1,220	1,049	849	2,066
EILE							
Insurability Of Employment	95	91	156	151	132	86	92
Liabe Relative	23	33	26	23	9	4	5
Recoverable Benefits & Assistance	-	2	26	24	25	29	9
IOMLÁN - NA HACHOMHAIRC GO LÉIR	32,777	26,069	24,475	22,461	19,658	18,854	22,397

Tábla 3: Toradh Achomharc de réir catagóire 2019

	Ceadaithe	Ceadaithe go Páirteach	Cinneadh Leasaithe OB	Dícheadaithe	Ais-tarraingthe	Iomlán
PINSIN						
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníochach)	74 19.0%	24 6.2%	67 17.2%	194 49.7%	31 7.9%	390
Pinsean Stáit (Ranníochach)	40 10.2%	17 4.3%	81 20.6%	240 60.9%	16 4.1%	394
Pinsin Stáit (Aistriú)	- 00.0%	- 0.0%	- 0.0%	- 00.0%	1 100.0%	1
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníochach)	2 7.4%	1 3.7%	13 48.1%	7 25.9%	4 14.8%	27
Deontas Méala	- 0.0%	- 0.0%	- 0.0%	1 100.0%	- 0.0%	1
PINSIN IOMLÁNA	116	42	161	442	52	813
TACAÍOCHTAÍ IONCAIM / FOSTAÍOCHTA DO DHAOINE IN AOIS OIBRE						
Liúntas Cuardaitheora Poist - Íocaíochtaí	252 14.3%	61 3.5%	256 14.5%	934 53.0%	260 14.7%	1,763
Íocaíocht Idirthréimhseach Chuardaitheora Poist	9 11.8%	2 2.6%	17 22.4%	36 47.4%	12 15.8%	76
Liúntas Cuardaitheora Poist - Maoin	138 9.5%	59 4.1%	171 11.8%	850 58.7%	230 15.9%	1,448
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	63 19.6%	17 5.3%	48 15.0%	142 44.2%	51 15.9%	321
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Neamh-Ranníochach)	3 17.6%	3 17.6%	4 23.5%	5 29.4%	2 11.8%	17
Liúntas Banchéile Thréigthe	1 100.0%	- 00.0%	- 00.0%	- 00.0%	- 0.0%	1
Liúntas Leasa Forlíontach	178 18.3%	23 2.4%	144 14.8%	463 47.6%	165 17.0%	973
Cúnamh Feirme	13 12.3%	12 11.3%	18 17.0%	46 43.4%	17 16.0%	106
Sochar Cuardaitheora Poist	103 14.5%	29 4.1%	156 22.0%	346 48.7%	76 10.7%	710
Sochar Banchéile Thréigthe	4 66.7%	1 16.7%	- 0.0%	1 16.7%	- 0.0%	6
Sochar Máithreachais	8 22.2%	- 0.0%	6 16.7%	19 52.8%	3 8.3%	36
Sochar Atharthachta	1 10.0%	- 00.0%	1 10.0%	7 70.0%	1 10.0%	10
Sochar Uchtaíoch	0 0.0%	0 0.0%	0 0.0%	1 100.0%	0 0.0%	1
Sochair Cóireála	- 0.0%	- 0.0%	- 0.0%	- 0.0%	1 100.0%	1
Sochar Cumais Pháirtigh	22 22.2%	1 1.0%	34 34.3%	26 26.3%	16 16.2%	99
IOMLÁN - TACAÍOCHTAÍ IONCAIM/FOSTAÍOCHTA DO DHAOINE IN AOIS OIBRE	795	208	855	2,876	834	5,568

Tábla 3: Toradh Achomharc de réir catagóire 2018 (ar leanúint)

	Ceadaithe	Ceadaithe go Páirteach	Cinneadh Leasaithe OB	Dícheadaithe	Ais-tarraingthe	Iomlán
BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ						
Liúntas Míchumais	3,416 56.9%	78 1.3%	616 10.3%	1,801 30.0%	96 1.6%	6,007
Pinsean na nDall	1 8.3%	1 8.3%	1 8.3%	8 66.7%	1 8.3%	12
Liúntas Cúramóra	1,230 34.8%	158 4.5%	603 17.0%	1,468 41.5%	80 2.3%	3,539
Liúntas Cúram Baile	811 48.0%	10 0.6%	517 30.6%	321 19.0%	31 1.8%	1,690
Deontas Tacaíochta Cúramóra	49 32.2%	6 3.9%	25 16.4%	68 44.7%	4 2.6%	152
Sochar Breoiteachta	62 8.2%	7 0.9%	490 64.5%	163 21.4%	38 5.0%	760
Sochar Díobhála	8 16.7%	1 2.1%	18 37.5%	16 33.3%	5 10.4%	48
Pinsean Easláine	640 40.0%	9 0.6%	557 34.8%	339 21.2%	57 3.6%	1,602
Sochar Míthreorach	132 40.4%	30 9.2%	28 8.6%	131 40.1%	6 1.8%	327
Forlónadh Éagumais	1 16.7%	- 00.0%	- 00.0%	5 83.3%	- 0.0%	6
Cúram Leighis	- 0.0%	- 0.0%	6 85.7%	- 0.0%	1 14.3%	7
Sochar Cúramóra	67 29.6%	5 2.2%	63 27.9%	82 36.3%	9 4.0%	226
IOMLÁN - BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ	6,417	305	2,924	4,402	328	14,376
LEANAÍ						
Sochar Linbh	51 9.4%	18 3.3%	208 38.2%	241 44.2%	27 5.0%	545
Íocaíocht Teaghlaigh Oibre	125 11.7%	18 1.7%	491 46.0%	392 36.7%	42 3.9%	1,068
Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair	3 8.1%	1 2.7%	7 18.9%	23 62.2%	3 8.1%	37
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)	5 55.6%	1 11.1%	- 0.0%	3 33.3%	- 0.0%	9
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	8 32.0%	- 0.0%	5 20.0%	10 40.0%	2 8.0%	25
Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í	1 25.0%	- 0.0%	- 0.0%	3 75.0%	- 0.0%	4
IOMLÁN - LEANAÍ	193	38	711	672	74	1,688
EILE						
Inárachas	21 20.0%	1 1.0%	14 13.3%	50 47.6%	19 18.1%	105
Gaolta faoi Dhliteanas	1 20.0%	- 00.0%	- 0.0%	2 40.0%	2 40.0%	5
Sochair agus Cúnamh Inaisghabhála	- 0.0%	1 5.9%	4 23.5%	12 70.6%	- 0.0%	17
ACHOMHAIRC IOMLÁNA	7,543	595	4,669	8,456	1,309	22,572

Tábla 4: Achomhairc ar bun an 31 Nollaig 2013-2019

	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
PINSIN							
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	143	134	165	179	206	190	186
Pinsean Stáit (Ranníocach)	74	97	149	203	257	199	262
Pinsin Stáit (Aistriú)	26	9	4	1	1	1	-
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach)	25	15	24	13	27	25	36
Sochar Báis	0	1	1	1	-	0	1
Deontas Méala	40	17	0	1	1	1	1
PINSIN IOMLÁNA	308	273	343	398	492	416	486
TACAÍOCHTAÍ IONCAIM/ FOSTAÍOCHTA DO DHAOINE IN AOIS OIBRE							
Liúntas Cuardaitheora Poist – Íocaíochtaí	1,180	812	811	809	912	926	608
Íocaíocht Idirthréimhseach Chuardaitheora Poist	-	-	13	17	21	44	43
Liúntas Cuardaitheora Poist - Maoin	1,453	1,029	947	838	889	830	570
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	411	231	190	156	143	186	167
Sochar Cuardaitheora Poist (Féinfhostaithe)							3
Pinsean Baintrí, Baintreach Fir (Neamh-Ranníocach)	16	9	9	13	13	14	14
Liúntas Banchéile Thréigthe	1	1	-	-	1	1	-
Liúntas Leasa Forlíontach	1,221	877	672	610	563	375	290
Cúnamh Feirme	176	102	118	99	87	51	56
Liúntas Réamhscoir	1	2	1	1	2	0	-
Sochar Cuardaitheora Poist	391	243	290	223	289	303	264
Sochar Banchéile Thréigthe	3	5	6	2	4	6	6
Sochar Máithreachais	14	6	26	22	35	21	23
Sochar Atharthachta	-	-	-	1	9	7	5
Sochar Uchtaíoch	0	0	-	-	-	1	0
An Scéim um Chúramaí Baile	1	1	-	-	-	-	-
Sochair Cóireála	2	0	2	1	1	1	2
Sochar Cumais Pháirtigh	81	21	25	32	25	68	100
IOMLÁN - TACAÍOCHTAÍ IONCAIM AGUS FOSTAÍOCHTA DO DHAOINE IN AOIS OIBRE	4,951	3,339	3,110	2,824	2,994	2,834	2,151

Tábla 4: Achomhairc ar bun an 31 Nollaig 2013-2019 (ar leanúint)

	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ							
Liúntas Míchumais	3,121	1,944	1,639	1,376	1,519	1,713	1,948
Pinsean na nDall	13	6	10	4	8	6	9
Liúntas Cúramóra	1,913	1,434	1,131	1,394	1,178	1,370	837
Liúntas Cúram Baile	736	462	562	416	814	674	640
Deontas Tacaíochta Cúramóra	94	71	57	70	79	65	78
Sochar Breoiteachta	683	351	335	274	203	289	445
Sochar Díobhála	15	9	25	22	35	32	37
Pinsean Easláine	1,889	938	674	382	415	708	980
Sochar Míthreorach	186	164	160	87	184	185	136
Forlíonadh Éagumais	16	16	11	6	3	5	-
Cúram Leighis	18	14	1	2	2	3	3
Sochar Cúramóra	45	32	15	39	45	70	88
IOMLÁN - BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ	8,729	5,441	4,620	4,072	4,485	5,120	5,201
LEANAÍ							
Sochar Linbh	311	273	193	187	222	281	288
Íocaíocht Teaghlaigh Oibre	277	159	192	232	206	110	483
Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair	-	-	37	24	26	22	14
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)	7	9	7	4	5	4	7
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	24	17	18	14	15	13	15
Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í	7	1	4	1	5	1	2
IOMLÁN - LEANAÍ	626	459	451	462	479	431	809
EILE							
Inárachas Fostaíochta	124	99	148	160	153	144	131
Gaol faoi Dhliteanas	32	15	10	12	4	3	3
Sochair agus Cúnamh In-Aisghabhála	-	2	15	10	9	15	7
IOMLÁN - NA HACHOMHAIRC GO LÉIR	14,770	9,628	8,697	7,938	8,616	8,963	8,788

Tábla 5: Staitisticí achomhairc 1998 - 2019

STAITISTICÍ ACHOMHAIRC 1998 - 2019					
Bliain	Idir lámha ag tús na bliana	Faighte	Ualach Oibre	Críochnaithe	Idir lámha ag deireadh na bliana
1998	5,855	14,014	19,869	13,990	5,879
1999	5,879	15,465	21,344	14,397	6,947
2000	6,947	17,650	24,597	17,060	7,537
2001	7,537	15,961	23,498	16,525	6,973
2002	6,973	15,017	21,990	15,834	6,156
2003	6,156	15,224	21,380	16,049	5,331
2004	5,331	14,083	19,414	14,089	5,325
2005	5,325	13,797	19,122	13,418	5,704
2006	5,704	13,800	19,504	14,006	5,498
2007	5,498	14,070	19,568	13,845	5,723
2008	5,723	17,833	23,556	15,724	7,832
2009	7,832	25,963	33,795	17,787	16,008
2010	16,008	32,432	48,440	28,166	20,274
2011	20,274	31,241	51,515	34,027	17,488
2012	17,488	35,484	52,972	32,558	20,414
2013	20,414	32,777	53,191	38,421	14,770
2014	14,770	26,069	40,839	31,211	9,628
2015	9,628	24,475	34,103	25,406	8,697
2016	8,697	22,461	31,158	23,220	7,938
2017	7,938	19,658	27,596	18,980	8,616
2018	8,616	18,854	27,470	18,507	8,963
2019	8,963	22,397	31,360	22,572	8,788

Tábla 6: Amanna Próiseála Achomharc de réir Scéime Eanáir-Nollaig 2019

Scéim	An OALS (seachtain)	An Roinn (seachtain)	Achomharcóir (seachtain)	Iomlán (seachtain)
Sochar Uchtaíoch	25.5	3.8	4.4	33.7
Pinsean na nDall	15.4	17.9	-	33.3
Liúntas Cúramóra	8.9	14.0	0.3	23.2
Sochar Cúramóra	9.0	9.7	0.1	18.9
Sochar Linbh	13.1	17.8	0.1	30.9
Liúntas Míchumais	9.2	4.5	0.2	14.0
Sochar Breoiteachta	12.8	10.9	0.1	23.8
Sochar Cumais Pháirtigh	11.5	29.1	0.1	40.7
Liúntas Cúram Baile	9.8	14.1	0.3	24.1
Liúntas Banchéile Thréigthe	17.3	3.1	-	20.4
Sochar Banchéile Thréigthe	44.6	8.0	0.3	53.0
Cúnamh Feirme	19.0	20.3	0.1	39.4
Deontas Méala	37.4	2.4	-	39.7
Íocaíocht Teaghlaigh Oibre *	12.4	6.8	0.1	19.2
Pinsean Easláine	7.9	19.4	0.5	27.5
Gaolta faoi Dhhliteanas	14.4	13.8	-	28.3
Sochar Máithreachais	16.7	22.3	0.1	39.1
Sochar Atharthachta	13.1	19.7	-	32.8
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	20.6	17.6	0.1	38.2
Pinsean Stáit (Ranníocach)	16.0	20.2	0.2	36.4
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	17.2	10.8	0.4	28.5
Pinsin Stáit (Aistriú) **	99.8	8.9	-	108.7
Sochar Díobhálacha Ceirde	26.7	11.9	0.3	38.9
Sochar Míthreorach	16.7	10.2	0.3	27.2
Cúram Leighis	0.1	27.2	-	27.2
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	13.4	9.6	-	23.0
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)	21.7	5.3	0.2	27.2
Liúntas Cuardaitheora Poist (Maoin)	16.7	24.1	0.2	41.1
Liúntas Cuardaitheora Poist (Íocaíochtaí)	15.5	21.1	0.2	36.9
Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair	14.1	23.5	0.1	37.7
Íocaíocht Idirthréimhseach Chuardaitheora Poist	18.2	13.6	-	31.8

Tábla 6: Amanna Próiseála Achomharc de réir Scéime Eanáir-Nollaig 2019 (ar leanúint)

Scéim	An OALS (seachtain)	An Roinn (seachtain)	Achomharcóir (seachtain)	Iomlán (seachtain)
Sochair agus Cúnamh Inaisghabhála	14.1	18.7	-	32.9
Sochar Cuardaitheora Poist	14.8	14.7	0.1	29.5
Deontas Tacaíochta Cúramóra	10.4	12.4	0.1	22.9
Forlónadh Éagumais	15.1	8.6	-	23.7
Sochair Cóireála	0.1	11.1	-	11.0
Inárachas Fostaíochta	36.9	16.7	0.8	54.3
Liúntas Leasa Forlíontach	10.7	28.6	0.1	39.4
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach)	12.9	22.4	0.4	35.6
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Neamh-Ranníocach)	31.0	29.9	-	60.9
Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í	11.2	6.6	-	17.8
Gach Achomharc	11.6	13.0	0.2	24.7

* Tugadh Forlónadh Ioncam Teaghlaigh air roimhe seo

** Achomharc amháin a aistarraingíodh atá i gceist le Pinsean Stáit (Aistriú)

Tábla 7: Achomhairc nach raibh réitithe an 31 Nollaig 2019

Scéim	Ar bun san Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh	Ag feitheamh le freagairt ón Roinn	Ag feitheamh le freagairt ón Achomharcóir	Iomlán
Liúntas/Sochar Cuardaitheora Poist/ÍCP	499	416	0	915
LCP (Maoin)/Cúnamh Feirme	337	288	1	626
Liúntas Leasa Forlíontach	79	210	1	290
Liúntas Míchumais	1,578	368	2	1,948
Liúntas Cúramóra	587	248	2	837
Liúntas Cúram Baile	282	358	0	640
Pinsean Easláine	267	713	0	980
Sochar Breoiteachta	89	355	1	445
Sochar Linbh	88	200	0	288
Scéimeanna eile	1,112	705	2	1,819
Iomlán	4,918	3,861	9	8,788



Caibidil 3

An Oifig Achomhairc
Leasa Shóisialaigh
2019

GNÓ NA HOIFIGE

3.1 Eagrúchán

Acmhainní Soláthair Foirne

Bhí 85 ball foirne ag oibriú i m'Oifig ag deireadh na bliana 2019, líon arb ionann é agus 81.45 post coibhéise lánaimseartha (CLA).

Seo a leanas miondealú ar an soláthar foirne:

Poist	Coibhéis Lánaimseartha
Príomhoifigeach Achomhairc	1.0
Leas-Phríomhoifigeach Achomhairc	1.0
Bainisteoir na hOifige	1.0
42 Oifigeach Achomhairc (cúigear i mbun comhroinnt oibre)	40.75
2 Ardoifigeach Feidhmiúcháin	2.0
12 Oifigeach Feidhmiúcháin (triúr i mbun comhroinnt oibre)	11.4
26 Oifigeach Cléireachais (cúigear i mbun comhroinnt oibre)	24.3
Iomlán	81.45

3.2 Oiliúint agus Forbairt laistigh den Oifig Achomhairc

Is cúram casta dúshlánach atá ar Oifigeach Achomhairc agus éilíonn an cúram sin go ndéanfar raon mór feasa, scileanna agus inniúlachta a fhorbairt agus a fheidhmiú. Ní féidir an iomarca tábhachta a chur leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus ba thosaíocht í sin arís don Oifig i gcaitheamh na bliana 2019.

Rinne oiliúnóirí gairmiúla, a d'oibrigh i gcomhair le hOifigigh Achomhairc chleachta, clár foirmiúil oiliúna a fhorbairt d'Oifigigh Achomhairc le blianta beaga anuas. Chomh maith leis sin, déantar athbhreithniú ar an gclár go rialta agus é a nuashonrú leis an eolas is déanaí. Is éard atá sa chlár ná meascán de mhodúil ríomhfhoghlama agus modúil foghlama á soláthar go díreach ag oiliúnóir, chomh maith le meantóireacht agus piarthacaíocht. Is ar shlite éagsúla a ghabhann Achomhairc nuacheaptha agus Oifigigh Achomhairc chleachta i ngleic leis an gclár. Is gné uathúil luachmhar den chúram atá orthu í an deis foghlama ó thaithí dhaoine eile agus soláthar na piarthacaíochta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla laistigh den ghasra Oifigigh Achomhairc.

Pléann na modúil fhoirmiúla oiliúna le gach gné de chúram gar-bhreithiúnach an Oifigigh Achomhairc, lena n-áirítear:

- Ról agus feidhmeanna Oifigeach Achomhairc.
- Bainistíocht ar gach gné den phróiseas achomhairc, lena n-áirítear conas éisteacht ó bhéal a stiúradh.
- Gnéithe dlíthiúla ról Oifigeach Achomhairc.

Ceapadh 12 Oifigeach Achomhairc le m'Oifig in 2019 agus bhain siad leas as an gclár struchtúrtha oiliúna agus tacaíochta, inar cuireadh i ngach modúl leis an méid a foghlaimíodh sa mhodúl roimhe sin. Lena chois sin, chuir comhghleacaí ní ba chleachta ná iad tacaíocht fhoirmiúil mheantóireachta ar fáil do na hOifigigh Achomhairc nuacheaptha. De bhreis ar an oiliúint fhoirmiúil a cuireadh ar fáil, mar a dtugtar cuntas air i Mír 3.6, cuireadh deiseanna breise ar fáil chun eolas a roinnt le linn chruinnithe ghrúpa na nOifigeach Achomhairc i gcaitheamh na bliana.

Tá comhpháirtíocht oideachais ag an Roinn le Coláiste Náisiúnta na hÉireann chun sraith cláir chreidiúnaithe DCCÉ a fhorbairt agus a sholáthar d'fhoireann na Roinne a bhfuil róil túsline acu. Dámhachtain Shainchuspóireach Teastas Leibhéal 8 d'Oifigigh Achomhairc é ceann de na cláir fhaofa. Tá ábhar an chláir seo á dhearadh faoi láthair agus meastar go gcuirfear tús leis an gclár seo a thabhairt isteach sa dara leath den bhliain 2020.

Tá fáil ag na hOifigigh Achomhairc go léir ar an réimse iomlán ábhair thacaíochta oiliúna.

3.3 Feabhsú Próisis

Rinneadh iarrachtaí nach beag agus cuireadh acmhainní suntasacha ar fáil chun an próiseas achomhairc a athchóiriú le blianta beaga anuas. Mar thoradh air sin, tá feabhas tagtha ar amanna próiseála achomhairc maidir le gach scéim agus ghlac sé 26.9 seachtain (anuas ó 30 seachtain in 2018), ar an meán, chun cinneadh éisteachta ó bhéal a dhéanamh agus ghlac sé 22.1 seachtain (anuas ó 24.8 seachtain in 2018), ar an meán, chun cinneadh achomair a dhéanamh. Braitheann ár gcumas chun déileáil leis an ardmhéid achomhairc a fuarthas ar fhoireann m'Oifige agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil, arís eile, leo as an obair a rinne siad i gcaitheamh 2019. Faoi mar a bhí i gceist in 2018, chuaigh roinnt foireann taithíoch ar scor nó cuireadh deiseanna eile ar fáil dóibh i rith 2019. Nuair a chuirtear castacht an phróisis achomhairc san áireamh, glacann sé roinnt ama chun oiliúint a chur ar fhoireann nua agus chun go bhforbraíonn siad an leibhéal céanna de shaineolas a bhí ag an bhfoireann a d'fhág an Oifig. D'imir na tosca seo tionchar ar amanna próiseála, ar an iomlán, i rith 2019.

In 2018, bunaíodh tionscadal chun Próiseas nua Gnó Achomhairc Leasa Shóisialaigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, an bealach san áireamh a dhéanann an próiseas achomhairc idirghníomhú leis an Roinn. Tá de chuspóir ag an tionscadal chun an páipéar a úsáidtear sa phróiseas achomhairc a laghdú go suntasach trí chóras nua bainistíochta cáis a fhorbairt. Anuas air sin, cuirfidh an tionscadal acmhainní ar fáil ar líne chun seirbhís níos éifeachtúla agus níos cuíchóirithe a sholáthar do dhaoine a gcuireann m'Oifig seirbhísí ar fáil dóibh.

Bhí forbairt an Phróisis Ghnó Achomhairc nua ar bun in 2019 agus rinneadh dul chun cinn suntasach chun an próiseas nua a thabhairt chun críche.

3.4 Ceisteanna Oibríochtúla

Ceisteanna Parlaiminte

Cuireadh 312 Ceist Pharlaiminte (286 sa bhliain 2018) i ndáil le hobair m'Oifige i rith 2019. Tugadh freagra ar 228 ceist díobh sin i nDáil Éireann. Cuireadh 76 ceist ar aghaidh chuig limistéar cuí scéime na Roinne agus aistarraingíodh na hocht gcinn eile nuair a míníodh don Teachta Dála stádas reatha an achomhairc ab ábhar don cheist.

Comhfhreagras

Fuarthas 7,574 fiosrú agus uiríoll cruachóipe san iomlán ó achomharcóirí nó ó ionadaithe poiblí ar a son in 2019 (6,831 sa bhliain 2018).

Anuas air sin, fuarthas 15,848 fiosrú san iomlán ar ríomhphost in 2019 (14,256 in 2018)¹.

¹Áirítear leis an bhfigiúr 15,848 fiosrúcháin a fuarthas ar ríomhphost go díreach ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. .

Saoráil Faisnéise

Fuarthas 150 iarraidh fhoirmiúil san iomlán in 2019 (139 iarraidh sa bhliain 2018) faoi fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Astu sin, bhain 149 iarraidh le faisnéis phearsanta agus 1 iarraidh le faisnéis neamhphearsanta.

3.5 Aiseolas chuig an Roinn

Tagann roinnt deiseanna aníos i rith aon bhliana chun aiseolas a sholáthar don Roinn maidir le saincheisteanna a thagann chun solais nuair a bhíonn achomharc á dhéanamh agus cé go mbíonn go leor de na deiseanna siúd neamhfhoirmiúil, baineann tábhacht ollmhór leo, mar sin féin.

Áiríodh le deiseanna ní b'fhoirmiúla i rith 2019 chun aiseolas a sholáthar don Roinn freastal ar chruinnithe Bhord Clár Breoiteachta na Roinne, a dhéanann maoirseacht ar na saincheisteanna beartais agus próisis maidir le scéimeanna a bhfuil critéir leighis acu.

Cuirtear aiseolas ar fáil don Roinn, áfach, go príomha trí chruinnithe rialta le hOifig Chomhairleach Cinntí (OCC) na Roinne.

Cruinnithe leis an Oifig Chomhairleach Cinntí (an OCC)

Bhuail m'Oifig lena chéile roinnt uaireanta i rith 2019 le ceann an OCC agus lena foireann. Cuirtear fáilte mhór roimh an deis seo chun aiseolas a thabhairt agus chun saincheisteanna a eascraíonn ó na hachomhairc a phlé toisc go dtugann sé seans do m'Oifig seo béim a leagan ar shaincheisteanna nach dtiocfadh chun solais, b'fhéidir, ach amháin ar achomharc agus a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an bpróiseas iomlán cinnteoireachta.

Ar aon dul lenár gcomhaontú go mbeadh saincheisteanna a bhaineann leis an gceart atá ag duine chun cónaí sa Stát ina mbuanearra ar ár gcláir, pléadh roinnt saincheisteanna faoin teideal seo. Áiríodh leis an bplé, chomh maith, breithniú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn breithiúnais a dhéanann na Cúirteanna (na cúirteanna náisiúnta agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh) agus an gá atá lena chinntiú go nuashonraítear treoirlínte chun aon athruithe a chur san áireamh a eascraíonn as cásdlí nó foinsí eile.

D'fhreastail roinnt Oifigigh Achomhairc ar sheisiún oiliúna a d'eagraigh an OCC a bhí an-tairbhiúil agus ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl do cheann an OCC as freastal ar an seisiún a éascú.

I measc na saincheisteanna eile a pléadh, bhí:

- Caighdeán agus comhsheasmhacht ár gcinntí, faoi seach;
- Forálacha áirithe an Achta Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 a léirmhíniú;
- An dualgas atá ar chustaiméirí chun eolas a sholáthar don Roinn ag céim an éilimh agus an oibleagáid leanúnach atá orthu chun aon athruithe ar chúinsí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do theidlíocht d'íocaíocht a thabhairt le fios. I measc na saincheisteanna a tháinig chun solais, bhí asláithreacht ón Stát, teip ar mhaoin a nochtadh agus teip ar cháipéisí taistil a sholáthar;
- Deacrachtaí a eascraíonn as foirmeacha iarratais neamhiomlána; agus
- Saincheisteanna a bhaineann le scéimeanna ar leith arb ábhar spéise iad don dá Oifig.

3.6 Cruinnithe Oifigigh Achomhairc

Foráiltear sna Rialacháin a rialaíonn an próiseas achomhairc go bhféadfaidh an Príomhoifigeach Achomhairc cruinnithe a thionól le hOifigigh Achomhairc d'fhonn plé a dhéanamh ar nithe a bhaineann le comhlíonadh a bhfeidhmeanna, lena n-áirítear ach go háirithe comhsheasmhacht a bhaint amach i bhfeidhmiú na bhforálacha reachtúla.

Tionóladh dhá chruinniú fhoirmiúla den ghasra Oifigigh Achomhairc in Aibreán agus i Samhain 2019 chomh maith le roinnt cruinnithe neamhfoirmiúla i gcaitheamh na bliana. Ós rud é go bhfuil cuid mhaith dár nOifigigh Achomhairc lonnaithe lasmuigh dár gceanncheathrú i mBaile Átha Cliath agus gur sannadh roinnt Oifigigh Achomhairc don Oifig seo le déanaí, thug na cruinnithe sin deis luachmhar dúinn eolas agus taithí a roinnt, saincheisteanna is díol suime dúinn go léir a phlé agus an dea-chleachtas sa chinnteoireacht a chur chun cinn.

Is gné mhór i gcónaí d'obair m'Oifige í an chomhsheasmhacht sa chinnteoireacht, go háirithe i ndáil leis na ceisteanna a éilíonn leibhéal ard breithiúnais agus léirléimh ar an reachtaíocht. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, caitheadh cuid dár gcuid ama ag an dá chomhdháil in 2019 leis an gceist seo a phlé. Rinne roinnt comhghleacaithe ón Roinn cur i láthair ag comhdháil an Aibreáin ar an scéim Sochar Cuardaitheora Poist (Féinfhostaithe) a thabhairt isteach.

Ba dheis luachmhar é seo d'Oifigigh Achomhairc chun tuiscint a fháil ar an scéim sular tugadh isteach í an 1 Samhain 2019.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do chomhghleacaithe sa Roinn as freastal ar ár gcomhdhála agus as a gcuir i láthair an-eolasacha ar an scéim nua.

Ós rud é nár sannadh cuid de na hOifigigh Achomhairc don Oifig seo ach le fíordhéanaí, baineadh úsáid as cur chuige ceardlainne ag comhdháil na Samhna mar bhealach chun eolas a fhorbairt agus a aistriú agus comhthuiscint a fháil ar na saincheisteanna a thagann chun solais ar achomhairc. I measc na saincheisteanna a pléadh, bhí na critéir leighis do scéimeanna áirithe, forálacha maidir le hasláithreachtaí ón Stát agus an tionchar a imríonn é seo ar theidlíocht. Chuir grúpa Oifigigh Achomhairc a dhéileáil le hachomhairc ar shaincheisteanna a bhaineann le hinárachas fostaíochta ceardlann ar bun ag an tráth céanna agus chuir a gcuid oibre le roinnt cruinnithe neamhfhoirmiúla an ghrúpa seo maidir leis an tsaincheist seo i gcaitheamh na bliana.

3.7 Cásdlí ó na Cúirteanna

Thug na comhdhála deis úsáideach do na hOifigigh Achomhairc gnéithe éagsúla de bhreithiúnais na gCúirteanna a bhreithniú, a phlé agus a shoiléiriú.

Ag an gcomhdháil i mí na Samhna, pléadh breithiúnais a thug an Chúirt Uachtarach an 21 Samhain 2019. An cheist a bhí os comhair na Cúirte an t-am sin ná cibé acu arbh fhéidir nó nárbh fhéidir íocaíocht Sochair Linbh a choinneáil siar maidir le leanaí le saoránach Éireannach a raibh cónaí orthu sa Stát agus a chomhlíon gach coinníoll reachtúil eile, mar gheall ar stádas inimirce an tuismitheora a raibh an sochar sin á éileamh acu.

D'éascair na cásanna as breithiúnais a tugadh sa Chúirt Achomhairc an 5 Meitheamh 2018 maidir le dhá chás a bhain le Sochar Linbh. Rinne an Chúirt Achomhairc an cinneadh gur cheart Sochar Linbh a shiardhátú maidir le beirt leanaí ar measadh go raibh teidlíocht don sochar acu maidir le tréimhsí nach raibh an ceart ag tuismitheoirí na leanaí a bhí i gceist chun cónaí sa Stát. I ndiaidh go ndearnadh achomhairc in aghaidh na mbreithiúnas sin, cheadaigh an Chúirt Uachtarach d'aon ghuth achomhairc an Stáit sa dá chás.

3.8 Dlíthíocht

Rinneadh 7 n-iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ar chinntí sa bhliain 2019 agus tá na cásanna seo go léir ar bun go fóill.



Caibidil 4: Cás-Staidéir Réamhrá

Is éard atá sna cás-staidéir sa Chaibidil seo ná sampla d'achomhairc a cinneadh le linn na bliana 2019. Pléann m'Oifig le hachomhairc a chlúdaíonn grúpa leathan éagsúil daoine lena n-áirítear teaghlaigh, daoine fostaithe, cuardaitheoirí poist, daoine a bhfuil breoiteacht orthu agus faoi mhíchumas, cúramóirí agus daoine scothaosta. Ní foláir go leor achomharc a thagann os comhair na nOifigeach Achomhairc a mheas i gcomhthéacs reachtaíocht an AE, go háirithe rialacha Chomhordú Slándála Sóisialaí an AE a chuimsítear i Rialachán 883/2004 an AE agus forálacha Threoir an AE maidir le Cónaí 2004/38/CE a bhaineann leis an gceart chun cónaí sa Stát.

Éiríonn gach achomharc leasa shóisialaigh as cinntí neamhfhabhreacha a bheith déanta ar shaincheisteanna teidlíochta. I bhfianaise a chasta atá na saincheisteanna a thagann chun cinn, ní bheadh sé indéanta iad ar fad a chlúdach i gcás-staidéir na tuarascála seo. Rinne mé iarracht mar sin féin sampla ionadaíoch a chur ar fáil a chlúdaíonn cineálacha íocaíochta agus saincheisteanna a thagann chun cinn ar fud raon na scéimeanna, idir Shochar Linbh agus Phinsean Stáit. Baineann na cásanna seo a leanas le réimse leathan critéar ar ar measúnaíodh teidlíocht, lena n-áirítear gnáthchónaí sa Stát, measúnú ar mhaoin, fianaise leighis, cúram atá de dhíth agus/nó á thabhairt agus coinníollacha ranníocaíochtaí ÁSPC.

Féadfar achomhairc a chinneadh ar bhonn achomair, faoi threoir na fianaise cáipéisí atá ar fáil, nó trí éisteacht ó bhéal. Tagraíonn cás-staidéir na Caibidle seo don dá chineál cinneadh achomhairc. San áireamh freisin tá sampla de chásanna a bhí ina n-ábhar athbhreithnithe agamsa faoi Alt 318 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005. Tugtar tuairisc ghairid ar gach achomharc thíos. Ní luaitear sonraí pearsanta sa chaoi nach n-aithneofar na hachomharcóirí. Is cóir a thuiscint gur tagairtí don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS) atá sna tagairtí don Roinn. Is cóir a thuiscint gur tagairt do chinntí arna ndéanamh ag Oifigigh Bhreithiúnachta na Roinne nó ag Daoine Ainmnithe i gcás an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh iad tagairtí do chinntí arna ndéanamh ag an Roinn.

Foráiltear don bhonn reachtaíochta do scéim leasa shóisialaigh san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005. Tagraíonn aon tagairt sna cás-staidéir atá sa Chaibidil seo d'Acht 2005 don Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005.

Tagairt ghearr do na cás-staidéir faoi thrácht atá san Innéacs seo a leanas.

4.1 Leanáí agus an Teaghlach	
2019/01 Sochar Linbh	An Cheist: Siardhátú
2019/02 Sochar Linbh	An Cheist: Siardhátú (coinníoll an ghnáthchónaithe)
2019/03 Sochar Linbh	Leanbh Cáilithe - Gnáthchónaí
2019/04 Liúntas Cúram Baile	An Cheist: Leanbh cáilithe - leibhéal cúraim a theastaíonn
2019/05 Liúntas Cúram Baile	An Cheist: Siardhátú
2019/06 Liúntas Cúram Baile	An Cheist: Leanbh cáilithe - leibhéal cúraim a theastaíonn
2019/07 Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	An Cheist: Siardhátú

4.2 Aois Oibre – Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí	
2019/08 Pinsean Easláine	An Cheist: Incháilitheacht (leigheas)
2019/09 Pinsean Easláine	An Cheist: Incháilitheacht (leigheas)
2019/10 Pinsean Easláine	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/11 Pinsean Easláine	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/12 Pinsean Easláine	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/13 Pinsean Easláine	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/14 Sochar Breoiteachta	An Cheist: Cáilitheacht (ranníocaíochtaí)
2019/15 Sochar Breoiteachta	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/16 Liúntas Míchumais	An Cheist: Cáilitheacht (maoin)
2019/17 Liúntas Míchumais	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/18 Liúntas Míchumais	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/19 Liúntas Míchumais	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/20 Liúntas Míchumais	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/21 Liúntas Míchumais	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/22 Liúntas Míchumais	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/23 Liúntas Míchumais	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/24 Liúntas Míchumais	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/25 Liúntas Míchumais	An Cheist: Cáilitheacht (coinníoll an ghnáthchónaithe)
2019/26 Liúntas Míchumais	An Cheist: Cáilitheacht (coinníoll an ghnáthchónaithe - ceart chun cónaí)
2019/27 Liúntas Cúramóra	An Cheist: Cáilitheacht (cúram a cuireadh ar fáil)

2019/28 Liúntas Cúramóra	An Cheist: Cáilitheacht (cúram a theastaigh agus a cuireadh ar fáil)
2019/29 Liúntas Cúramóra	An Cheist: Cáilitheacht (cúram a theastaigh)
2019/30 Liúntas Cúramóra	An Cheist: Cáilitheacht (cúram a theastaigh)
2019/31 Deontas Tacaíochta Cúramóra	An Cheist: Cáilitheacht
2019/32 Sochar Cúramóra	An Cheist: Cáilitheacht (cúram a theastaigh)
2019/33 Sochar Míthreorach (Sochar Díobhálacha Ceirde)	An Cheist: Cáilitheacht (cumas a chailleadh)

4.3 Tacaíochtaí Ioncaim in Aois Oibre	
2019/34 Íocaíocht Teaghlaigh Oibre	An Cheist: Cáilitheacht (maoin)
2019/35 Íocaíocht Teaghlaigh Oibre	An Cheist: Cáilitheacht (leanbh cáilithe - oideachas lánaimseartha)
2019/36 Sochar Cumais Pháirtigh	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/37 Sochar Cumais Pháirtigh	An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)
2019/38 Liúntas Cuardaitheora Poist	An Cheist: Cáilitheacht (teip ar fhreastal ar chruinnithe gníomhachtaithe)
2019/39 Liúntas Cuardaitheora Poist	An Cheist: Cáilitheacht (maoin)
2019/40 Liúntas Cuardaitheora Poist	An Cheist: Cáilitheacht (teip ar fhreastal ar chruinnithe gníomhachtaithe)
2019/41 Sochar Cuardaitheora Poist	An Cheist: Cáilitheacht (caillteanas substainteach fostaíochta)
2019/42 Sochar Cuardaitheora Poist	An Cheist: Rátaí laghdaithe Sochar Cuardaitheora Poist a bhronnadh
2019/43 Sochar Cuardaitheora Poist	An Cheist: Siardhátú
2019/44 Liúntas Cuardaitheora Poist	An Cheist: Cáilitheacht (oideachas lánaimseartha)
2019/45 Liúntas Leasa Forlíontach	An Cheist: Cáilitheacht (maoin)
	Question at issue: Eligibility
2019/46 Liúntas Leasa Forlíontach	An Cheist: Cáilitheacht (cibé acu ar nó nár neamhleor maoin achomharcóra)
2019/47 Cúnamh Feirme	An Cheist: Cáilitheacht (maoin)
2019/48 Cúnamh Feirme	An Cheist: Cáilitheacht (maoin)
2019/49 Cúnamh Feirme	An Cheist: Cáilitheacht (maoin)
	Question at issue: Overpayment
2019/50 Cúnamh Feirme	An Cheist: Ró-Íocaíocht
2019/51 Cúnamh Feirme	An Cheist: Cáilitheacht (fad a bhíonn céile ag glacadh páirte i Scéim Shóisialta Tuaithe)

4.4 Daoine ar Scor, Daoine Breacaosta agus Daoine Eile	
2019/52 Pinsean Stáit (Ranníocach)	An Cheist: Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe a Shiardhátú
2019/53 Pinsean Stáit (Ranníocach)	An Cheist: Cáilitheacht do Mhéadú do Dhuine Fásta Cáilithe
2019/54 Pinsean Stáit (Ranníocach)	An Cheist: Cáilitheacht (ranníocaíochtaí)
2019/55 Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	An Cheist: Cáilitheacht (Ceart chun cónaí/ Coinníoll an Ghnáthchónaithe)
2019/56 Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	An Cheist: Cáilitheacht (maoin)
2019/57 Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Neamh-Ranníocach)	An Cheist: Cáilitheacht (comhchónaí)

4.5 Inárachas Fostaíochta	
2019/58 Inárachas	An Cheist: Cibé acu an raibh oibrí fostaithe nó féinfhostaithe
2019/59 Inárachas	An Cheist: Dlíteanas do Ranníocaíochtaí ÁSPC

4.6 Athbheithnithe faoi Alt 318 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005	
2019/318/60 Liúntas Leasa Forlíontach	An Cheist: Teidlíocht d'Fhorlíonadh Cíosa
2019/318/61 Sochar Máithreachais	An Cheist: Cáilitheacht (ranníocaíochtaí)
2019/318/62 Liúntas Míchumais	An Cheist: Cáilitheacht (Ceart chun Cónaí)
2019/318/63 Liúntas Cúramóra	An Cheist: Cáilitheacht (cúram a theastaigh)
2019/318/64 Liúntas Cuardaitheora Poist	An Cheist: Teidlíocht (ráta pionóis)
2019/318/65 Inárachas Fostaíochta	An Cheist: Aicme ranníocaíocht ÁSPC atá le híoc
2019/318/66 Sochar Cuardaitheora Poist	An Cheist: Coinníoll an chirt do shochar (aitheantas)
2019/318/67 Íocaíocht Teaghlaigh Oibre	An Cheist: Ioncam seachtainiúil teaghlaigh a ríomh
2019/318/68 Pinsean Easláine	An Cheist: Cáilitheacht (féinfhostaithe)
2019/318/69 Liúntas Cúram Baile	An Cheist: Cáilitheacht (leanbh cáilithe)
2019/318/70 Inárachas Fostaíochta	An Cheist: Cibé acu an raibh oibrí fostaithe faoi chonradh do sheirbhísí nó conradh seirbhíse

4.1 Cás-Staidéir

Leanaí agus an
Teaghlach

2019/01 Cinneadh Achomair faoi Shochar Linbh

An Cheist: Siardhátú

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir, náisiúnach neamh-AE, éileamh ar Shochar Linbh i mBealtaine 2018. Bronnadh a héileamh ó Mheitheamh 2018, mí i ndiaidh go bhfuarthas a héileamh. Chuir an t-achomharcóir an Roinn ar an eolas ina foirm iarratais gur tháinig sí go hÉirinn i mí na Nollag 2016. Thaistil sí abhaile ansin agus bhí sí lasmuigh den Stát ó Fheabhra 2017 go Meitheamh 2017 agus arís ó Dheireadh Fómhair 2017 go hEanáir 2018. D'iarr an t-achomharcóir go ndéanfaí breithniú ar a héileamh ó Eanáir 2017 go dtí an mhí i ndiaidh di teacht go hÉirinn an chéad uair. Níor cheadaigh an Roinn an siardhátú don tréimhse ó Eanáir 2017 go Bealtaine 2018, áfach, mar gheall gur ceapadh nár thug an t-achomharcóir 'cúis mhaith' leis an moill a bhí ar an éileamh a dhéanamh. Mhaígh an Roinn go bhfoilsíonn sí bileoga faisnéise chomh fairsing agus is féidir, go bhfógraíonn sí athruithe ar an reachtaíocht sna nuachtáin náisiúnta agus go gcuirtear faisnéis ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne maidir leis an teidlíocht d'íocaíochtaí.

Breithniú: Foráiltear le hAlt 241 den Acht nach mór éileamh ar Shochar Linbh a dhéanamh laistigh de dhá mhí dhéag i ndiaidh go ndéantar duine cáilithe de dhuine laistigh de bhrí alt 220 d'Acht 2005. Nuair nach ndéantar an t-éileamh laistigh den tréimhse fhorordaithe, dícháilítear duine ó íocaíocht a fháil maidir le haon lá roimh an dáta ar a ndéantar an t-éileamh.

Shocraigh an tOifigeach Achomhairc nach bhféadfaí a mheas gur duine cáilithe a bhí san achomharcóir chun Sochar Linbh a fháil do na tréimhsí a bhí sí lasmuigh den Stát agus go ndearnadh duine cáilithe di nuair a d'fhill sí ar an Stát in Eanáir 2018. Rinne an t-achomharcóir a héileamh i mBealtaine 2018, a bhí laistigh de 12 mhí i ndiaidh go ndearnadh duine cáilithe di. Ar an ábhar sin, chinn an tOifigeach Achomhairc gur cheart a héileamh a bhronnadh ó Fheabhra 2018, an mhí i ndiaidh go ndearnadh duine cáilithe di, faoi mar a leagtar amach in Acht 2005.

Toradh: Ceadaithe go páirteach

2019/02 Cinneadh Achomair faoi Shochar Linbh

An Cheist: Siardhátú (Coinníoll an Ghnáthchónaithe)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Shochar Linbh i mBealtaine 2018 agus bronnadh an sochar uirthi ó Mhárta 2018. D'iarr an t-achomharcóir go ndéanfaí a héileamh a shiardhátú go dtí Márta 2014, an dáta a rinne sí iarratas ar a stádas inimirce a cheadú. Mar gheall nach raibh cead ag an achomharcóir chun fanacht sa Stát roimh Mhárta 2018, ní fhéadfaí a mheas go raibh gnáthchónaí uirthi faoin reachtaíocht Leasa Shóisialaigh.

4.1 Cás-Staidéir: Leanaí agus an Teaghlach

Breithniú: Foráiltear in Alt 220 (3) d'Acht 2005 nach mór gnáthchónaí a bheith ar dhuine sa Stát ar mhaithe le teidlíocht do Shochar a dheimhniú.

Tugtar cuntas in Alt 246 d'Acht 2005 ar na forálacha maidir le gnáthchónaí, nach measfar go bhfuil gnáthchónaí ar dhuine sa Stát nach bhfuil an ceart aige/aici chun gnáthchónaí sa Stát ina measc. Foráiltear in Alt 246(8) d'Acht 2005, chomh maith, sa chás go ndéonaítear cead do dhuine chun fanacht sa Stát, ní mheasfar go bhfuil gnáthchónaí air/uirthi d'aon tréimhse roimh an dáta a deonaíodh an dearbhú nó an cead atá i gceist.

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur deonaíodh cead don achomharcóir chun fanacht sa Stát ó Mhárta 2018 ach nach raibh aon cead den saghas aige/aici roimh an dáta seo.

Cé gur thug an tOifigeach Achomhairc an maíomh a rinneadh thar ceann an achomharcóra faoi deara go raibh moill iomarcach ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun a hiarratas a phróiseáil ar stádas inimirce, chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh sí faoi cheangal ag an reachtaíocht Leasa Shóisialaigh. Ceanglaítear sa reachtaíocht go mbíonn gnáthchónaí sa Stát ar an duine a bhfuil an t-iarratas ar Shochar Linbh á dhéanamh aige/aici. Dheimhnigh an fhianaise nach raibh cead ag an achomharcóir chun fanacht sa Stát roimh Mhárta 2018. Chuir forálacha na reachtaíochta rialaithe cosc ar Shochar Linbh a bhronnadh ó dháta ní ba luaithe faoi na cúinsí siúd.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/03 Cinneadh Achomair faoi Shochar Linbh

An Cheist: Leanbh Cáilithe – Gnáthchónaí

Cúlra: Bhí Sochar Linbh á fháil ag an achomharcóir maidir lena leanaí a dícheadaíodh ar feadh tréimhse idir Meán Fómhair 2018 agus Aibreán 2019. D'fhág an teaghlach an Stát i Lúnasa 2018 agus níor measadh go raibh gnáthchónaí ar na leanaí a thuilleadh sa Stát. Níor cuireadh an Roinn ar an eolas ar an asláithreachta a beartaíodh ón Stát ná ar fhad dóchúil na hasláithreachta agus leanadh leis an sochar a íoc i rith na hasláithreachta. I ndiaidh an cinneadh a athbhreithniú, thug an Roinn, ag brath ar Alt 302(b) d'Acht 2005, ró-íocaíocht de bhreis ar €5,000 chun solais, chomh maith. San aighneacht lena hachomharc, thug an t-achomharcóir cuntas ar na himeachtaí ba chúis le hasláithreachta an teaghlach ón Stát, lena áiríodh obair a lorg i Stát eile an AE, cuairt a thabhairt ar a clann i Meiriceá, páirt a ghlacadh i gclár oiliúna agus Éire a fhágáil ar deireadh thiar chun oibriú i dtír eile.

Breithniú: Foráiltear in Alt 219 (1) d'Acht 2005 'leanbh cáilithe a bheith i leanbh chun críocha Sochar Linbh nuair a bhíonn gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát'.

Ní thugtar sainmhíniú ar an téarma 'gnáthchónaí' sa reachtaíocht agus aird ar is féidir le cinnteoirí iarratas a dhéanamh faoi na cúinsí siúd agus aird ar chúinsí an cháis aonair, fad na hasláithreachta ina measc.

Mhaígh an tOifigeach Achomhairc, agus aird ar fhad na hasláithreachta, fad 6 mhí, nach bhféadfaí a rá go raibh gnáthchónaí ar na leanaí sa chás seo sa Stát agus nach raibh aon fhorais faoi na cúinsí siúd leis an achomharc a cheadú. Seasadh leis an ró-íocaíocht, chomh maith, faoi mar a ndearna an Roinn measúnú uirthi.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/04 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Cúram Baile

An Cheist: Leanbh Cáilithe (leibhéal cúraim a theastaíonn)

Cúlra: Dhícheadaigh an Roinn iarratas an achomharcóra ar Liúntas Cúram Baile maidir lena leanbh, a bhí bliain d'aois, ar an mbunús nár shásaigh sí na coinníollacha cáilitheacha mar gheall nár thug an fhianaise le fios gur sháraigh an leibhéal de chúram breise a theastaigh óna leanbh an leibhéal sin a theastaíonn ó leanbh den aois chéanna nach raibh faoi mhíchumas.

Deimhníodh sa tuairisc liachta a chomhlánaigh an Dochtúir Ginearálta gur diagnósíodh go raibh duán diospláiseach ar an leanbh agus go raibh sé ag freastal ar an ospidéal. Léiríodh sa tuarascáil, chomh maith, go raibh cógas ordaithe á glacadh ag an leanbh agus nach raibh an cógas seo á ghlacadh a thuilleadh aige agus thug an phróifíl chumais le fios gurbh ionann cumas an linbh agus gnáthchumas agus nach ndearna a riocht difear dó. Seoladh fianaise bhreise liachta ar aghaidh, litreacha ó Shainchomhairleoir ina measc a dheimhnigh diagnóis an linbh agus a mhaígh go raibh ag éirí go maith leis agus gur bhain sé a chuid garspriocanna go léir amach agus gur scaoileadh é ó chúram a DG.

Sheol an t-achomharcóir tuairisc liachta nuashonraithe ar aghaidh mar fhorais achomhairc a thug le fios go ndearna riocht an linbh difear trom dá bheathú/chothú agus gur ghnáthchumas a bhí i gceist leis an gcumas go léir eile.

Breithniú: Foráiltear in Alt 186C(1) d'Acht 2005 gur leanbh cáilithe é duine nár bhain aois 16 bliana amach go fóill chun críocha Liúntas Cúram Baile a íoc nuair (a) tá an leanbh faoi mhíchumas trom óna dteastaíonn cúram agus aird leanúnach nó leantach a sháraíonn go mór an cúram agus aird a theastaíonn ó leanbh den aois chéanna de ghnáth, (b) is dóchúil go dteastaíonn cúram agus aird lánaimseartha ón leanbh ar feadh 12 mhí i ndiaidh a chéile mar gheall ar an leibhéal míchumais is cúis leis an míchumas trom sin. Thug an tOifigeach Achomhairc an fhianaise go léir faoi deara, an fhianaise liachta ina measc agus i ndiaidh amhlaidh a dhéanamh mhaígh sé, cé go raibh mac an achomharcóra 12 mhí d'aois ag dáta an éilimh, agus go raibh roinnt riachtanais aige maidir le cúram breise, níor tugadh le tuiscint san fhianaise go raibh sé faoi mhíchumas trom ná gur imir an míchumas sin tionchar chomh trom sin air gur theastaigh cúram agus aird leanúnach nó leantach uaidh, a sháraigh go mór an cúram agus an aird a theastaíonn de ghnáth ó leanbh den aois chéanna.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/05 Liúntas Cúram Baile

An Cheist: Siardhátú

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Liúntas Cúram Baile in Eanáir 2018 maidir lena mac. Bronnadh an t-éifeacht le héifeacht ó Fheabhra 2018. Anuas air sin, mhaígh an tOifigeach Breithiúnachta go raibh cúis mhaith leis an moill a bhí ar an éileamh a dhéanamh agus rinneadh an íocaíocht a shiardhátú go dtí Lúnasa 2017. Rinne an t-achomharcóir dáta an bhronnta a achomharc. Rinne sí tagairt do stair leighis a mic, an mhoill a bhí ar dhiagnóis a fháil, an gá a bhí aige le cúram agus aird leanúnach agus costais ghaolmhara. Sheol an t-achomharcóir cóip de thuairisc Theiripe Urlabhra agus Teanga dar dáta 2014 agus cóip de na costais a bhí ar a mac a thabhairt chuig speisialtóir ar aghaidh.

Breithnithe: Bhain an cheist a cuireadh faoi bhráid an Oifigigh Achomhairc leis an dáta a bronnadh Liúntas Cúram Baile agus an iarraidh a rinne an t-achomharcóir go ndéanfaí íocaíocht ó dháta neamhshonraithe níos luaithe. Ceadaítear sa reachtaíocht Leasa Shóisialaigh chun éilimh ar Liúntas Cúram Baile a shiardhátú a fhaide le tréimhse 6 mhí nuair a thugtar cúis mhaith leis an moill a bhí ar éileamh a dhéanamh. I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise, thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go ndearna an tOifigeach Breithiúnachta éileamh an achomharcóra a shiardhátú ar feadh 6 mhí, arb é sin an tréimhse uasta a cheadaítear faoin reachtaíocht Leasa Shóisialaigh. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara, chomh maith, nach raibh aon bhonn sa reachtaíocht chun íocaíocht a shiardhátú níos faide ná 6 mhí.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/06 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Cúram Baile

An Cheist: Leanbh Cáilithe (leibhéal cúraim a theastaíonn)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Liúntas Cúram Baile i Márta 2019 maidir lena mac 8 mbliana d'aois. Dícheadaíodh a héileamh ar an mbunús nár measadh gur leanbh cáilithe a bhí ina mac faoin reachtaíocht rialaithe. Foráiltear in Alt 186C d'Acht 2005 gur leanbh cáilithe é duine nár bhain aois 16 bliana amach go fóill chun críocha Liúntas Cúram Baile a íoc nuair (a) tá an leanbh faoi mhíchumas trom óna dteastaíonn cúram agus aird leanúnach nó leantach a sháraíonn go mór an cúram agus aird a theastaíonn ó leanbh den aois chéanna de ghnáth, (b) is dóchúil go dteastaíonn cúram agus aird lánaimseartha ón leanbh ar feadh 12 mhí i ndiaidh a chéile mar gheall ar an leibhéal míchumais is cúis leis an míchumas trom sin.

Ina hiarratas ar Liúntas Cúram Baile, thug an t-achomharcóir cuntas ar riachtanais chúraim a mic agus luaigh sí go raibh deacracht mhór aige siúl agus staighre a dhreapadh. Theastaigh cúnaimh rialta uaidh ar scoil agus bhí teacht aige ar Chúntóir Riachtanas Speisialta (CRS) i gcaitheamh an lae. Deimhníodh sa tuairisc liachta a chomhlánaigh an Dochtúir Ginearálta gur diagnóisíodh go raibh diospraicse ar an leanbh. Tugadh le fios sa phróifíl chumais a cuimsíodh i dtuairisc an DG go raibh difear mór á dhéanamh do mhac an achomharcóra i dtaobh deaslámhachta, a lámh a shíneadh/rudaí a chrochadh ón talamh/a iompar agus staighre a dhreapadh agus gur imir seo tionchar trom ar scileanna sóisialta, scileanna mínluaile agus scileanna oll-luaile agus gur chruthaigh sé saincheisteanna céadfacha.

Breithniú: Is féidir Liúntas Cúram Baile a íoc maidir le leanbh óna dteastaíonn cúram agus aird leanúnach nó leantach a sháraíonn go mór an cúram agus aird a theastaíonn ó leanbh den aois chéanna de ghnáth, agus nuair is dóchúil go dteastaíonn cúram agus aird lánaimseartha ón leanbh ar feadh 12 mhí i ndiaidh a chéile mar gheall ar an leibhéal míchumais is cúis leis an míchumas trom sin.

Chuir an tOifigeach Achomhairc an fhianaise go léir i gcuntas, tuairisc an DG, litir ó Theiripeoir Saothair an linbh agus litir ó scoil an linbh ina measc. I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir, chinn an tOifigeach Achomhairc gur deimhníodh gur sásaíodh an gá a bhí le cúram substainteach breise ar bhonn leanúnach, faoi mar a bhforáiltear dó sa reachtaíocht rialaithe.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/07 Éisteacht ó Bhéal maidir le hÍocaíocht Teaghlach Aontuismitheora

An Cheist: Siardhátú

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora i nDeireadh Fómhair 2018 maidir lena mac a rugadh in Eanáir 2018 agus bronnadh íocaíocht air ó dháta an iarratais. D'iarr an t-achomharcóir ina hiarratas go ndéanfaí íocaíocht a shiardhátú go dtí Feabhra 2018, an mhí i ndiaidh gur rugadh ar a mac.

Dhiúltaigh an Roinn an t-iarratas chun an t-éileamh a shiardhátú go dtí Feabhra 2018 ar an mbunús nach ndearna an t-achomharcóir an t-éileamh ar an mbealach a fhorordaítear sa reachtaíocht rialaithe agus nár léirigh sí go raibh cúis mhaith ann leis an moill a bhí ar a héileamh a dhéanamh.

Éisteacht ó Bhéal: Luaigh an t-achomharcóir go raibh sí trína chéile nuair a rugadh a mac mar gheall nár chodail sé agus nach raibh sí in ann codladh ar feadh 18-20 uair an chloig beagnach gach lá. Bhí uirthi cóiríocht a athrú gan ach gearrfhógra a fháil agus bhí sí traochta an chuid is mó den am. Luaigh DG an achomharcóra i litir go raibh réadúlacht an mháithreachais aonair ina hualach mór ar an achomharcóir. Luaigh an t-achomharcóir nach raibh cur amach aici ar Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora ag an tráth a rugadh a leanbh agus nár chuir aon duine in iúl di go raibh sí i dteideal an íocaíocht a fháil. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara ar an bhfoirm iarratais gur luaigh an t-achomharcóir mar fhreagairt do na ceisteanna ábhartha gur scar í féin agus a pháirtneir i Lúnasa 2018. Ní fhéadfadh an t-achomharcóir a freagairt a mhíniú seachas lena rá go ndearna sí botún agus nach raibh mórán maitheasa inti maidir le dátaí.

Breithniú: Cuimsítear an reachtaíocht ábhartha maidir leis an tréimhse fhorordaithe chun éileamh a dhéanamh ar Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora in Alt 241(2) d'Acht 2005. Foráiltear in Alt 241(3) den Acht, chomh maith, d'éileamh a shiardhátú ar feadh a fhaide le 6 nuair is féidir le duine a thaispeáint go raibh cúis mhaith ann a chur cosc ar iarratas a sheoladh ar aghaidh ag dáta níos luaithe. Ní fhoráiltear sa reachtaíocht d'éilimh a shiardhátú do thréimhsí níos faide ná sé mhí mura féidir a léiriú go raibh an mhoill a bhí ar éileamh a dhéanamh mar thoradh ar eolas mícheart a bheith curtha ar fáil ag an Roinn do dhuine nó sa chás gur féidir leis an duine a thaispeáint nárbh fhéidir leis nó léi éileamh a sheoladh ar aghaidh ón dáta a tháinig an teidlíocht aníos a fhad le dáta an iarratais, de bhua breoiteachta nó éagumais.

Cé gur luaigh DG an achomharcóra gur raibh réadúlacht an mháithreachais aonair ina hualach uirthi, níor tugadh le fios go raibh aon bhreositeacht ná éagumas uirthi a chuirfeadh cosc ar an achomharcóir ó éileamh a sheoladh ar aghaidh ag dáta níos luaithe. Chuir an tOifigeach Achomhairc fianaise an achomharcóra i gcuntas nach raibh cur amach aici ar Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora nuair a rugadh a mac. Chinn an tOifigeach Achomhairc go bhfuil an phríomhfhreagracht as éileamh a dhéanamh ar an éilitheoir. Músclaíonn an Roinn feasacht ar theidlíochtaí féideartha dá scéimeanna trí na scéimeanna atá ar fáil a fhógairt go cuí.

Níor aimsigh an tOifigeach Achomhairc aon fhianaise go raibh eolas mícheart á sholáthar don achomharcóir ag an Roinn nó aon seirbhís eile. Faoi na cúinsí siúd, chinn an tOifigeach Achomhairc nár dheimhnigh an t-achomharcóir go raibh cúis mhaith ann leis an moill a bhí ar a héileamh a dhéanamh.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

4.2 Cás-Staidéir

Aois Oibre –
Breoiteacht, Míchumas
agus Cúramóirí

2019/08 Cinneadh Achomair faoi Phinsean Easláine

An Cheist: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir, a bhí sna daichidí, iarratas ar Phinsean Easláine in 2018. Dícheadaíodh an t-iarratas ar an mbunús nach raibh éagumas buan uirthi chun obair a dhéanamh. Sa chás seo, b'éigean don achomharcóir a thaispeáint nach raibh ar a cumas aici obair a dhéanamh ar feadh bliana, ar a laghad, ó dháta a hiarratais. De réir na tuairisce liachta a bhí i gcomhad, diagnósíodh go raibh dúlagar agus inní ar an achomharcóir agus measadh go ndearna siad difear mór di i dtaobh a meabhairshláinte/a hiompair. Mar thacaíocht lena hachomharc, sheol an t-achomharcóir fianaise liachta bhreise ar aghaidh óna DG, áit ar luadh nach raibh an t-achomharcóir in ann obair a dhéanamh ar feadh go leor blianta mar gheall ar dhúlagar agus inní throm. Dheimhnigh an DG nárbh fhéidir leis an achomharcóir obair a dhéanamh agus gur dhóchúil nach mbeadh sí in ann obair a dhéanamh ar feadh bliain eile, ar a laghad.

Breithniú: Foráiltear in Alt 118 d'Acht 2005 agus in airteagal 76 de I.R. Uimh. 142 de 2007 nach mbronntar Pinsean Easláine ar dhuine ach mura mbíonn ar chumas duine go buan chun obair a dhéanamh. Sásaítear an coinníoll seo nuair, ag an tráth a dhéantar éileamh, nach raibh ar chumas duine go leanúnach chun obair a dhéanamh ar feadh dhá mhí dhéag agus más dóchúil nach raibh ar a gcumas obair a dhéanamh ar feadh dhá mhí dhéag sa bhreis air sin, nó má dheimhnítear go bhfuil an t-éagumas den chineál sin nach dóchúil go mbeidh ar chumas an duine oibriú i gcaitheamh a saoil.

Sa chás seo, b'éigean don achomharcóir a thaispeáint gur dóchúil nach mbeadh ar a cumas aici obair a dhéanamh ar feadh dhá mhí dhéag sa bhreis air sin ó dháta a hiarratais ar Phinsean Easláine.

Scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc an fhianaise a bhí ar fáil dó agus chuir sé fianaise liachta bhreise i gcuntas a chuir DG an achomharcóra ar fáil, áit ar luadh nach raibh an t-achomharcóir in ann obair a dhéanamh ó 2015 ar aghaidh mar gheall ar dhúlagar agus inní throm. Luaigh an DG gur bhrath sé nach raibh ar chumas an achomharcóra obair a dhéanamh agus gur dhóchúil nach mbeadh sí in ann obair a dhéanamh ar feadh bliain eile, ar a laghad.

Bunaithe ar an bhfianaise liachta a bhí ar fáil ó DG an achomharcóra a dheimhníonn tromchúise a diagnóise agus in éagmais fianaise a thugann a mhalairt le fios, chinn an tOifigeach Achomhairc gur féidir a mheas nach raibh an t-achomharcóir in ann obair a dhéanamh chun críocha cáiliú do Phinsean Easláine.

Toradh: Ceadáíodh an t-achomharc

2019/09 Cinneadh Achomair faoi Phinsean Easláine

An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Phinsean Easláine in Iúil 2018. Luadh i bhfianaise liachta ó DG an achomharcóra go raibh sé thíos le conair tharsach dhéthaobhach, airtríteas agus dúlagar agus go gcuirfeadh a riocht cosc air ó fhilleadh ar an obair ar feadh idir 12 agus 18 mí. Meastar i dtuairisc an DG go n-imrítear tionchar trom ar an achomharcóir maidir lena lámha a shíneadh amach, deaslámhacht, rudaí a chrochadh ón talamh/a iompar, cromadh/dul ar a ghlúine/dul ar a ghogaide, suí/éirí agus staighre/dréimire a dhreapadh, agus go n-imrítear tionchar measartha air i dtaobh meabhairshláinte/iompair, seasaimh agus síúil agus go n-imrítear tionchar éadrom air i dtaobh foghlama/éirime.

Luadh i bhfianaise bhreise liachta ó DG an achomharcóra go raibh siondróm trom na conaire tarsaí ar an achomharcóir a rinne difear don dá lámh agus raibh sé ar liosta feithimh ar feadh breis agus bliain chun go ndéanfaí máinliacht air chun cóir a chur ar a riocht. Luadh san fhianaise liachta, chomh maith, go raibh an t-achomharcóir thíos le dúlagar agus go raibh sé ag freastal ar sheirbhísí síciatrachta áitiúla.

Breithniú: Foráiltear sa reachtaíocht Leasa Shóisialaigh nach bhfuil duine i dteideal Pinsean Easláine a fháil ach mura bhfuil ar a c(h)umas go buan chun obair a dhéanamh. Sásaítear an coinníoll seo ag an tráth a dhéantar éileamh –

- nach raibh ar chumas duine go leanúnach chun obair a dhéanamh ar feadh dhá mhí dhéag agus más dóchúil nach raibh ar a gcumas obair a dhéanamh ar feadh dhá mhí dhéag sa bhreis air sin, nó
- má dheimhnítear go bhfuil an t-éagumas den chineál sin nach dóchúil go mbeidh ar chumas an duine oibriú i gcaitheamh a saoil.

I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir, chonacthas don Oifigeach Achomhairc ag an tráth a rinneadh an t-éileamh nach raibh an t-achomharcóir in ann obair a dhéanamh ar feadh 12 mhí agus, ar an ábhar sin, chun cáiliú do Phinsean Easláine, b'éigean dó an coinníoll a shásamh gan a bheith in ann oibriú ar feadh a shaoil. Chinn an tOifigeach Achomhairc, cé gur shásaigh an t-achomharcóir an coinníoll nach raibh sé in ann obair a dhéanamh, nár dheimhnigh an fhianaise nár dhóchúil nach mbeadh an t-achomharcóir in ann oibriú ar feadh a shaoil.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/10 Éisteacht ó Bhéal maidir le Pinsean Easláine

An Cheist: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: Diagnósíodh go raibh siondróm tiontaithe chéadfaigh agus luaile, dúlagar agus imní ar an achomharcóir i ndiaidh timpiste ag an obair. Bhí sí ag freastal ar néaraishíceolaíocht, néareolaíocht agus fisiteiripe. Rinne sí iarratas ar Phinsean Easláine in 2018 agus diúltaíodh é ar an mbunús nár measadh go raibh sí ar éagumas buan chun obair a dhéanamh.

Éisteacht ó Bhéal: Bhí Sochar Breoiteachta á fháil ag an achomharcóir ó 2016 go dtí gur cuireadh deireadh leis an íocaíocht in 2018 agus lean sí le teastais dochtúra a sheoladh chuig an Roinn a dheimhnigh nach raibh ar a cumas aici obair a dhéanamh. Ní raibh sí in ann oibriú ó tharla a timpiste. Bhí gluaiseacht sheasmhach ina corp, thit a haghaidh ar thaobh amháin agus d'fhéadfadh rudaí titim óna lámha mar gheall ar an mairbhítí ina lámha. Bhí dúlagar uirthi agus d'fhulaing sí mar gheall ar an gcreathadh seasmhach a bhí mar chúis le droch-chothromaíocht agus droch-chomhordú. Ba dheacair di caint freisin mar gheall go raibh stad sa chaint aici de dheasca an ghortaithe. Lean sí ag freastal ar néareolaíocht, lean sí le gníomhartha fisiteiripe a dhéanamh sa bhaile agus rinne sí iarracht chun machnamh a dhéanamh lena chabhrú léi a scíth a ligean agus codladh. Bhí roinnt fadhbanna cuimhne uirthi, chomh maith, agus bhí uirthi díriú lena chuimhneamh ar an méid a bhí a dhéanamh aici. Chabhraigh a fear céile agus a máthair léi timpeall an tí. Cheadaigh an t-achomharcóir go luafaí i dtuairisc an Oifigigh Achomhairc gur dealraitheach go raibh sí ag creathadh agus go raibh deacracht aici lena comhordú, díriú agus urlabhra i rith na héisteachta.

Breithniú: Leagtar amach sa reachtaíocht a rialaíonn Pinsean Easláine in Alt 118 den Acht. Leagtar amach an sainmhíniú ar bheith ar éagumas buan obair a dhéanamh chun críocha an ailt sin in Airteagal 76 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú), 2007 (I.R. Uimh. 142 de 2007) a fhorálann:

“ measfar duine a bheith éagumasach go buan chun oibre más amhlaidh, go díreach roimh dháta an éilimh ar an bpinsean sin -

(a) go bhfuil sé nó sí tar éis a bheith éagumasach go leanúnach chun oibre ar feadh tréimhse bliana agus go dtaispeántar chun sástacht oifigigh chinnidh nó oifigigh achomharc gur dócha don duine a bheith éagumasach chun oibre go ceann bliana eile ar a laghad, nó

(a) go bhfuil sé nó sí éagumasach chun oibre agus go dtugtar fianaise ar aird a chruthaíonn chun sástacht oifigigh chinnidh nó oifigigh achomharc gurb é nádúr an éagumais chun oibre gur dócha go mbeidh an duine éagumasach chun oibre go deireadh a shaoil nó a saoil.

Agus aird ar fhianaise liachta a cuireadh ar fáil agus an fhianaise a tugadh chun solais ag an éisteacht ó bhéal, sásaíodh don Oifigeach Achomhairc go raibh an t-achomharcóir éagumasach chun oibre go leanúnach ar feadh bliana sula ndearna sí a héileamh ar Phinsean Easláine in 2018 agus gur deimhníodh gur dhóchúil go leanfadh sí le bheith in ann obair a dhéanamh ar feadh bliain eile, ar an ábhar sin, go dtí 2019 agus shásaigh sí na critéir leighis, ar an ábhar sin, do Phinsean Easláine.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/11 Éisteacht ó Bhéal maidir le Pinsean Easláine

An Cheist: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir, atá sna luathdhaicidí, iarratas ar Phinsean Easláine in Eanáir 2019 agus níor ceadaíodh é ar an mbunús nár measadh go raibh sí ar éagumas buan chun obair a dhéanamh. Thaispeáin an fhianaise liachta go raibh an t-achomharcóir thíos le neamhord inní. Bhí Sochar Breoiteachta á fháil ag an achomharcóir ó Iúil 2017 go Meitheamh 2019 agus d'fhreastail sí ar mheasúnú leighis i bpearsan le Measúnóir Leighis na Roinne i mBealtaine 2019. I dtuairim an Mheasúnóra Leighis, bhí gnáth-mheabhairshláinte ag an achomharcóir nó bhí beagáinín difir á dhéanamh ag a riocht do mheabhairshláinte an achomharcóra.

Luadh i dtuairisc liachta an DG gur eascair riocht an achomharcóra as teagmhas san ionad oibre agus go raibh difear measartha á dhéanamh ag a riocht dá meabhairshláinte. Tugadh cuntas sa tuairisc go raibh cógas á ghlacadh ag an achomharcóir dá riocht agus gur fhreastail sí ar shíciatraí in 2018.

Breithniú: B'éigean don achomharcóir sa chás seo a thaispeáint gur dhóchúil nach mbeadh ar a cumas aici obair a dhéanamh ar feadh bliain sa bhreis air sin, ar a laghad, ó dháta a hiarratais ar Phinsean Easláine in Eanáir 2019. Rinne an tOifigeach Achomhairc an cuntas a thug an t-achomharcóir ar na comharthaí sláinte a chruthaíonn neamhord inní agus conas gur chaith sí go leor ama sa leaba i rith an lae, a chur i gcuntas. I dtuairisc dar dáta Meitheamh 2019, luaigh DG an achomharcóra go raibh difear measartha á dhéanamh dá meabhairshláinte agus gur dhóchúil go mairfeadh a riocht ar feadh idir 3 agus 6 mhí. Chuir an tOifigeach Achomhairc i gcuntas, chomh maith, go raibh an Measúnóir Leighis faoin tuairim go raibh gnáth- mheabhairshláinte ag an achomharcóir nó bhí beagáinín difir á dhéanamh ag a riocht do mheabhairshláinte an achomharcóra.

Chinn an tOifigeach Achomhairc, cé go bhféadfadh go leanfaí le drochthionchar a imirt ar mheabhairshláinte an achomharcóra, níor deimhníodh gur dhóchúil nach mbeadh sí in ann oibriú ar feadh bliain sa bhreis, ar a laghad.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/12 Éisteacht ó Bhéal maidir le Pinsean Easláine

An Cheist: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir, a bhí ina luathchaogaidí, iarratas ar Phinsean Easláine i Lúnasa 2018 maidir le héagumas deimhnithe a bhaineann le diagnóis ailse chíce. Dícheadaíodh a éileamh ar an mbunús nár measadh go raibh éagumas buan air chun obair a dhéanamh.

Éisteacht ó Bhéal: Feisteoir bonn féinfhostaithe a bhí san achomharcóir. Thaispeáin an fhianaise liachta gur diagnósíodh go luath in 2018 go raibh ailse air agus thosaigh sé le ceimiteiripe sular ndearnadh maisteachtóime air agus sular baineadh nóid limfe i Samhain 2018.

Mar thoradh ar an obráid, chaill sé 75% den neart ina ghéag chlé agus bhí teiripe raidiam agus instealltaí Herceptin á bhfáil aige. Ba é an uair dheireanach a d'oibrigh an t-achomharcóir ná Feabhra 2018 agus ag tráth na héisteachta, bhí an t-achomharcóir buartha go raibh ailse sa dara cnap ar tháinig forbairt air.

Breithniú: Tugadh le fios i dtuairisc liachta an DG go ndearnadh difear do chumas an achomharcóra sna limistéir seo a leanas: difear measartha á dhéanamh dá lámha a shíneadh amach, rudaí a chrochadh ón talamh/a iompar agus staighre a dhreapadh. Luadh sa tuairisc liachta go raibh cóir leighis á cur ar an achomharcóir i dtaobh ailse agus luadh gur cheap sé go mairfeadh a riochtaí ar feadh tréimhse éiginnte. Agus aird ar an bhfianaise liachta agus an fhianaise a tugadh chun solais ag an éisteacht ó bhéal, sásaíodh don Oifigeach Achomhairc gur dhóchúil go mbeadh an t-achomharcóir éagumasach chun oibre ar feadh an tsaoil agus gur shásaigh sé, ar an ábhar sin, na critéir leighis do Phinsean Easláine.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/13 Éisteacht ó Bhéal maidir le Pinsean Easláine

An cheist á hachomharc: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir, a bhí i lár na dtríochaidí, iarratas ar Phinsean Easláine i nDeireadh Fómhair 2018 agus níor ceadaíodh an t-éileamh i bhFeabhra 2019 mar gheall gur chinn an Roinn nach raibh an t-achomharcóir éagumasach go buan chun oibre. Luadh i dtuairisc liachta dar dáta Meán Fómhair 2018 gur diagnósíodh go raibh imní, veirtige agus inmheatróis ar an achomharcóir. Thug DG an achomharcóra le fios sa tuairisc go leanfadh an riocht sláinte ar aghaidh de bheith ar an achomharcóir ag an dáta sin ar feadh breis agus bliain, ach níor tugadh táscairí maidir le próifíl chumais/mhíchumais an achomharcóra chun críche.

Breithniú: Ba í an cheist a bhí le scrúdú ná cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí a mheas go bhfuil an t-achomharcóir éagumasach go buan chun oibre mar gheall go raibh sí éagumasach go leanúnach chun oibre don bhliain díreach sula ndearna sí a héileamh agus gur thaispeáin an fhianaise liachta a cuireadh i láthair gur dhóchúil go mbeadh sí éagumasach chun oibre ar feadh bliain sa bhreis.

Chuaigh éileamh ar Shochar Breoiteachta ó Fheabhra 2017 i ngleic leis an gcéad chuid den cheist mar gheall go raibh teastais dochtúra á seoladh ar aghaidh agus á nglacadh ag an Roinn. Ba é an dara gné a raibh breithniú le déanamh air ná cibé acu ar dhóchúil nó nár dhóchúil go leanfadh an riocht ar feadh bliain sa bhreis. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara in Athbhreithniú ar Chumas Oibre faoinar thug dochtúir a d'ainmnigh an Roinn, tugadh le fios go raibh gach limistéar idir 'mar is gnách' agus 'beagáinín difir á dhéanamh dó'. Tugadh faoi deara, chomh maith, go raibh an chuid ab fhaide den bhliain caite cheana féin ó dháta an iarratais.

Luadh i litir DG dar dáta Feabhra 2019 nach raibh an t-achomharcóir neamhinniúil don obair mar gheall ar shiomptóim fhisiciúla agus shíceolaíocha. Ag an Éisteacht ó Bhéal, thug an t-achomharcóir sonraí ar conas a lean inmheatróis le difear a dhéanamh dá cumas chun leanúint de bheith fostaithe in ainneoin na n-iarrachtaí ab fhearr a bhí a ndéanamh aici arís agus arís eile.

Nuair a bhí breithniú á dhéanamh ar an bhfianaise go léir agus d'ainneoin na dtuairiscí liachta a thagann salach ar a chéile, agus aird ar aois agus taithí fostaíochta an achomharcóra agus ar an méid a luadh agus a tugadh faoi deara ag éisteacht ó bhéal, bhí an tOifigeach Achomhairc sásta go raibh an t-achomharcóir éagumasach go buan chun oibre, faoi mar a shainmhínítear é laistigh den reachtaíocht rialaithe.

Toradh: Ceadáíodh an t-achomharc

2019/14 Cinneadh Achomair faoi Shochar Breoiteachta

An Cheist: Cáilitheacht (ranníocaíochtaí)

Cúlra: Sheol an t-achomharcóir iarratas ar aghaidh ar Shochar Breoiteachta in Aibreán 2018. Dícheadaíodh a héileamh ar an mbunús nár shásaigh sí na coinníollacha ranníocaíochta. Chuir an Roinn in iúl di nach ndearna sí na 39 ranníocaíocht ÁSPC a theastaíonn a íoc nó a chur do shochar in 2016 nó, mar mhalairt air sin, nach ndearna sí na 26 ranníocaíocht ÁSPC a íoc i ngach ceann de na blianta 2015 agus 2016.

Breithniú: Scéim atá bunaithe ar árachas sóisialach é Sochar Breoiteachta do dhaoine atá éagumasach chun oibre mar gheall ar bhreoiteacht. Leagtar amach na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC in Alt 41 d'Acht 2005.

Ceanglaítear sa reachtaíocht nach mór go bhfuil 104 ranníocaíocht ÁSPC, ar a laghad, íochta ag duine agus ar a laghad 39 ranníocaíochtaí íochta nó curtha do shochar sa dara bliain iomlán ranníocaíochta dheireanach roimh thús na bliana ina bhfuil éileamh á dhéanamh aige/aici. Mura bhfuil 39 ranníocaíocht íochta nó curtha do shochar ag duine sa dara bliain iomlán ranníocaíochta dheireanach, is féidir an coinníoll a shásamh trí 26 ranníocaíocht, ar a laghad, a bheith íochta i ngach ceann den dara agus den tríú bliain iomlán ranníocaíochta dheireanach roimh thús na bliana ina bhfuil éileamh á dhéanamh.

Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Shochar Breoiteachta in 2018. Bhí bris agus na 104 ranníocaíocht íosta íochta aici agus shásaigh sí coinníoll na chéad ranníocaíochta. Ba é an dara bliain ranníocaíochta iomlán dheireanach d'éileamh a rinneadh in 2018 ná 2016. Léirigh an fhianaise a bhí ar fáil go raibh 17 ranníocaíocht ÁSPC cháilitheacha íochta nó curtha do shochar ag an achomharcóir in 2016. B'ionann seo agus líon 22 ranníocaíocht cháilitheach faoi bhun na tairsí íosta 39 ranníocaíocht cháilitheach a theastaíonn le teidlíocht do Shochar Breoiteachta a dheimhniú ar an mbunús seo. Ba í an tríú bliain dheireanach iomlán ranníocaíochta 2015. Léirigh an fhianaise a bhí ar fáil go raibh 44 ranníocaíocht ÁSPC íochta ag an achomharcóir agus go raibh 14 ranníocaíocht ÁSPC curtha do shochar ag an achomharcóir in 2015.

Bunaithe ar an bhfianaise, cé gur íoc an t-achomharcóir breis agus 26 ranníocaíocht ÁSPC in 2015, mar gheall nach raibh ar a laghad 26 ranníocaíocht ÁSPC, ar a laghad, íoctha aici in 2016, chin an tOifigeach Achomhairc nár deimhníodh gur shásaigh sí na coinníollacha riachtanacha ranníocaíochta ÁSPC, faoi mar a leagtar amach sa reachtaíocht rialaithe.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/15 Cinneadh Achomair faoi Shochar Breoiteachta

An Cheist: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: I ndiaidh go ndearnadh athbhreithniú ar theidlíocht an achomharcóra do Shochar Breoiteachta, dícheadaíodh a héileamh mar gheall gur deimhníodh go raibh sé ar a cumas aici obair a dhéanamh. D'fhreastail an t-achomharcóir ar mheasúnú leighis agus bhí an Measúnóir Leighis faoin tuairim go raibh ar chumas an achomharcóra obair a dhéanamh. Tá an phróifíl chumais a chuimsítear sa tuairisc liachta, a chomhlánaigh DG an achomharcóra, in ainm is a mhéid difir a rinneadh don achomharcóir a dheimhniú i measc 16 chumas ghinearálta. Bhí difear measartha á dhéanamh don achomharcóir i dtaobh meabhairshláinte. Ní dhearnadh difear do gach catagóir eile. Ba é an diagnóis a rinne an DG ná dúlagar. Luaigh an t-achomharcóir ina hachomharc go raibh sí thíos le dúlagar agus imní ar feadh tréimhse fhada bhlianta. Luaigh sí gur tháinig taomanna scaoill uirthi agus go raibh ardbhrú fola, ainéime agus haemaglóibín íseal uirthi. Luaigh sí go raibh sí thíos le fibroids agus inmheatróis.

Leagtar amach na forálacha reachtaíochta a bhaineann le Sochar Breoiteachta i gCuid 2 - Caibidil 8 (Ailt 40 go 46) d'Acht 2005 agus Cuid 2 - Caibidil 1 (Airteagail 20 go 28) de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú), 2007 (I.R. Uimh. 142 de 2007).

Foráiltear in Alt 40 (3) (a) d'Acht 2005:

(3) Chun críocha aon fhorála den Acht seo Choinbhinsiúin seo a bhaineann le sochar breoiteachta –

(a) ní chaithfear le lá maidir le duine faoi árachas mar lá éagumais chun oibre murach go bhfuil an duine éagumasach chun oibre ar an lá sin.

Breithniú: Rinne an tOifigeach Achomhairc áitiú an achomhairc a sheol an t-achomharcóir ar aghaidh agus an fhianaise liachta a athbhreithniú agus a bhreithniú. Thug Measúnóir Leighis na Roinne faoi athbhreithniú i bpearsan agus deimhníodh go raibh an t-achomharcóir in ann obair a dhéanamh. Luadh sa Phróifíl Chumais a chomhlánaigh DG an achomharcóra go raibh difear measartha á dhéanamh don achomharcóir i dtaobh meabhairshláinte. Ní dhearnadh difear do gach catagóir eile. Chinn an tOifigeach Achomhairc nár thacaigh an fhianaise liachta le conclúid go raibh an t-achomharcóir éagumasach chun oibre ar mhaithe le Sochar Breoiteachta.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/16 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Míchumais

An cheist á hachomharc: Cáilitheacht (maoin)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir, a bhí go déanach sna fichidí, iarratas ar Liúntas Míchumais i bhFeabhra 2018. Seoladh a comhad chuig Cigire Leasa Shóisialaigh (CLS) go ndéanfar imscrúdú air. I ndiaidh casadh leis an achomharcóir agus i ndiaidh eolas breise a fháil ó sheiceadóirí eastát sheanathair an achomharcóra, thug an CLS le fios go raibh caipiteal €83,000 i bhfoirm choigiltis ag an achomharcóir. Coigilteas €75,000 i gcuntas bainc sa Ríocht Aontaithe agus coigilteas €8,000 i gcuntais bhainc in Éirinn a bhí sa tsuim seo. Rinne an tOifigeach Breithiúnachta athbhreithniú ar an gcomhad agus rinneadh measúnú ar an achomharcóir agus maoin €78.00 sa tseachtain aici. Bronnadh Liúntas Míchumais ar ráta laghdaithe uirthi ar an mbunús seo.

Ina hachomharc, mhaígh an t-achomharcóir nár raibh an mhaoin sheachtainiúil aici faoi mar a mheas an Roinn. Luaigh sí go raibh an coigilteas a fágadh léi ó eastát a seanathair i gcuntas bainc nach raibh teacht aici air. Mar gheall ar an tuiscint idir an t-achomharcóir agus seiceadóirí eastát a seanathair go raibh sí thíos le siomptóim neamhoird dhépholaigh, lenár áiríodh airgead a chaitheamh go tobann agus drochbhainistíocht a dhéanamh ar airgead. Luaigh sí nár scaoileadh an t-airgead ach faoi chúinsí teoranta, ar nós íoc as costais leighis neamhghnácha. Luaigh an t-achomharcóir, sa bhreis air sin, mar gheall gur dhóchúil go mbainfí “Brexit gan chomhaontú” amach, rinneadh an t-airgead sa chuntas bainc sa Ríocht Aontaithe a aistriú chuig a cuntas bainc Éireannach.

Breithniú: Ar aon dul le forálacha na reachtaíochta Leasa Shóisialaigh, caithfear measúnú a dhéanamh ar chúinsí airgeadais duine (maoin) chun teidlíocht do Liúntas Míchumais a dheimhniú. I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir, bhí an tOifigeach Achomhairc sásta gurbh é an t-achomharcóir tairbhí an chaipitil i bhfoirm an choigiltis a mheas an Roinn. Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta go ndearna an Roinn measúnú ar mhaoin an achomharcóra i gcomhréir leis an reachtaíocht rialaithe.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/17 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Míchumais

An Cheist: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: Diagnósíodh go raibh pian mhuiníl agus imní ar an achomharcóir, a bhí go déanach ina tríochaidí, i ndiaidh timpiste um thrácht ar bhóithre timpiste in 2015. Rinne sí éileamh ar Liúntas Míchumais i nDeireadh Fómhair 2018. Dhiúltaigh an Roinn a héileamh ar an mbunús nach raibh srian substainteach uirthi ó thabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach mar gheall ar mhíchumas sonraíthe.

Sheol an t-achomharcóir achomharc ar aghaidh inar luaigh sí gur inis roinnt mhaith gairmithe leighis di nach raibh ar a cumas obair a dhéanamh. Luaigh an t-achomharcóir go raibh glantóir ag oibriú di mar gheall nárbh fhéidir léi a teach a ghlanadh agus go raibh instealltaí péine á bhfáil aici. Sheol sí litreacha óna DG agus a speisialtóir péine ar aghaidh.

Breithniú: Bhí oideachas ar chaighdeán Ardteistiméireachta agus cáilíocht FETAC ar leibhéal 5 i gcúram leanaí agus Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí (ECDL) bainte amach ag an achomharcóir. Bhí sí fostaithe ag naíolann. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara, nuair a bhí an phróifíl chumais/mhíchumais a comhlánú, gur mheas a DG go raibh difear trom á dhéanamh ag a riocht di i limistéar na deaslámhachta, go raibh difear measartha á dhéanamh di i dtaobh meabhairshláinte/iompair, go raibh difear éadrom á dhéanamh di maidir le coinneálacht, lámha a shíneadh amach, rudaí a chrochadh ón talamh/a iompar, cromadh/dul ar a glúine/dul ar a gogaide, suí/éirí, seasamh, staighre/dréimírí a dhreapadh agus siúl, agus gur measadh go leanfadh an riocht ar feadh tréimhse éiginnte. Thug a DG le fios go ndearnadh imscrúduithe ábhartha uirthi agus gur fhreastail sí ar speisialtóirí san ortaipéidic agus i bpian agus gur ghlac sí cógas ordaithe, a raibh cuntas tugtha orthu. I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise, chinn an tOifigeach Achomhairc gur shásaigh an t-achomharcóir na critéir cháilitheacha chun Liúntas Míchumais a fháil sa mhéid go raibh srian substainteach uirthi ó thabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach mar gheall ar mhíchumas sonraithe, faoi mar a dtugtar cuntas air sa reachtaíocht rialaithe.

Cinneadh: Ceadaiódh an t-achomharc

2019/18 Éisteacht ó Bhéal maidir le Liúntas Míchumais

An Cheist: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: Níor mheas an Roinn go raibh srian substainteach ar an achomharcóir, a bhí go luath ina seascaidí, ó thabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach mar gheall ar mhíchumas sonraithe a lean nó a mheasfaí a leanfadh ar feadh bliain amháin, ar a laghad. Níor chomhlánaigh an t-achomharcóir codanna substainteacha den fhoirm iarratais, stair oibre agus conas a rinne an bhreoiteacht seo difear dó. Tugadh le fios sna tuairiscí liachta go raibh saincheisteanna tromchúiseacha leighis ann a bhí ag éirí ní ba mheasa ar feadh roinnt ama, agus go raibh srian fisiciúil ar an achomharcóir i dtaobh roinnt gnéithe.

Breithniú: Scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc an cheist maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh srian substainteach ar an achomharcóir chun tabhairt faoi obair a bheadh oiriúnach murach sin agus aird ar a aois, taithí agus cáilíochtaí agus, má bhí srian air, cibé acu ar lean nó nár lean é seo nó an mbeadh nó nach mbeadh súil réasúnta leis go leanfadh é seo ar feadh tréimhse bliana, ar a laghad, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.

Éisteacht ó Bhéal: Chuir an tOifigeach Achomhairc eolas breise i gcuntas ag an éisteacht maidir le stair oibre an achomharcóra, a bhí físiúil go príomha i dtaobh cineáil de. Rinne an tOifigeach Achomhairc breithniú ar an eolas seo leis an eolas leighis, i dtaobh eolas comhaimseartha agus stairiúil araon. Chin an tOifigeach Achomhairc gurbh é an fhostaíocht ab oiriúnaí, agus aird ar cháilíochtaí, aois agus taithí an achomharcóra, agus táthú oilte nó obair de shaghas feistithe, nó obair ghinearálta shaoiste nó shaothair, seachas sin.

Thug an fhianaise liachta le fios gur chuir riocht an achomharcóra srianta substainteach air ó thabhairt faoin obair sin agus ba dhóchúil go leanfadh an srian seo ar feadh bliain bhreise, ar a laghad.

Toradh: Ceadáíodh an t-achomharc

2019/19 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Míchumais

An Cheist: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: Dhiúltaigh an Roinn iarratas an achomharcóra ar Liúntas Míchumais mar gheall go ndearnadh an cinneadh ná sásaíodh an riocht sláinte, sa mhéid nach raibh srian substainteach ar an achomharcóir. Cuireadh oideachas ar an achomharcóir, atá go déanach ina chaogaidí, ar leibhéal na Meánteistiméireachta/an Teastais Shóisearaigh. I ndiaidh bheith dífhostaithe ar feadh roinnt blianta, thug an t-achomharcóir faoi roinnt cúrsaí féinfhoghlama ar líne.

Thug an fhianaise liachta le fios go raibh an t-achomharcóir thíos le stróc 3 bliana sula ndearna sé a iarratas ar Liúntas Míchumais agus gur diagnósíodh go raibh diaibéiteas Chineál 2 air an bhliain roimhe sin. Tógadh an t-achomharcóir isteach san ospidéal ar feadh tréimhse i ndiaidh an stróic. Níor thug an t-achomharcóir faoi aon idirghabháil eile leighis agus níor fhreastail sé go gníomhach ar aon speisialtóir dá riochtaí. Thug Tuairisc ar Phróifíl Chumais ina ndéantar measúnú leighis ar thionchar riocht an achomharcóra maidir le 16 ghníomhaíocht laethúla go raibh beagáinín difir á dhéanamh don achomharcóir maidir le hamharc, cromadh/dul ar a ghlúine/dul ar a ghogaide agus staighre a dhreapadh, ach nach raibh difear diúltach á dhéanamh ag a riochtaí sláinte dó ar bhealach eile. Thug an t-achomharcóir le fios go mbeadh air freastal ar coinní breise leighis amach anseo mar thoradh ar an diagnóis diaibéitis a rinneadh air agus go n-imreodh a riocht tionchar diúltach air amach anseo.

Theip ar an achomharcóir freastal ar éisteacht ó bhéal a tionóladh chun an deis a thabhairt dó chun fianaise bhreise nó cuntas pearsanta a sholáthar ar an tionchar a d'imir a riocht ar a chumas chun oibre. Chinn an tOifigeach Achomhairc nár dheimhnigh an t-achomharcóir go raibh srian substainteach air fostaíocht oiriúnach a fháil agus aird ar a aois, a cháilíocht agus thaithí faoi mar a fhoráiltear sa reachtaíocht rialaithe.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/20 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Míchumais

An Cheist: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: Diagnósíodh go raibh neamhord giúmair, airtríteas ginearálaithe, plúchadh agus oisté-airtríteas ar an achomharcóir, a bhí go luath ina seascaidí, agus measadh go leanfadh na riochtaí ar feadh tréimhse éiginnte. Rinne sí éileamh ar Liúntas Míchumais i Nollaig 2018. Luaigh an t-achomharcóir go raibh oideachas caighdeánach ar leibhéal bunscoile bainte amach ag an achomharcóir agus gur chríochnaigh sí cúrsa rúnaíochta sa Ríocht Aontaithe thar ar 40 bliain ó shin. D'oibrigh sí mar chúntóir siopa 15 bliana ó shin. Luaigh a DG gur tháinig fadhb chairdiach ar an achomharcóir ó rinneadh an buniaratas agus go raibh sí ag feitheamh le go ndéanfaí measúnú breise air seo.

Luaigh an DG, de bhreis air sin, go bhféadfadh an fhadhb chairdiach a bheith mar chúis le titim i laige a tharla thart ar sheachtain roimhe sin a bhí mar chúis le gortú láimhe ónar theastaigh máinliacht cheartaitheach. Dheimhnigh an DG go raibh fadhbanna leanúnacha matánchnámharlaigh ar an achomharcóir agus luaigh sé, cé go raibh meabhairshláinte an achomharcóra slán, theastaigh ionchur leanúnach gairmiúil. Deimhníodh i litir an DG cineál breoiteachta an achomharcóra a bhí ag teacht chun cinn.

Breithniú: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara, nuair a bhíonn an phróifíl chumais/mhíchumais á comhlánú, gur mheas an DG go raibh difear trom á dhéanamh ag an riocht do chumas meabhairshláinte/iompair an achomharcóra agus go raibh difear measartha á dhéanamh di i limistéir na cothromaíochta/an chomhordaithe, lámha a shíneadh amach, rudaí a chrochadh ón talamh/a iompar, cromadh/dul ar a glúine/dul ar a gogaide agus seasamh, agus go raibh beagáinín difir á dhéanamh di i limistéar na deaslámhachta, suí/éirí, staighre/dréimírí a dhreapadh agus siúl. Thug an DG le fios go raibh imscrúduithe ábhartha a ndéanamh ar an achomharcóir agus go raibh cógas ordaithe á ghlacadh aici.

I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise, chinn an tOifigeach Achomhairc gur shásaigh an t-achomharcóir na critéir cháilitheacha chun Liúntas Míchumais a fháil, faoi mar a dtugtar cuntas air sa reachtaíocht rialaithe.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/21 Éisteacht ó Bhéal maidir le Liúntas Míchumais

An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)

Cúlra: Diagnósíodh go raibh pian ainsealach in íochtar an droma ar an achomharcóir, a bhí go déanach ina daichidí, agus go raibh sí thíos leis seo ar feadh breis agus bliain, agus gur dheimhnigh a DG go bhféadfadh an phian seo a bheith uirthi ar feadh tréimhse éiginnte.

Luadh i dtuairisc liachta an DG go raibh an t-achomharcóir ar liosta feithimh do Shainchomhairleoir Ortaipéideach ach nár tógadh chuig an ospidéal í roimhe sin agus nach ndearnadh aon imscrúduithe ábhartha uirthi go dtí seo. Dhícheadaigh an Roinn a hiarratas ar an mbunús nár shásaigh sí na coinníollacha leighis chun Liúntas Míchumais a fháil.

Éisteacht ó Bhéal: Deimhníodh ag an éisteacht ó bhéal go raibh an t-achomharcóir thíos le drochthitim i rith drochaimsire beagnach 2 bhliain ní ba luaithe. Níor fhreastail an t-achomharcóir ar an ospidéal ag an tráth sin. Thosaigh an-chuid péine ag teacht uirthi mar gheall ar an titim agus d'éirigh seo ní ba mheasa le himeacht ama. Rinne a DG cógas faoisimh ó phian a ordú di, chomh maith le cóireálacha fisiteiripe a mholadh agus lorg sé coinne don achomharcóir le Sainchomhairleoir Ortaipéideach.

Bhí pian throma droma ar an achomharcóir agus bhí pian ina lámha, ina cosa agus ina gualainn uirthi. Theastaigh cúnamh ón achomharcóir ar bhonn laethúil chun tascanna a bhíodh ina ngnáth-thascanna laethúla di roimhe seo, ar nós rudaí a chrochadh ón talamh nó a iompar, í féin a ghléasadh, agus cabhair, chomh maith leis sin, nuair a bhí sí ag éirí ó chathaoir nó óna leaba. Bhí cógas ordaithe faoisimh ó phian á ghlacadh ag an achomharcóir ach ní raibh a riocht á feabhsú acu seo, dar léi. D'imir an phian laethúil agus an tionchar a imríodh ar a cumas chun feidhm de ghnáth agus go neamhspleách drochthionchar ar mheabhairshláinte an achomharcóra, chomh maith.

Bhí an t-achomharcóir ag feitheamh le coinne le Sainchomhairleoir Ortaipéideach agus thug a DG le fios go bhféadfadh go ndéanfaí machnamh ar mháinliacht ina cás ar leith i ndiaidh na coinne sin. D'fhreastail an t-achomharcóir ar roinnt fisiteiripeoirí gan rath nó gan feabhas a bheith tagtha ar a riocht.

Breithniú: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go bhforáiltear sa reachtaíocht a rialaíonn teidlíocht do Liúntas Míchumais go measfar go bhfuil srian substainteach ar dhuine ó thabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach mar gheall ar mhíchumas sonraithe nuair a bhíonn sé nó sí thíos le gortú, galar, míchuma ó bhroinn nó breoiteacht fhisiciúil nó mheabhrach a lean nó, i dtuairim Oifigeach Achomhairc nó Oifigeach Breithiúnachta, a bhféadfaí a mheas go réasúnta go leanfaidh sé ar feadh tréimhse bliana, ar a laghad.

Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta agus aird ar an bhfianaise go raibh ardleibhéal de phian ar an achomharcóir i rith tréimhse 2 bhliain agus in ainneoin cóireálacha leanúnacha fisiteiripe agus cógaisíochta agus go raibh srianta an-substainteacha gluaiseachta ar an achomharcóir fad a bhí sí ag feitheamh le coinne le Sainchomhairleoir Ortaipéideach. Chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh srian substainteach ar an achomharcóir ó thabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach agus aird ar a haois, a cáilíochtaí agus taithí faoi mar a fhoráiltear sa reachtaíocht rialaithe.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/22 Éisteacht ó Bhéal maidir le Liúntas Míchumais

An Cheist: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: Diagnósíodh go raibh diosfóiria inscne agus dúlagar ar an achomharcóir, a bhí i lár na bhfichidí. Tugadh cuntas i dtuairiscí liachta a bhí i gcomhad gurbh fhearr leis an achomharcóir a bheith aitheanta agus gurbh fhearr léi go gcaithfí léi sa chomhthéacs bainean. D'fhág an t-achomharcóir an fhostaíocht ba dhéanaí a bhí aici go deonach mar gheall nár éirigh léi sa timpeallacht fhireannach. Dhícheadaigh an Roinn a hiarratas ar Liúntas Míchumais ar an mbunús nár shásaigh sí na coinníollacha leighis chun Liúntas Míchumais a fháil.

D'fhreastail an t-achomharcóir roimhe seo ar chlinicí síciatracha agus inchréneolaíochta. Chomh maith leis sin, fuair sí instealltaí Zoladex agus tugadh cógas di ar luadh gur shéartrailín a bhí ann.

Éisteacht ó Bhéal: Ag an éisteacht ó bhéal, luaigh an t-achomharcóir nár tógadh chun an ospidéal í in aon chor maidir lena riocht. Bhí an t-achomharcóir ag freastal ar síceolaí comhairleoireachta laistigh de na Seirbhísí Meabhairshláinte. Chuir sí an tOifigeach Achomhairc ar an eolas gur dhiagnósigh síceolaí cliniciúil go raibh neamhord speictream an uathachais uirthi in 2005. Luaigh sí go ndearnadh difear an-mhór dá patrún codlata agus go raibh sé deacair uirthi idirghníomhú le daoine eile nó chun leanúint le comhrá a dhéanamh. Luaigh sí gur mhinic go ndearna sí dearmad chun bia a ithe agus go raibh deacrachtaí meáchain aici dá bharr. Luaigh an t-achomharcóir go raibh sí in ann gach gnáth-thasc laethúil a dhéanamh, caitheamh aimsire ina measc, ar nós seinm i mbanna a sheinneann timpeall na tíre go minc.

Chuir sí an tOifigeach Achomhairc ar an eolas go bhfuair sí tacaíocht agus eolas maidir le haistriú inscne ón bpobal LADT agus go raibh teacht aici ar thacaíocht ó Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne.

Breithniú: Chuir an tOifigeach Achomhairc tuairim an DG san áireamh sa tuairisc liachta gur measadh go raibh beagáinín difir á dhéanamh don achomharcóir i dtaobh meabhairshláinte de agus gur measadh nach raibh difear á dhéanamh go gach catagóir eile. Tugadh faoi deara, sa mhullach air sin, go mairfeadh riocht an achomharcóra, i dtuairim an DG, idir 12 agus 24 mí.

Luaigh a DG ar fhoirm iarratais an achomharcóra go rachadh sé chun sárleasa an achomharcóra chun filleadh ar an obair nó ar an gcoláiste. Chinn an tOifigeach Achomhairc, cé go raibh srianta áirithe uirthi agus go raibh sí thíos le tréimhse dheacair ina saol, níor dheimhnigh an fhianaise liachta a bhí i gcomhad agus an fhianaise a tugadh chun solais ag an éisteacht ó bhéal go bhféadfaí a mheas go raibh srian substainteach uirthi ó thabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach agus aird ar a haois, a cáilíochtaí agus taithí.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/23 Éisteacht ó Bhéal maidir le Liúntas Míchumais

An Cheist: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: Diagnósíodh go raibh diaibéiteas de chineál 1 agus hipirtíoróideacht ar an achomharcóir, a bhí 16 bliana d'aois. Diúltaíodh iarratas ar Liúntas Míchumais in Aibreán 2019 mar gheall gur dheimhnigh an Roinn nach raibh srian substainteach ar an achomharcóir ó thabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach mar gheall ar mhíchumas sonrath, a measadh a leanfadh ar feadh bliain amháin, ar a laghad. Deimhníodh sa tuairisc liachta dar dáta Feabhra 2019 diagnóis an achomharcóra. Thug an DG le fios go leanfadh na riochtaí seo ar feadh tréimhse éiginnte.

Éisteacht ó Bhéal: Mhínigh an t-achomharcóir don Oifigeach Achomhairc ag an éisteacht a riochtaí ag forluí ar a chéile agus gur imir an cógas chun riocht amháin a mhaolú drochthionchar ar an gceann eile. Taispeánadh go raibh gach limistéar ar an bpróifíl chumais/mhíchumais mar is gnách nó éadrom, cé nár luadh cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh an t-achomharcóir oiriúnach d'obair nó oiliúint ar chuspóirí athshlánúcháin. Bhí an t-achomharcóir ag freastal ar scoil.

Breithniú: Ba í an cheist a bhí le scrúdú cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí a mheas gurbh ionann riocht sláinte an achomharcóra agus srian substainteach ar thabhairt faoi fhostaíocht a bheadh oiriúnach murach sin maidir lena haois, taithí agus cáilíochtaí agus, má d'fhéadfaí a mheas gurbh ionann é agus srian substainteach, cibé acu ar lean nó nár lean é seo nó an mbeadh nó nach mbeadh súil réasúnta leis go leanfadh é seo ar feadh tréimhse bliana, ar a laghad.

Chuir an tOifigeach Achomhairc na táscairí san áireamh a taispeánadh sa phróifíl chumais/mhíchumais gur theastaigh leibhéal áirithe de mhonatóireacht chun an riosca i leith díobhála a sheachaint agus a íoslaghdú. Agus aird ar iomláine na fianaise a bhí ar fáil, áfach, agus aird ar aois, cáilíochtaí agus taithí an achomharcóra, ní raibh an tOifigeach Achomhairc sásta go raibh srian substainteach ar an achomharcóir ó fhostaíocht oiriúnach a lorg, mar gheall ar mhíchumas sonrath, a measadh a leanfadh ar feadh bliain amháin, ar a laghad.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/24 Éisteacht ó Bhéal maidir le Liúntas Míchumais

An Cheist: Cáilitheacht (Leigheas)

Cúlra: Diagnósíodh go raibh NHEA (Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde/ Siondróm Asperger) ar an achomharcóir, a bhí 16 bliana d'aois. Rinne sé iarratas ar Liúntas Míchumais in Eanáir 2019 agus diúltaíodh an t-iarratas ar an mbunús nach raibh srian substainteach air ó fhostaíocht oiriúnach a lorg, mar gheall ar mhíchumas sonraithe, a measadh a leanfadh ar feadh bliain amháin, ar a laghad.

Éisteacht ó Bhéal: Ba í an cheist a bhí le scrúdú cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí a mheas gurbh ionann riocht sláinte an achomharcóra agus srian substainteach ar thabhairt faoi fhostaíocht a bheadh oiriúnach murach sin maidir lena aois, taithí agus cáilíochtaí agus, má d'fhéadfaí a mheas gurbh ionann é agus srian substainteach, cibé acu ar lean nó nár lean é seo nó an mbeadh nó nach mbeadh súil réasúnta leis go leanfadh é seo ar feadh tréimhse bliana, ar a laghad. Thagair an t-achomharcóir d'fhianaise liachta ag an éisteacht a cuimsíodh laistigh dá iarratas agus dheimhnigh sé go raibh éifeacht shuntasach ag a riocht ar a chumas chun idirghníomhú ar bhealach socair agus marthanach nó chun glacadh le treoir. Lean an t-achomharcóir ag freastal ar an scoil le cúnamh na dtacaíochtaí agus bheartaigh sé chun tabhairt faoin Ardteistiméireacht in 2021.

Breithniú: De réir thuairisc liachta Eanáir 2019, diagnósíodh go raibh NHEA/Siondróm Asperger ar an achomharcóir. Thug an DG le fios go mairfeadh an riocht sláinte seo ar feadh tréimhse éiginnte. Tá an phróifíl chumais a chuimsítear sa tuairisc liachta seo in ainm is a mhéid tionchar diúltach a d'imir na riochtaí sláinte don achomharcóir a dheimhniú i measc 16 chumas ghinearálta. Tugadh faoi deara i gcás an achomharcóra go ndearnadh difear trom don mheabhairshláinte/iompar agus don fhoghlaim/éirim ach nach ndearnadh difear ar bith nó go raibh difear measartha á dhéanamh d'fhormhór na gcatagóirí eile.

Bhí réimse cógais á ghlacadh ag an achomharcóir a chabhraigh go sonrach le cobhsú a reachta a bhainistiú. Bhí sé ag freastal ar an scoil agus bhí staidéar á dhéanamh aige ar roinnt ábhar dá Ardteistiméireacht, a raibh sé beartaithe aige tabhairt faoi i Meitheamh 2021. Tugadh faoi deara, áfach, fad a bhí sé san Idirbhliain, nár chríochnaigh sé ach 2 lá aon uair an chloig de thaithí oibre (as 20 lá). D'éascaigh a mháthair an socrúchán seo le fostóir áitiúil. Ina iarratas, in aighneacht a achomhairc agus ag an éisteacht ó bhéal, thagair máthair an achomharcóra dó seo agus do shamplaí eile do na hardleibhéil riachtanais tacaíochta a bhí ag a mac.

Agus aird ar a aois agus á aithint gur cheart go mbeadh sé ina chabhair gur lean sé ag freastal ar scoil phríomhshrutha chun scileanna agus cáilíochtaí a fhorbairt, ní fhéadfaí a dheimhniú go dtiocfadh laghdú ar éifeachtaí a reachta reatha sa mhéid sin go mbeadh sé in ann tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach, faoi mar a shainmhínítear é laistigh den reachtaíocht rialaithe. Nuair a bhí breithniú a dhéanamh air seo, dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc go raibh srian substainteach ar an achomharcóir ó fhostaíocht oiriúnach a lorg, mar gheall ar mhíchumas sonraithe, a lean nó ar measadh go leanfadh sé ar feadh bliain amháin, ar a laghad.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/25 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Míchumais

An Cheist: Cáilitheacht (Coinníoll an Ghnáthchónaithe)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir, Náisiúnach an AE, éileamh ar Liúntas Míchumais i Lúnasa 2016 agus níor ceadaíodh é seo i Samhain 2018 agus luadh é seo arís eile i gcinneadh i mBealtaine 2019. Bhí cónaí ar an achomharcóir ag seoladh lena pháirtnéir, ar náisiúnach Éireannach í, agus ba dhuine fásta cleithiúnach é an t-achomharcóir ar éileamh a pháirtnéara. Luaigh sé gur tháinig sé go hÉirinn i Márta 2016. Tugadh UPSP dó i mBealtaine 2017 agus bhí sé fostaithe ar feadh cuid den tréimhse idir Bealtaine 2017 agus Meán Fómhair 2018. De réir na dtaifead, bhí 38 ranníocaíocht ÁSPC íoctha ag an achomharcóir i rith na tréimhse seo. D'fhill sé ar a thír thionscnaimh ar feadh 3 mhí ó Mheán Fómhair go Nollaig 2018.

Diagnóis go raibh heipitíteas B agus ciorróis air agus d'fhreastail sé ar chlinic heipiteolaíochta ach ní raibh cógas á ghlacadh aige agus níor tógadh chun an ospidéal é le déanaí. Tugadh le fios go leanfadh na riochtaí seo, a thosaigh in 2015, sular tháinig sé go hÉirinn, ar feadh tréimhse éiginnte. D'aithin an t-achomharcóir in aighneacht an achomhairc, go raibh sé lasmuigh den Stáit ar feadh tréimhse trí mhí in 2018.

Reachtaíocht Rialaithe: Leagtar amach i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine), 2015 (I.R. Uimh. 548 de 2015) na cúinsí faoina mbíonn an ceart ag saoránach an AE chun cónaí sa Stát. Luaitear in Alt 210(9) d'Acht 2005, chun cáiliú do Liúntas Míchumais, caithfidh gnáthchónaí a bheith ar an duine sa Stát.

Foráiltear in Alt 246 d'Acht 2005 nach measfar go bhfuil gnáthchónaí ar dhuine sa Stát nach bhfuil an ceart aige/aici chun gnáthchónaí sa Stát.

Cuimsítear na príomhfhóralacha reachtaíochta a bhaineann le Liúntas Míchumais in Ailt 209 go 212 d'Acht 2005 agus Airteagail 137 go dtí 140 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú), 2007 (I.R. Uimh. 142 de 2007).

Breithniú: D'aithin an tOifigeach Achomhairc gurbh í an reachtaíocht rialaithe Alt 210 d'Acht 2005 a fhorálann gur féidir Liúntas Míchumais a íoc le duine a shásaíonn na critéir cháilitheacha maidir le haois, míchumas sonraithe, agus maoin. Anuas air sin, ceanglas den

reachtaíocht is ea é go mbíonn gnáthchónaí ar dhuine sa Stát. Leagtar amach in Alt 246 d'Acht 2005 na forálacha maidir le gnáthchónaí, agus tugtar cuntas i bhforálacha ábhartha dhlí an AE i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine), 2015 (I.R. Uimh. 548 de 2015).

Rinne an tOifigeach Achomhairc tagairt don phróiseas dhá chéim ina ndeimhnítear, sa chéad ásc, cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh a mheas go bhfuil an ceart ag duine chun cónaí i gcomhréir le dlí an AE agus, ar an dara dul síos, ina ndeimhnítear cibé acu an féidir nó nach féidir a mheas go bhfuil gnáthchónaí ar an duine agus tagairt á déanamh do na 5 thoisic a dtugtar cuntas orthu in Alt 246 d'Acht 2005.

Luaigh an tOifigeach Achomhairc go bhforáiltear in Alt 246 d'Acht 2005, nuair a bhíonn gnáthchónaí ar dhuine sa Stát, nach mór gach cúinse den chás a chur san áireamh, an méid seo a leanas ina measc, ach go háirithe: fad agus leanúnachas an chónaithe sa Stát nó in aon tír ar leith eile; fad agus cuspóir aon asláithreachta ón Stát; cineál agus patrún fhostaíocht an duine; príomhlíonú spéise an duine, agus an méid atá beartaithe ag an duine atá i gceist amach anseo faoi mar is dealraitheach iad nuair a chuirtear na cúinsí go léir san áireamh. Foráiltear in Alt 246 (5) nach féidir a mheas go bhfuil duine gnáthchónaí ar dhuine sa Stát nach bhfuil an ceart acu chun gnáthchónaí sa Stát.

Luaigh an tOifigeach Achomhairc go raibh stádas oibrí ag an achomharcóir go fóill ar feadh 6 mhí i ndiaidh gur cuireadh deireadh lena fhostaíocht i Meán Fómhair 2018. Mar gheall nach raibh an t-achomharcóir fostaithe ná féinfhostaithe a thuilleadh, nach raibh sé féinleorga ná nárbh mhac léinn é, ní raibh an ceart aige chun gnáthchónaí sa Stát. Chinn an tOifigeach Achomhairc, chomh maith, nach raibh teacht ag an achomharcóir ar cúnamh sóisialta i ndiaidh na 6 mhí tar éis gur cuireadh deireadh lena fhostaíocht.

Faoi na cúinsí siúd, chinn an tOifigeach Achomhairc nach raibh an ceart ag an achomharcóir chun gnáthchónaí sa Stát agus nárbh fhéidir a mheas go raibh gnáthchónaí air sa Stát.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/26 Éisteacht ó Bhéal maidir le Liúntas Míchumais

An Cheist: Cáilitheacht (Ceart chun Cónaí)

Cúlra: Tháinig na hachomharcóirí, ar náisiúnaigh an AE an bheirt díobh, go hÉirinn i dtosach in 2015 chun cónaí lena n-iníon a raibh cónaí uirthi in Éirinn le roinnt blianta anuas agus a bhí fostaithe, agus rinne siad iarratas ar Liúntas Míchumais. Cé gur measadh go raibh siad oiriúnach do Liúntas Míchumais i dtaobh cúrsaí leighis de, diúltaíodh an t-iarratas ar an mbunús nach raibh an ceart acu chun gnáthchónaí sa Stát agus, ar an ábhar sin, níor shásaigh siad coinníoll an ghnáthchónaithe do Liúntas Míchumais. Ní raibh aon stair fostaíochta in Éirinn ag ceachtar achomharcóir.

Éisteacht ó Bhéal: D'fhreastail na hachomharcóirí agus a n-iníon ar an éisteacht. Míniódh coinníoll an ghnáthchónaithe do na hachomharcóirí, an fhaisnéis ina measc a theastaíonn ón Oifigeach Achomhairc chun na cinntí a dhéanamh. Thug na hachomharcóirí cuntas ar cúinsí ar a stair agus cúinsí a dteaghlach sular tháinig siad go hÉirinn in 2015.

Luaigh siad gurbh í a n-iníon an t-aon leanbh a bhí acu. Bhí roinnt siblíní acu ina dtír thionscnaimh ach bhí na naisc lag agus bhí a dtuismitheoirí marbh anois. Bhí an bheirt acu fostaithe ina dtír thionscnaimh. Ó cuireadh deireadh lena bhfostaíocht, bhí pinsean stáit á fháil ag an mbeirt acu agus mhair siad leis an airgead a sholáthair na pinsin seo. Ní raibh teach teaghlach acu a thuilleadh ina dtír thionscnaimh agus ní raibh aon chuntais bhainc acu ansin ná in Éirinn. Fuair siad cúnamh airgeadais aonuaire óna n-iníon in 2014 nuair a bhí siad ag cónaí ina dtír thionscnaimh. Ní raibh aon fhianaise dhoiciméadach i leith an idirbhirt airgeadais seo. Dheimhnigh siad nach bhfuair siad aon tacaíocht airgeadais eile óna n-iníon sular tháinig siad go hÉirinn. Lean siad lena bpinsin a fháil trí chara leis an teaghlach a bhailigh a bpinsin agus a d'aistrigh an t-airgead go hÉirinn. Luaigh siad go raibh a n-iníon ag tacú leo ó tháinig siad go hÉirinn ach nár theastaigh uathu bheith ina n-ualach uirthi. Luaigh siad gur mhian leo oibriú in Éirinn ach bhí an iomad bacainní rompu agus aird ar a riochtaí sláinte.

Breithniú: Foráiltear in Alt 210 (9) d'Acht 2005 nach mbeidh duine i dteideal Liúntas Míchumais a fháil mura bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát. Foráiltear go ginearálta in Alt 246 (4) d'Acht 2005 do shainréithe sainmhínithe an mhéid a chiallaíonn sé de bheith 'ag gnáthchónaí', 5 thoisc, ach go háirithe, atá le cur san áireamh nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar phríomhlimistéar spéise duine agus an méid a bheartaíonn siad a dhéanamh amach anseo. Luaitear in Alt 246(5) d'Acht 2005 nach measfar go bhfuil gnáthchónaí ar dhuine sa Stát nach bhfuil an ceart aige/aici chun gnáthchónaí sa Stát.

Próiseas dhá chuid é a dheimhniú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gnáthchónaí ar dhuine inar gá, ar an gcéad dul síos, go mbíonn ceart ag an duine chun cónaí sa Stát agus, ar an dara dul síos, má dheimhnítear go bhfuil ceart chun cónaí sa Stát, go ndéantar measúnú faoi 5 thoisc lena dheimhniú limistéar spéise an duine agus an méid a bheartaíonn siad a dhéanamh amach anseo. Foráiltear in Alt 246(6) d'Acht 2005 do dhaoine a measfar a bhfuil an ceart acu chun cónaí sa Stát agus áirítear leis "duine a bhfuil an ceart aige nó aici faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine), 2015 (I.R. Uimh. 548 de 2015) chun an Stát a iontráil agus cónaí ann nó a meastar faoi na Rialacháin siúd go bhfuil cónaí dleathach air nó uirthi sa Stát)". Ba é an chéad chéim, ar an ábhar sin, chun breithniú a dhéanamh ar an gceart atá ag an achomharcóir chun cónaí agus aird ar an gcaoi go raibh cónaí anois orthu sa Stát ar feadh breis agus 3 mhí.

Tháinig na hachomharcóirí go hÉirinn in 2015 agus mar gheall ná chónaigh siad in Éirinn ar feadh tréimhse leanúnach 5 bliana, ní raibh an ceart acu chun cónaí faoi Rialacháin an AE.

Ba iad pinsin bheaga óna dtír thionscnaimh agus tacaíocht óna n-iníon a raibh ioncam teoranta aici féin agus a raibh cúram á thabhairt aici dá leanbh féin, an t-aon ioncam a bhí acu. Bhí iarratas á dhéanamh acu ar Liúntas Míchumais mar thacaíocht fhadtéarmach i ndiaidh gur thug an bheirt acu le fios nach mbeidís in ann oibriú mar gheall ar a riochtaí sláinte.

Thug seo le fios nach raibh dóthain acmhainní acu nach mbeidís ina n-ualach réasúnta ar chóras cúnamh shóisialta an Stáit. Ní raibh ceachtar de na hachomharcóirí in oideachas ná ní raibh staidéar á dhéanamh acu. Ní raibh ceart ag na hachomharcóirí, ar an ábhar sin, chun cónaí faoi Airteagal 6 de Rialacháin an AE I.R. 548 de 2015.

Saoránach den Aontas í iníon an achomharcóra a bhfuil an ceart aici chun cónaí mar gheall go bhfuil sí fostaithe. Ba í an cheist a raibh breithniú le déanamh uirthi ná cibé acu an raibh nó nach raibh an ceart ag achomharcóirí chun cónaí mar dhaoine muinteartha cáilitheacha, a ndéantar sainmhíniú a thabhairt orthu in Airteagal 3(5) de Rialacháin an AE. Gaolta díreacha a bhí sna hachomharcóirí i líne éiritheach a n-iníne ach chun go meastar gur daoine muinteartha cáilitheacha iad, caithfear a mheas gur gaol 'cleithiúnach' lena n-iníon an bheirt acu. Bunaithe ar an treoir ó Choimisiún an AE in 2009, caithfidh gurbh ann don 'cleithiúnacht' cheana féin sa tír chónaithe roimhe seo agus ní féidir é a chruthú de bhua na caoi gur bhog siad go hÉirinn. Cuimsítear sa chleithiúnacht tacaíochtaí ábhartha a fuarthas chun freastal ar bhunriachtanais agus aird ar dhálaí airgeadais agus sóisialta agus teastaíonn fianaise dhoiciméadach uaidh.

Thacaigh na hachomharcóirí leo féin trí oibriú ina dtír thionscnaimh agus trí na pinsin a bhí a bhfáil acu ina dhiaidh sin. Ba thacaíocht airgeadais aonuaire an t-aon tacaíocht a thug siad le fios, a fuair siad óna n-iníon in 2014 sular tháinig siad go hÉirinn agus ní raibh aon fhianaise dhoiciméadach ann ina leith sin. Níor dheimhnigh an fhianaise go raibh siad ag brath roimh ré ar a n-iníon sular tháinig siad go hÉirinn. Chinn an tOifigeach Achomhairc nach bhféadfaí a mheas go raibh na hachomharcóirí ag brath ar ghaolta díreacha a n-iníne agus ní raibh an ceart acu, mar thoradh air sin, chun cónaí in Éirinn faoi I.R. 548 de 2015. Faoi na cúinsí siúd, níor shásaigh siad coinníoll an ghnáthchónaithe chun críocha Liúntas Míchumais.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

Iarraidh ar athbhreithniú Alt 317: D'iarr na hachomharcóirí ar athbhreithniú ar chinntí an Oifigigh Achomhairc ina dhiaidh sin agus sholáthair siad eolas breise. Rinne an tOifigeach Achomhairc athbhreithniú ar na cinntí i gcomhthéacs na faisnéise a cuireadh ar fáil agus chuir san áireamh nár chuir aon fhreastalaithe an t-áitiú i láthair fad a bhí scrúdú domhain á dhéanamh ar an tsaincheist ag an éisteacht ó bhéal agus nár tugadh bunús leis an áitiú nua seo. Chinn an tOifigeach Achomhairc nach raibh dóthain fianaise ann chun na cinntí a leasú agus gur seasadh leis na cinntí gan na hachomhairc a cheadú.

Iarraidh ar athbhreithniú Alt 318: D'iarr na hachomharcóirí go ndéanfadh an Príomhoifigeach Achomhairc athbhreithniú ar na cinntí a rinne an tOifigeach Achomhairc. Níor mheas an Príomhoifigeach Achomhairc, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí an Oifigigh Achomhairc agus ar thoradh an athbhreithnithe a rinne an tOifigeach Achomhairc de bhun Alt 317 d'Acht 2005, go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid i dtaobh fírice nó dlí de agus dhiúltaigh sé chun cinntí an Oifigigh Achomhairc a leasú.

2019/27 Éisteacht ó Bhéal maidir le Liúntas Cúramóra

An Cheist: Cáilitheacht (cúram a cuireadh ar fáil)

Cúlra: Diúltaíodh iarratas an achomharcóra ar Liúntas Cúramóra ar an mbunús nach raibh cúram agus aird lánaimseartha á soláthar aici, faoi mar a cheanglaítear sa reachtaíocht rialaithe. Luaigh an t-achomharcóir ar an bhfoirm iarratais gur chabhraigh sí leis an gcúramaí maidir le folcadh agus cithfholcadh, gléasadh agus úsáid leithris. Theastaigh cabhair le soghluaisteacht, chomh maith, ón gcúramaí. Chomhlánaigh an t-achomharcóir foirm um chúram agus aird lánaimseartha, a d'eisigh an Roinn, inar luaigh sí gur chónaigh sí fad gearr ón gcúramaí. Luaigh sí gur sholáthair sí cúram don chúramaí 7 n-uaire an chloig sa lá, 3 lá sa tseachtain, agus thug sí cuntas ar an saghas cúnaimh a sholáthair sí. Chónaigh an chúramaí leis féin. Sholáthair an t-achomharcóir eolas breise leighis agus sceideal cúraim ina hachomharc a sholáthair sí don chúramaí, inar luaigh sí gur mhéadaigh sí na huaireanta inar sholáthair sí cúram.

Éisteacht ó Bhéal: Luaigh an t-achomharcóir ag an éisteacht ó bhéal go raibh riocht sláinte an chúramaí i ndiaidh éirí ní ba mheasa agus go raibh sí tugtha do thitim anois. Luaigh an t-achomharcóir gur mhéadaigh sí an líon uaireanta an chloig inar sholáthair sí cúram, ó rinneadh an bunchinneadh, aníos go dtí 5 huaire an chloig ar thrí lá agus 9 n-uaire an chloig ar thrí lá eile. Cuireadh litreacha breise ar fáil maidir le riocht sláinte an chúramaí.

Breithniú: Chuir an tOifigeach Achomhairc an leibhéal cúraim san áireamh ar luaigh an t-achomharcóir a bhí á sholáthar aici sula ndearna an tOifigeach Breithiúnachta an cinneadh ar a hiarratas. Chuir sé san áireamh, chomh maith, an leibhéal cúraim a sheol sí ar aghaidh lena hachomharc, a cuireadh ar fáil roinnt míonna i ndiaidh go ndearnadh an cinneadh sin, faoi mar a dheimhnigh an t-achomharcóir ag an éisteacht ó bhéal. Bhí srian ar an Oifigeach Achomhairc gan ach fianaise a chur san áireamh a bhí ann ag, nó roimh, dáta an iarratais. Mar gheall gur tháinig athrú ar chúinsí an chúramaí ó dháta an bhunchinnidh, agus go raibh an leibhéal cúraim a cuireadh ar fáil, faoi mar a leagtar amach san achomharc ar na cúinsí athraithe siúd, bhí srian ar an Oifigeach Achomhairc gan ach measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise ar bhunús an leibhéil chúraim a bhí a sholáthar ag dáta an éilimh.

Chinn an tOifigeach Achomhairc nach raibh cúram agus aird lánaimseartha á gcur ar fáil ag an achomharcóir ag dáta an éilimh don chúramaí, faoi mar a cheanglaítear sa reachtaíocht rialaithe. Cuireadh an t-achomharcóir ar an eolas gur fúithi a bhí sé athiarratas a dhéanamh ar Liúntas Cúramóra agus go ndéanfaí a cáilitheacht reatha a mheasúnú ar bhunús aon athraithe a tháinig ar chúinsí.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/28 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Cúramóra

An Cheist: Cáilitheacht (cúram a theastaigh agus a cuireadh ar fáil)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Liúntas Cúramóra agus diúltaíodh é ar an mbunús nach raibh cúram agus aird lánaimseartha á soláthar aici don chúramaí agus nach raibh cúram agus aird lánaimseartha ag teastáil ón gcúramaí, faoi mar a cheanglaítear sa reachtaíocht rialaithe.

Luaigh an t-achomharcóir ar an bhfoirm iarratais gur sholáthair don chúramaí 13 huaire an chloig sa lá, 7 lá sa tseachtain agus thug sí cuntas ar na dualgais laethúla a rinne sí don chúramaí. Luaigh an t-achomharcóir go raibh sí ag oibriú ar feadh a fhad le 15 huaire an chloig sa tseachtain agus gur bheartaigh sí leanúint ag oibriú ar feadh a mhéid le 15 huaire an chloig sa tseachtain. Chomhlánaigh fostóir an achomharcóra foirm a dheimhnigh an líon uaireanta an chloig a d'oibrigh an t-achomharcóir gach seachtain ar feadh tréimhse shocraithe. Luaigh an fostóir nár oibrigh sí níos giorra ná 24 uair an chloig gach seachtain i rith na tréimhse a bhí i gceist. Luaigh an t-achomharcóir ina hachomharc go raibh uirthi oibriú go lánaimseartha chun a morgáiste a íoc. Luaigh sí, murar éirigh lena hiarratas, laghdódh sí a huaireanta oibre.

Luadh sa tuairisc liachta a comhlánaíodh maidir leis an gcúramaí, a chomhlánaigh a DG, go raibh dúlagar trom air ar feadh roinnt blianta. Bhí stair leighis aige inar tháinig dúlagar trom agus ainsealach, hipirtheannas agus galar éadrom artaire chorónaigh air. Tógadh chun an ospidéal é roinnt mhaith uaireanta mar thoradh ar a riochtaí sláinte agus d'fhreastail sé ar speisialtóirí agus ordaíodh cógas iomadúil dó. Luadh go raibh an bealach a d'imir a riocht sláinte tionchar dá chumas chun gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh a bheith idir trom agus tromchúiseach i gcás meabhairshláinte/iompair agus go raibh gnáthchumas aige i gcás na ngníomhaíochtaí go léir eile a liostaítear. Luaigh an t-achomharcóir ina hachomharc gurbh othar cónaitheach a bhí sa chúramaí in dhá ospidéal roinnt uaireanta. Luaigh sí gur measadh go raibh sé inniúil chun cónaí leis féin an uair dheireanach a thug sé cuairt ar an ospidéal agus thug sí breis sonraí faoi riachtanais chúraim an chúramaí.

Breithniú: Ba iad na ceisteanna a raibh an tOifigeach Achomhairc lena mbreithniú cibé acu ar theastaigh nó nár theastaigh cúram lánaimseartha ón gcúramaí agus cibé acu an raibh nó nach raibh cúram lánaimseartha á sholáthar don chúramaí, faoi mar a leagtar amach sa reachtaíocht rialaithe.

Chuir an tOifigeach Achomhairc san áireamh riocht sláinte an chúramaí agus an chóir a bhí á cur air agus a mhéid a rinne sé difear dá ghníomhaíochtaí maireachtála laethúla, faoi mar a dheimhnigh a DG. Chuir an tOifigeach Achomhairc san áireamh, chomh maith, an cur síos ar a riocht sláinte agus a riachtanais chúraim, faoi mar a leag an t-achomharcóir amach ina hachomharc. Ar bhunús na faisnéise a bhí ar fáil dó, chinn an tOifigeach Achomhairc gur theastaigh cúram agus aird lánaimseartha ón gcúramaí laistigh de bhrí na reachtaíochta rialaithe.

Chuir an tOifigeach Achomhairc san áireamh an cháipéisíocht a sholáthair fostóir an achomharcóra inar luadh gur oibrigh sí ar feadh breis agus 15 huairé an chloig sa tseachtain sa tréimhse ó Iúil 2018 go Márta 2019. Foráiltear sna rialacháin ábhartha nach féidir a mheas go bhfuil cúram lánaimseartha á sholáthar ag duine a oibríonn lasmuigh dá b(h) aile ar feadh breis agus 15 huairé an chloig do chúramaí. Ar bhunús na faisnéise a bhí ar fáil don Oifigeach Achomhairc, chinn sé go raibh breis uaireanta an chloig á n-oibriú ag an achomharcóir lasmuigh den bhaile ná an líon uaireanta a cheadaítear sna rialacháin agus nach bhféadfaí a mheas go raibh cúram lánaimseartha á sholáthar ag an achomharcóir. Cuireadh an t-achomharcóir ar an eolas gur fúithi a bhí sé athiarratas a dhéanamh ar Liúntas Cúramóra dá dtiocfadh athrú ar a cúinsí agus go ndéanfaí a cáilitheacht a mheasúnú ar bhunús aon athraithe a tháinig ar chúinsí.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/29 Éisteacht ó Bhéal maidir le Liúntas Cúramóra

An Cheist: Cáilitheacht (cúram a theastaigh)

Cúlra: Níor cheadaigh an Roinn iarratas an achomharcóra ar Liúntas Cúramóra maidir leis an gcúram a sholáthair sé dá bhean chéile ar an mbunús nár deimhníodh gur theastaigh cúram agus aird lánaimseartha ón gcúramaí. Diagnósíodh go raibh fibrimíailge, tuirse ainsealach, pian ainsealach droma agus dúlagar ar bhean chéile an achomharcóra, a bhí go déanach sna tríochaidí. Bhí Liúntas Míchumais á fháil aici. Thug an t-achomharcóir le fios ar a fhoirm iarratais gur áiríodh leis na dualgais laethúla a rinne sé da bhean chéile: obair thí, aire a thabhairt dá leanbh, an leanbh a thabhairt ar scoil agus a bhailiú ón scoil, siopadóireacht grósaeirí cócaireacht, níochnán, agus aire a thabhairt do riachtanais laethúla a mhná céile.

Éisteacht ó Bhéal: Sholáthair an t-achomharcóir cuntas mionsonraithe ag an éisteacht ó bhéal ar riochtaí sláinte a mhná céile agus conas a rinne siad difear dá feidhmiú laethúil. Mhínigh an t-achomharcóir conas a theastaigh cúnamh óna bhean chéile chun an leaba a fhágáil, staighre a dhreapadh, dul isteach agus teacht amach ón ngluaisteán, agus stocaí a chur uirthi. Rinne sé cur síos ar conas nár éirigh léi gnáthobair thí a dhéanamh ná aire a thabhairt dá mbeirt leanaí gan chúnamh.

Luaigh sé gur éirigh léi a cógas féin a ghlacadh, agus gur úsáid sí an leithreas, go ndearna sí í féin a fholcadh/a chithfholcadh agus a ghléasadh, seachas óna stocaí a chur uirthi féin, go neamhspleách. Luaigh an t-achomharcóir nach raibh sé féin fostaithe agus nach raibh sé fostaithe riamh. D'oibrigh a bhean chéile go lánaimseartha sular tháinig breoiteacht uirthi.

Breithniú: Chuir an tOifigeach Achomhairc san áireamh ón gcuntas mionsonraithe a sholáthair an t-achomharcóir ina fhianaise scríofa agus ag éisteacht ó bhéal, gur léir gur ghlac sé le freagracht as gach tasc tí. Tugadh faoi deara gur thug an t-achomharcóir aire do bheirt leanaí na lánúine chomh maith le cúnamh praiticiúil a thabhairt dá bhean chéile le pé rud a theastaigh uathu, anuas ar thacaíocht mhothúcháinach a thabhairt di.

Is é an sainmhíniú a thugtar ar chúram agus aird lánaimseartha in Alt 179 (4) d'Acht 2005 “maoirseacht bhuan agus cúnamh rialta a thugtar i gcaitheamh an lae maidir le gnáthfheidhmeanna coirp”, nó “maoirseacht leanúnach chun baol dó nó di féin a sheachaint”. Cé gur ghlac an tOifigeach Achomhairc leis gur theastaigh cúnamh ó bhean chéile an achomharcóra agus go raibh srian uirthi maidir le go leor dá gnáthghníomhaíochtaí laethúla eile, ní raibh sí sásta gur bhain sé an leibhéal amach ina bhféadfaí a mheas gur theastaigh chúram agus aird lánaimseartha uaithe, faoi mar a shainmhínítear sa reachtaíocht rialaithe.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/30 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Cúramóra

An Cheist: Cáilitheacht (cúram a theastaigh)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Liúntas Cúramóra i mBealtaine 2018 maidir leis an gcúram a sholáthair sí dá fear céile. Diúltaíodh an t-iarratas ar an mbunús nach raibh chúram agus aird lánaimseartha ag teastáil ón gcúramáí, faoi mar a cheanglaítear sa reachtaíocht rialaithe. Bhí an cúramáí go luath ina óidí agus diagnóisíodh go raibh Galar Iscéimeach Croí (GIC), Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach (GSTA) agus galar soithíoch forimeallach air, agus a bhfuil

feitheamh air faoi láthair le máinliacht don ghalar seo agus rinneadh máinliacht seach-chonaire artaire chorónaigh air le déanaí. Measadh go raibh difear trom á dhéanamh dó maidir lena dheaslámhacht, a chumas chun a lámha a shíneadh amach, rudaí a chrochadh ón talamh/a iompar, cromadh/dul ar a glúine/dul ar a gogaide, suí/éirí, seasamh, staighre/dréimírí a dhreapadh agus siúl. Mhínigh an t-achomharcóir gur cuireadh in iúl dá fear céile go raibh máinliacht bhreise chairdiach i ndán dó. Luaigh sí nárbh fhéidir leis dul áit ar bith gan chúnamh mar gheall ar GSTA. Luaigh sí go n-éireadh sé an-lag agus marbhánta agus chruthaigh sin caighdeán an-íseal beatha dó agus luaigh sí nach raibh a neamhspleáchas aige a thuilleadh. Mhínigh sí gur theastaigh a cúnamh óna fear céile ar bhonn laethúil agus istoíche agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair dó nuair a chuirtear san áireamh go bhféadfadh sé dúiseacht agus é á bhrath aige go bhfuil easpa anála air.

Mar thacaíocht lena hachomharc, sheol an t-achomharcóir fianaise liachta bhreise ar aghaidh, tuairisc ó dhochtúir a fir chéile ina measc. Luadh ann go ndearnadh máinliacht seach-chonaire ceathrúla air in Aibreán 2018 agus go dtiocfadh gearranáil air ar saothar íosta agus gur tháinig crampaí air ina dhá chos nuair a bhí sé ag siúl. Luadh ann go bhféadfadh GSTA éadrom agus GIC a bheith mar chúis lena ghearranáil.

Breithniú: Bhí fear céile an achomharcóra thíos le breoiteacht thromchúiseach agus rinneadh máinliacht seach-chonaire ceathrúla air in Aibreán 2018. Dheimhnigh DG an achomharcóra go raibh difear trom á dhéanamh don chúramáí i ngach gné dá lúfaireacht agus dá shoghluaisteacht.

Tugadh faoi deara go dteastódh máinliacht bhreise ón gcúramaí a bhí casta mar gheall go raibh sé thíos le GSTA. De réir a litreach achomhairc, thug an t-achomharcóir cuntas soiléir ar dhrochshláinte a fir chéile.

Glacadh leis gur dhóchúil go dtiocfadh an cúramaí as an máinliacht; ach bhí difear trom á dhéanamh go fóill ag a riocht dó agus chuir an tOifigeach Achomhairc san áireamh go cuí go dteastaíonn máinliacht bhreise, faoi mar a dheimhnigh DG an chúramaí.

I ndiaidh breithniú a dhéanamh, ar an ábhar sin, ar an bhfianaise go léir i gcomhad agus á thabhairt faoi deara go raibh difear trom á dhéanamh don chúramaí maidir le lúfaireacht ag soghluaisteacht, chinn an tOifigeach Achomhairc gur dheimhnigh an fhianaise go raibh an cúramaí an-srianta i dtaobh an chumais a bhí aige chun tascanna bunúsacha an tsaoil laethúil a bhainistiú gan cúram agus aird shuntasach. Faoi na cúinsí siúd, bhí an tOifigeach Achomhairc sásta gur theastaigh cúram agus aird lánaimseartha ón gcúramaí. Thug an fhianaise le fios, chomh maith, go raibh maoirseacht ag teastáil nuair a chuirtear san áireamh go raibh difear trom a dhéanamh don chúramaí maidir le soghluaisteacht agus go raibh gearránáil air ar ghluaiseacht dó. Thug an fhianaise le fios, chomh maith, gur dhóchúil gur theastaigh cúram agus aird lánaimseartha ón gcúramaí ar feadh ar a laghad 12 mhí i ndiaidh a chéile, faoi mar a bhforáiltear dó sa reachtaíocht rialaithe.

Toradh: Ceadáíodh an t-achomharc

2019/31 Cinneadh Achomair faoi Dheontas Tacaíochta Cúramóra

An cheist á hachomharc: Cáilitheacht

Cúlra: Bronnadh Liúntas Cúramóra ar an achomharcóir ó Eanáir 2018 agus cuireadh an cinneadh seo in iúl di in Iúil 2018. Tugadh cuntas air sa chinneadh a rinne an Roinn gur oibrigh an t-achomharcóir breis agus 15 huaire an chloig sa tseachtain i gcaitheamh na tréimhse ó Aibreán go hlúil 2018 agus nach raibh sí i dteideal Liúntas Cúramóra a fháil, dá bharr, i rith na tréimhse seo. Foráiltear an reachtaíocht ábhartha sa chás seo in Ailt 179(1) agus (4) agus 224 d'Acht 2005 agus in Airteagail 136, 163 agus 164 de I.R. 164 de 2007. Baineann airteagal 136 le hábhar an cháis seo, ina sonraítear nach féidir le cúramóir breis agus 15 huaire an chloig sa tseachtain a oibriú agus airteagal 163 a fhoráilann go sásaíonn duine a bhfuil Liúntas Cúramóra á fháil aige/aici an 1ú Déardaoin i Meitheamh na coinníollacha teidlíochta do Dheontas Tacaíochta Cúramóra.

Breithniú: Chuir an tOifigeach Achomhairc san áireamh gur cuireadh an t-achomharcóir ar an eolas ar chinneadh na Roinne in Iúil 2018. D'aithin an t-achomharcóir gur oibrigh sí, mar a tharla, breis agus 15 huaire an chloig roinnt seachtainí ach go ndearna sí amhlaidh mar gheall ar riachtanas airgeadais.

Chuir an t-achomharcóir an tOifigeach Achomhairc ar an eolas gur chuir sí cúram ar fáil don chúramaí ó 2017 agus nach raibh cur amach aici ar Liúntas Cúramóra ach go dtí tráth luath in 2018. Tá an reachtaíocht maidir le Liúntas Cúramóra agus Deontas Tacaíochta Cúramóra saintreorach agus, ar an ábhar sin, ní raibh aon lánrogha ag an Oifigeach Achomhairc, fad a bhí fianaise an achomharcóra á cur san áireamh aige sa cheist seo.

Mar gheall nach raibh an t-achomharcóir i dteideal íocaíocht Liúntas Cúramóra a fháil an 1ú Déardaoin i Meitheamh, ní fhéadfaí Deontas Tacaíochta Cúramóra a íoc don bhliain 2018.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/32 Cinneadh Achomair faoi Shochar Cúramóra

An cheist á hachomharc: Cáilitheacht (cúram a theastaigh)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Shochar Cúramóra maidir leis an gcúram a sholáthair sí dá hathair. Diúltaíodh an t-iarratas ar an mbunús nár theastaigh maoirseacht leanúnach agus cúnamh rialta ón gcúramaí i gcaitheamh an lae le gnáthfheidhmeanna coirp ná nár theastaigh maoirseacht leanúnach uaidh chun baol dó a sheachaint. Diagnóisíodh go raibh scitsifréine pharanóideach, bodhaire agus siondróm sícea-orgánach ar an gcúramaí. Luaigh an DG san fhoirm iarratais gur ceapadh go mairfeadh na riochtaí ar feadh tréimhse éiginnte. Measadh sa phróifíl chumais/mhíchumais go raibh difear an-trom á dhéanamh don chúramaí i bhformhór na gcatagóirí, go raibh difear measartha á dhéanamh dó i gcatagóir amháin agus go raibh difear trom á dhéanamh dó i dtrí chatagóir. Luaigh an t-achomharcóir nach raibh a hathair in ann éirí as an leaba le ceithre bliana anuas, gur úsáid sé pillíní neamhchoinneálachta, nárbh fhéidir leis ithe ná ól leis féin, nach bhféadfadh sé siúl ná suí, go raibh fadhbanna codlata air agus go gcaithfeadh sé oícheanta ag béiceach go minic. Bhí a máthair aosta agus ní fhéadfadh sí aire a thabhairt dá fear céile a thuilleadh.

Breithniú: Is í an reachtaíocht ábhartha sa chás seo Alt 99(2) d'Acht 2005 a fhorálann nach measfar go dteastóidh cúram agus aird lánaimseartha ó dhuine murach go bhfuil sé nó sí faoi mhíchumas den saghas sin go dteastaíonn an méid seo a leanas uaidh nó uaithe ó dhuine eile

- (a) maoirseacht bhuan agus cúnamh rialta i gcaitheamh an lae maidir le gnáthfheidhmeanna coirp, nó
- (b) maoirseacht bhuan chun baol dó nó di a sheachaint.

Nuair a chuirtear an fhianaise san áireamh a cuireadh i láthair, bhí an tOifigeach Achomhairc sásta gur theastaigh cúram lánaimseartha ón gcúramaí, faoi mar a shainmhínítear é sa reachtaíocht ábhartha.

Toradh: Ceadáíodh an t-achomharc

2019/33 Éisteacht ó Bhéal maidir le Sochar Díobhálacha Ceirde Benefit/Sochar Míthreorach

An cheist á hachomharc: Cáilitheacht (cumas a chailleadh)

Cúlra: Bhí timpiste cheirde ag an achomharcóir in 2013, atá go luath ina 20idí. Mar thoradh air sin, baineadh barra a chormhéire agus a mhéire fada ar lámh amháin. Chuir sé an tOifigeach Achomhairc ar an eolas gur oibrigh sé go fóill lena fhostóir, nár chuir in aghaidh chúinsí na timpiste. Thug an t-achomharcóir cuntas ar an gcóir a bhí á cur air ag tráth na timpiste, ina raibh air fanacht san ospidéal ar feadh tréimhse ghearr, chomh maith. Ba ghá roinnt máinliacht bhreise a dhéanamh air agus rinneadh máinliacht air faoi shainchomhairleoir nua. Baineadh ní ba mhó dá mhéar agus beidh níos mó le baint dá lúidín. Sula ndearna an Measúnóir ón Roinn an measúnú leighis, thug an t-achomharcóir cuntas ar an tionchar a d'imir a ghortú. Bhí sé thíos go minic le hionfhabhtú, pian, srianadh agus féinfheasacht. Chuir sé íomhánna grianghraif ar fáil. Níor imríodh tionchar air in go leor gníomhaíochtaí den mhaireachtáil laethúil ach thug sé le fios go raibh athchuímhni agus brionglóidí aige amanna faoin méid a tharla.

Ag measúnú leighis na Roinne, thug an t-achomharcóir le fios conas a tharla an timpiste agus thug sé méid na ngortuithe le fios. Dúirt sé go raibh ionfhabhtuithe athfhillteacha air agus go dteastódh máinliacht bhreise uaidh. Is é an tionchar a imríonn a ghortú ná go bhfuil barra a dhá mhéire an-íogair, go mbíonn siad pianmhar i rith aimsir fhuar agus nach bhfuil greim a lámhe chomh hiontaofa mar a bhí sé roimhe seo. Bhrath sé cúthail faoina ghortú agus dá mbeadh uirlis chreathach á húsáid aige ag an obair, bheadh pian air ag láthair an ghortaithe. Thug an Measúnóir Leighis faoi deara go raibh sé deaslámhach agus go raibh sé in ann feidhmiú ina phost. Thug an Measúnóir Leighis torthaí tuairisce le fios go raibh a chormhéar chlé slán agus go raibh greim 85% den ghnáthchumas aige. Thug an Measúnóir Leighis le fios go raibh difear éadrom á dhéanamh dó i dtaobh deaslámhachta agus rudaí a chrochadh ón talamh/a iompar lena lámh chlé. Cuireadh in iúl go raibh sé thíos le cailteanas cumais 11% - 5% dá chormhéar, 4% dá mhéar fhada agus 2% don sequelae síceolaíoch a bhí air.

Thug an t-achomharcóir cuntas ina achomharc ar an éifeacht dhíobhálach a bhí ag a ghortuithe ar a shaol agus conas a d'imir an chóireáil leanúnach air agus an éifeacht a bhí ag a ghortú ceirde air i dtaobh peirspictíocht fhisiciúil agus shíceolaíoch. Cuireadh fianaise liachta thacaíochta ar fáil inar tugadh cuntas ar na héifeachtaí ba dhéanaí agus go mbeadh cóireáil bhreise ag teastáil.

Breithniú: Thagair an tOifigeach Achomhairc do na méideanna forordaithe míchumais, a leagtar amach in Alt 75 d'Acht 2005, do na saghsanna éagsúla de ghortuithe a raibh sé thíos leo. Bronnadh cailteanas cumais 11% ar an achomharcóir, ar an iomlán. Scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc na 3 ghné den bhronnadh seo ar bhonn aonair.

I dtaobh chormhéar an achomharcóra, bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc an fhianaise leighis agus ghrianghrafach a cuireadh ar fáil ag an measúnú leighis agus ar bhreathnóireacht ag an éisteacht ó bhéal, chomh maith. Bronnadh cailteanas cumais 5% ar an achomharcóir, arbh é sin an céatadán forordaithe a leagtar amach sa reachtaíocht do ghortú den saghas sin do chormhéar. Ní dhearnadh máinliacht bhreise ar mhéar an achomharcóra, agus mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh an measúnú seo ar aon dul le forálacha na reachtaíochta ábhartha.

Maidir lena dara méar, thagair an tOifigeach Achomhairc don ghá a bhí le máinliacht bhreise, i ndiaidh don Mheasúnóir Leighis ón Roinn measúnú a dhéanamh air. Baineadh an tátal as gur chaill an t-achomharcóir cuid den mhéar seo a fhad siar le “falang amháin”, go bunúsach. Bronnadh cailteanas cumais 4% ar an achomharcóir, arbh é sin an céatadán forordaithe a leagtar amach sa reachtaíocht do “teascadh gilitín a dhéanamh ar bharr méire gan cnámh a chailleadh” don mhéar fhada. Is é an cailteanas cumais a bhronntar ar an méar seo a fhad siar le “falang amháin” 7% agus bhain an tOifigeach Achomhairc an tátal as go raibh cailteanas cumais 7% cuí dá mhéar fhada.

Bhain an chuid deiridh den chinneadh le sequelae. Rinneadh tagairt d’fhianaise féin an achomharcóra agus do ghníomhaíochtaí na maireachtála laethúla, ar thug an t-achomharcóir le fios go bhfuil difear á dhéanamh dóibh ag na gortuithe a rinneadh don achomharcóir sa timpiste cheirde. Chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh an t-achomharcóir i dteideal méadú ar an gcéatadán a bronnadh, aníos ó 2% go 3%, maidir le sequelae, bunaithe ar an gcur síos a rinne sé ar éifeacht a ghortuithe, go raibh sé ag fulaingt go leanúnach agus idirghabháil leighis a theastaigh. Go hachomair, chinn an tOifigeach Achomhairc gur cháiligh an t-achomharcóir do Shochar Míthreorach ar ráta cailteanas cumais 15% don saol.

Toradh: Ceadáíodh an t-achomharc

4.3 Cás-Staidéir:

Aois Oibre –
Tacaíochtaí loncaim

2019/34 Éisteacht ó Bhéal maidir le hÍocaíocht Teaghlaigh Oibre

An Cheist: Cáilitheacht (maoin)

Cúlra: Níor ceadaíodh iarratas an achomharcóra ar Íocaíocht Teaghlaigh Oibre a athnuachan ar an mbunús gur sháraigh a comhioncam ó fhostaíocht, íocaíocht leasa shóisialaigh sheachtainiúil agus cothabháil sheachtainiúil faoi Ordú Cúirte an teorainn chun cáiliú don íocaíocht seo. Mhaígh an t-achomharcóir nach raibh meas á léiriú ag a hiarpháirtneir ar an Ordú Cúirte do chothabháil. Mhaígh an Roinn gur lean cothabháil sheachtainiúil faoi Ordú Cúirte a bheith inmheasúnaithe mar mhaoin d'Íocaíocht Teaghlaigh Oibre fiú faoi chúinsí nuair nach raibh meas á léiriú air agus go raibh an dualgas ar an achomharcóir chun dul sa tóir ar a chur i bhfeidhm.

Éisteacht ó Bhéal: Dheimhnigh an t-achomharcóir ag éisteacht an achomhairc nach rabhthas ag cur in aghaidh a hioncaim, faoi mar a leagtar amach i dtuarascáil mheasúnaithe maoin na Roinne. Luaigh an t-achomharcóir, áfach, nach raibh meas á léiriú ag athair a linbh ar an Ordú Cúirte do chothabháil a bhí i bhfeidhm ag tráth athnuachana na hÍocaíochta Teaghlaigh Oibre agus dheimhnigh sí nár íoc sé ach ó thráth go tráth. Dheimhnigh an t-achomharcóir, chomh maith, gur fhill sí ó shin i leith ar na Cúirteanna agus gur laghdaigh Ordú Cúirte leasaithe an íocaíocht chothabhála i Márta 2019. Mhínigh an tOifigeach Achomhairc don achomharcóir go ndéantar measúnú ar an tástáil ioncaim d'Íocaíocht Teaghlaigh Oibre ag dáta an éilimh agus má thagann méadú nó laghdú ar mhaoin an achomharcóra i rith na bliana, seastar leis an mbunmheasúnú. Mura gceadaítear éileamh, is faoi dhuine a bhíonn sé chun iarratas eile a dhéanamh ar an íocaíocht seo má tháinig laghdú ar an gcomh-mhaoin faoi bhun na tairsí reatha €521 sa tseachtain d'Íocaíocht Teaghlaigh Oibre do 1 leanbh fad a leantar leis an líon riachtanach uaireanta an chloig a oibriú.

Breithniú: Chinn an tOifigeach Achomhairc, de réir na reachtaíochta rialaithe d'Íocaíocht Teaghlaigh Oibre (Ailt 227 go 233 d'Acht 2005 agus Airteagail 173 agus 174 de I.R. Uimh. 142 de 2007) go bhfuil an t-ioncam go léir, cothabháil san áireamh, ó Ordú Cúirte, faoi dhliteanas measúnú iomlán nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi theidlíocht nó teidlíocht leanúnach duine d'Íocaíocht Teaghlaigh Oibre lúide aon asbhaintí reachtúla. Cé gur dheimhnigh an t-achomharcóir nach raibh an chothabháil á híoc go rialta, chinn an tOifigeach Achomhairc go ndearna an Roinn measúnú ceart ar a hioncam seachtainiúil iomlán.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/35 Cinneadh Achomair faoi Íocaíocht Teaghlaigh Oibre

An Cheist: Leanbh Cáilithe (oideachas lánaimseartha)

Cúlra: Bhí Íocaíocht Teaghlaigh Oibre á fáil ag an achomharcóir ar an mbunús go raibh leanbh cáilithe amháin aige. Ag an dáta athnuachana in Aibreán 2019, níor cháilligh an t-achomharcóir mar gheall gur bhain an leanbh 22 bliain d'aois amach ní ba luaithe in 2019. Rinne an t-achomharcóir achomharc ar an mbunús go raibh a mhac, aois 22 bliain, in oideachas lánaimseartha.

Breithniú: Is é an sainmhíniú a thugtar sa reachtaíocht Leasa Shóisialaigh ar leanbh cáilithe ná leanbh atá faoi 18 mbliana d'aois nó níos sine ná 18 mbliana d'aois agus níos óige ná 22 bliain d'aois agus a bhfuil oideachas lánaimseartha á chur air/uirthi. Má bhaineann leanbh cáilithe aois 22 bliain amach fad a bhíonn sé/sí in oideachas lánaimseartha go fóill, leanfar leis an íocaíocht a dhéanamh go dtí deireadh na bliana acadúla nó go dtí deireadh an éilimh, más luaithe sin. Bhain leanbh an achomharcóra 22 bliain d'aois amach go luath in 2019 agus níor leanbh cáilithe é a thuilleadh, ar an ábhar sin, ag dáta athnuachana an éilimh in Aibreán 2019. Cé gur thug an tOifigeach Achomhairc forais achomhairc an achomharcóra faoi deara, luaigh sé go dtugtar sainmhíniú soiléir sa reachtaíocht ar leanbh cáilithe agus nach gceadaítear aon lánrogha ina leith sin.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/36 Éisteacht ó Bhéal maidir le Sochar Cumais Pháirtigh

An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Shochar Cumais Pháirtigh i nDeireadh Fómhair 2017. Ceadaíodh a hiarratas ó Eanáir 2018 ar ráta 50%, bunaithe ar an measúnú leighis a dheimhnigh go raibh difear measartha á dhéanamh ag a cúinsí leighis di. Rinne an t-achomharcóir achomharc ar an measúnú a rinneadh ar dhifear measartha.

Bhí sé ar intinn ag an achomharcóir obair a thosú i Samhain 2017 ar feadh 8 n-uaire an chloig sa tseachtain. Níor thosaigh sí an post sin, áfach, agus níor íocadh an Sochar Cumais Pháirtigh dá bharr. Bhí Pinsean Easláine á fháil aici.

Dheimhnigh an fhianaise liachta a bhí ar fáil ag tráth a hiarratais go raibh sí thíos le narcaileipse. Deimhníodh go raibh difear idir trom agus tromchúiseach a dhéanamh di maidir le meabhairshláinte/iompar, go raibh difear measartha á dhéanamh di maidir le foghlama/éirim, comhfhiosacht/taomanna, cothromaíocht/comhordú staighre/dréimírí a dhreapadh agus go raibh difear éadrom á dhéanamh di maidir le deaslámhacht agus siúl. Chuir speisialtóir neamhord codlata roinnt tuairiscí liachta ar fáil, chomh maith.

Breithniú: Tá Sochar Cumais Pháirtigh iníoctha i gcásanna ina bhfuil srian ar dhuine incháilithe i dtaobh cumas chun oibre mar gheall ar riocht sláinte i gcomparáid leis an ngnáthchumas, agus go ndéanann an duine iarratas chun tosú ag oibriú nó filleadh ag oibriú leis an lucht saothair. Foráiltear sa reachtaíocht Leasa Shóisialaigh gur féidir duine cáiliú do Shochar Cumais Pháirtigh má mheastar go bhfuil an srian ar a gcumas chun oibre measartha, tromchúiseach, nó trom. Chun críocha éileamh an achomharcóra ar Shochar Cumais Pháirtigh, thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go bhfuil Pinsean Easláine á fháil ag an achomharcóir a bhí á bhronnadh ó faomhadh a hiarratas ar Shochar Cumais Pháirtigh agus nár thosaigh an t-achomharcóir fostaíocht riamh, faoi mar a bhí beartaithe aici.

Rinne an tOifigeach Achomhairc breithniú ar an bhfianaise go léir, an fhianaise liachta ina measc i dtaca le siomptóim leanúnacha an achomharcóra agus thug sé faoi deara nach raibh an t-achomharcóir ag oibriú ó 2016 ar aghaidh, agus chinn sé go raibh cumas iarmharach ag an achomharcóir chun roinnt oibre a dhéanamh ag an tráth sin, cé go mbeadh an obair sin ar leibhéal íosta i dtosach, ag an tráth sin, ar an ábhar sin, rinne sé an cinneadh go raibh srian tromchúiseach ar a cumas chun oibre ag an tráth sin.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/37 Cinneadh Achomair faoi Shochar Cumais Pháirtigh

An Cheist: Cáilitheacht (leigheas)

Cúlra: Bhí Pinsean Easláine á fháil ag an achomharcóir agus diúltaíodh a hiarratas ar Shochar Cumais Pháirtigh. Luaigh an t-achomharcóir go raibh sí thíos le codladh grifín, pian, creathadh, tuirse, tinneas, díchuimhne, codladh suaite agus freangaí matáin. Ní fhéadfaidh sí suí ar feadh tréimhsí fada agus chruthaigh seasamh ar feadh tréimhsí fada pian di. Líon a DG tuairisc liachta. Ba é an diagnóis a rinneadh ná fibrimailge agus mhairfeadh an riocht ar feadh tréimhse éiginnte. Ba é a stair leighis ná tuirse, mígréin agus caipín ligthe súile. D'fhreastail an t-achomharcóir ar Aonad Réamaiteolaíochta agus bhí imscrúduithe breise le déanamh ar a riocht. Luaigh an t-achomharcóir go raibh Sochar Breoiteachta, Liúntas Míchumais agus Pinsean Easláine á bhfáil aici le 7 mbliana anuas.

Breithniú: Sonraítear sa reachtaíocht rialaithe na coinníollacha faoina measfaí go mbeadh srian tromchúiseach, trom, measartha nó éadrom ar dhuine i dtaobh a c(h)umais chun oibre. Meastar go bhfuil srian measartha ar chumas chun oibre duine má mheastar go bhfuil cumas chun oibre ag an duine sin a bhí ní ba mhó ná aon leath agus nach mó ná ceithre chúigiú de ghnáthchumas duine den aois chéanna nach raibh aon srian ar a c(h)umas chun oibre. Luadh sa Phróifíl Chumais a líon a DG go raibh difear measartha á dhéanamh don achomharcóir maidir le rudaí a chrochadh ón talamh/a iompar, cromadh/dul ar a glúine/dul ar a gogaide, suí/éirí, seasamh, staighre/dréimírí a dhreapadh.

Bhí difear éadrom á dhéanamh di maidir le lámha a shíneadh amach, deaslámhacht agus siúl. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur fhreastail an t-achomharcóir ar an Aonad Réamaiteolaíochta agus go raibh imscrúduithe breise le déanamh ar a riocht. I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir, chinn an tOifigeach Achomhairc gurbh ionann riocht sláinte an achomharcóra agus gur lean srian measartha a bheith ar a cumas chun oibre.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/38 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Cuardaitheora Poist

An Cheist: Cáilitheacht (teip ar fhreastal ar chruinnithe gníomhachtaithe)

Cúlra: Bhí Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil ag an achomharcóir agus atreoraíodh é, maidir leis an éileamh sin, chuig soláthraí seirbhíse JobPath. Theip ar an achomharcóir freastal ar dhá choinne ar leith leis an soláthraí seirbhíse. Chas oifigeach de chuid na Roinne leis an achomharcóir agus míníodh dó na treoirlínte maidir le ráta pionóis agus go bhféadfaí a íocaíocht a laghdú mura ndéanfaidh sé teagmháil leis an soláthraí seirbhíse. Chomhaontaigh an t-achomharcóir chun freastal ar choinní amach anseo ach theip air freastal ar chruinniú breise a sceidealáíodh agus cuireadh ráta pionóis i bhfeidhm.

Sceidealáíodh dhá choinne bhreise agus theip ar an achomharcóir freastal ar an dá cheann. Rinne an t-achomharcóir teagmháil lena Ionad Intreo áitiúil agus dúirt sé go ndearna sé dearmad gach uair ar fhreastal ar na coinní. Chomhaontaigh an t-oifigeach chun a íocaíocht a thosú arís agus é curtha in iúl go soiléir don achomharcóir go mbeadh air freastal ar an gcéad chruinniú eile. Níor fhreastail an t-achomharcóir ar an gcruinniú seo.

Scríobh an Roinn chuig an achomharcóir agus cuireadh ar an eolas é go gcuirfí ráta pionóis i bhfeidhm agus go laghdófaí a íocaíocht. Cuireadh in iúl don achomharcóir, chomh maith, go ndéanfaí coinne eile a sceidealú leis an soláthraí seirbhíse agus dá leanfaidh ag teip air comhlíonadh i ndiaidh an íocaíocht laghdaithe a fháil ar feadh 21 lá, gan chúis mhaith, go ndícháileofaí é ó Liúntas Cuardaitheora Poist a fháil ar feadh tréimhse 9 seachtaine. Theip ar an achomharcóir freastal ar dhá choinne bhreise leis an soláthraí seirbhíse. Scríobh an Roinn chuig an achomharcóir inar cuireadh ar an eolas é gur dícháilíodh é ó íocaíocht a fháil ar feadh tréimhse 9 seachtaine ar an mbunús go raibh ráta pionóis á ghearradh air ar feadh 21 lá nó níos faide i ngeall gur theip air nó gur dhiúltaigh sé chun freastal ar chruinnithe gníomhachtaithe.

Breithniú: Ba í an cheist a bhí á hachomharc ná cibé acu ar theip nó nár theip ar an achomharcóir, gan chúis mhaith, chun freastal ar chruinnithe gníomhachtaithe agus ar gearradh ráta pionóis air agus ar dícháilíodh é ar feadh 9 seachtaine ina dhiaidh sin dá bharr. Ceadaítear in Ailt 141A agus 141B d'Acht 2005 chun ráta pionóis a ghearradh ar Liúntas Cuardaitheora Poist duine nuair a theipeann ar an duine sin, gan chúis mhaith, chun freastal ar chruinnithe gníomhachtaithe, nó ar scéimeanna, cláir nó cúrsaí eile forordaithe a bhaineann le Liúntas Cuardaitheora Poist.

Gearrtar an ráta pionóis ar feadh 21 lá. Má tá ag teip go fóill ar dhuine, i ndiaidh 21 lá, gan cúis mhaith, chun freastal ar chruinnithe gníomhachtaithe nó scéimeanna, cláir nó cúrsaí eile forordaithe, dícháileofar iad ansin ó Liúntas Cuardaitheora Poist a fháil ar feadh a fhaide le 9 seachtaine. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara ó litir achomhairc an achomharcóra nár chuir sé cúis ar bith ar fáil maidir leis an bhfáth gur theip air freastal ar 9 gcruinniú gníomhachtaithe.

Luaigh an t-achomharcóir go raibh sé thíos le dúlagar ach nár nochtadh é seo don Roinn riamh agus ní raibh aon fhianaise liachta curtha ar fáil a thacaigh leis seo.

I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar shonraí an cháis, bhí an tOifigeach Achomhairc sásta gur cuireadh an ráta pionóis agus an dícháiliú ina dhiaidh sin i bhfeidhm i gceart agus ar aon dul leis an reachtaíocht ábhartha. Níor dheimhnigh an t-achomharcóir go raibh cúis mhaith leis gur theip air freastal ar na cruinnithe gníomhachtaithe.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/39 Éisteacht ó Bhéal maidir le Liúntas Cuardaitheora Poist

An Cheist: Cáilitheacht (maoin)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Liúntas Cuardaitheora Poist in 2018 agus diúltaíodh an t-iarratas. Chuir an Roinn an t-achomharcóir ar an eolas nach raibh sé i dteideal Liúntas Cuardaitheora Poist ar an mbunús gur sháraigh a mhaoin an ráta Liúntas Cuardaitheora Poist a bheadh iníoctha bunaithe ar chúinsí teaghlaigh an achomharcóra.

Breithniú: Ina litir achomhairc, liostaigh an t-achomharcóir tosca a bhrath sé gur cheart a chur san áireamh nuair a bhí cinneadh á dhéanamh faoina éileamh. Chuir an t-achomharcóir in aghaidh an mhodha a úsáideadh nuair a bhí a mhaoin á ríomh maidir le hioncam a mhná céile ó fhostaíocht inárachais.

D'iarr sé go gceadófaí asbhaintí maidir le híocaíochtaí morgáiste agus costais teaghlaigh agus gur cheart a chur san áireamh go raibh a bhean chéile torrach le 31 seachtain anuas ag tráth a iarratais ag tráth an go raibh dhá riocht sláinte uirthi a bhain le toircheas. Luaigh an t-achomharcóir nach raibh sé i dteideal cárta leighis nó cárta cuairte DG. Luaigh sé, mar gheall gur oibrigh sé roimhe seo i gCeanada, bhrath sé gur cheart go mbeadh na ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a d'íoc sé i gCeanada a bheith inríofa nuair a bhíonn a theidlíocht á ríomh in Éirinn.

Cuimsítear na forálacha reachtaíochta a rialaíonn measúnú a dhéanamh ar mhaoin i gCuid 1 agus 2 de Sceideal 3 d'Acht 2005, agus Airteagail 141 go 158 de I.R. 142 de 2007. Luaitear in Airteagal 153(2) de Rialacháin 2007, nuair a bhíonn an mhaoin a eascraíonn as fostaíocht inárachais chéile, pháirtnéara shibhialta, nó chomháitritheora á ríomh, glacfar leis gurbh ionann é agus 60% den mheántuilleamh seachtainiúil ón bhfostaíocht sin.

Luaitear in Airteagal 153(4) go ríomhtar meántuilleamh seachtainiúil trí ÁSPC, ranníocaíochtaí pinsin, táillí ceardchumann, agus €20 a asbhaint maidir le gach lá fostaíocht inárachais, faoi réir €60 sa tseachtain, ar a mhéid.

Chuir an t-achomharcóir in aghaidh na bhfigiúirí a úsáideadh nuair a bhí maoin á ríomh agus luaigh sé nárbh fhíorléiriú é olltuarastal a mhná céile, faoi mar a cuireadh san áireamh é, ar ioncam an teaghlaigh.

I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar ríomhanna an Oifigigh Bhreithiúnachta, bhí an tOifigeach Achomhairc sásta gur ríomhadh iad ar aon dul leis an reachtaíocht ábhartha agus gur cheadaigh sé gach asbhaint a cheadaítear a dhéanamh. Sháraigh maoin an achomharcóra, faoi mar a measúnaíodh, an ráta uasta de Liúntas Cuardaitheora Poist a bhí iníoctha bunaithe ar chúinsí a theaghlaigh. Ní cheadaítear asbhaintí ar leith aonair a dhéanamh sa reachtaíocht maidir le Liúntas Cuardaitheora Poist a íoc, faoi mar a ndéantar cur síos air sa litir achomhairc.

Luaigh an tOifigeach Achomhairc, cé go bhfuil comhaontú déthaobhach ag rialtais na hÉireann agus Cheanada maidir le slándáil shóisialach, is é príomhchuspóir an chomhaontaithe chun cearta pinsin daoine a chosaint a d'íoc ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh in Éirinn agus a d'íoc ranníocaíochtaí i dtréimhsí inríofa sa tír eile. Níl Sochar Cuardaitheora Poist ar cheann de na scéimeanna atá cumhdaithe ag an gcomhaontú seo.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/40 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Cuardaitheora Poist

An Cheist: Cúlra: Cáilitheacht (teip ar fhreastal ar chruinnithe gníomhachtaithe)

Bhí Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil ag an achomharcóir ó 2016. Theip air freastal ar roinnt coinní gníomhachtaithe in 2018 agus b'eol dó go ngearrfaí ráta pionóis dá leanfadh ag teip air teagmháil a dhéanamh. Níor fhreastail sé ar chruinnithe gníomhachtaithe ina dhiaidh sin trí huairid idir 2018 agus 2019 agus cuireadh ráta pionóis i bhfeidhm ar a éileamh ar Liúntas Cuardaitheora Poist. Cuireadh an t-achomharcóir ar an eolas i litir gur laghdaíodh a Liúntas Cuardaitheora Poist €44.00 sa tseachtain ar feadh tréimhse trí seachtaine mar gheall gur theip air freastal ar choinní gníomhachtaithe. Faoi alt 195 d'Acht 2005, ní féidir Liúntas Cuardaitheora Poist a fháil maidir le haon éileamh ar Liúntas Cuardaitheora Poist a bhfuil ráta pionóis á ghearradh air.

Nuair a fuair an t-achomharcóir fógra ón Roinn go raibh an ráta pionóis á ghearradh, thug sé cuairt ar oifigí na Roinne agus cuireadh in iúl dó go stopfaí leis an ráta pionóis a ghearradh dá bhfreastalódh sé ar chruinniú ateagmhála. Theip air, áfach, chun freastal ar an gcruinniú seo agus sceidealaíodh cruinniú ateagmhála eile.

Cuireadh a éileamh ar fionraí ansin ar feadh tréimhse 9 seachtaine mar gheall go raibh ráta pionóis á ghearradh air ar feadh breis agus 21 lá agus nach ndearna sé teagmháil leis an bpróiseas gníomhachtaithe, faoi mar a mhol an Roinn dó i scríbhinn. I rith na tréimhse 9 seachtaine, socraíodh trí choinne bhreise gníomhachtaithe don achomharcóir. Níor thapaigh an t-achomharcóir an deis chun freastal ar na cruinnithe seo agus níor sholáthair sé aon chúis mhaith lena neamhfheastal.

Chuir an Roinn an t-achomharcóir ar an eolas i litir go raibh a éileamh ar Liúntas Cuardaitheora Poist á dhícháiliú agus go raibh íocaíocht an éilimh a cur ar fionraí. Ní dhearna sé aon iarracht ina dhiaidh sin chun teagmháil a dhéanamh leis an bpróiseas gníomhachtaithe arís eile. Tugadh faoi deara gur chuir an Roinn tús le hathbhreithniú ar a éileamh in 2019 agus theip ar an achomharcóir freastal ar na cruinnithe seo, chomh maith.

Breithniú: Ceadáítear in Ailt 141 d'Acht 2005 chun ráta pionóis a ghearradh ar éileamh Liúntas Cuardaitheora Poist duine nuair a theipeann ar an duine sin, gan cúis mhaith, chun freastal ar chruinnithe gníomhachtaithe, nó ar scéimeanna, cláir nó cúrsaí eile forordaithe a bhaineann le Liúntas Cuardaitheora Poist. Gearrtar an ráta pionóis ar feadh 21 lá. Má tá ag teip go fóill ar dhuine, i ndiaidh 21 lá, gan cúis mhaith, chun freastal ar chruinnithe gníomhachtaithe nó scéimeanna, cláir nó cúrsaí eile forordaithe, is féidir an duine a dhícháiliú ó Liúntas Cuardaitheora Poist a fháil ar feadh a fhaide le 9 seachtaine. Bhí an tOifigeach Achomhairc sa chás seo sásta gur theip arís agus arís eile ar an achomharcóir chun aghaidh a thabhairt ar an bpróiseas gníomhachtaithe faoi mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht ábhartha agus níor léiríodh cúis mhaith leis an teip ar fheastal ar chruinnithe sceidealaithe.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/41 Cinneadh Achomair faoi Shochar Cuardaitheora Poist

An Cheist: Cáilitheacht (caillteanas substainteach fostaíochta)

Cúlra: Bhí an t-achomharcóir ag oibriú go lánaimseartha agus d'fhill sí ar an obair ar bhonn páirtaimseartha in 2018 i ndiaidh saoire mháithreachais. Rinne sí iarratas ar Shochar Cuardaitheora Poist agus diúltaíodh a héileamh ar an mbunús nár measadh go raibh sí ar fáil chun obair lánaimseartha a dhéanamh ná nach raibh fíor-iarrachtaí réasúnta á ndéanamh aici chun fostaíocht a lorg.

Rinne sí iarratas eile ar Shochar Cuardaitheora Poist ní ba dhéanaí in 2018 agus diúltaíodh a héileamh arís eile ar an mbunús céanna. Luaigh sí ina litir achomhairc go raibh a cúinsí airgeadais éirithe chomh holc sin nach raibh sé d'acmhainn aici féin ná ag a páirtnéir chun leanúint lena socruithe oibre páirtaimseartha agus mar gheall nár mheas siad go mbeadh sé chomh costasach sin chun a gclann óg a thógáil aníos, rinne siad an cinneadh go lorgódh an t-achomharcóir obair lánaimseartha eile. Luaigh an t-achomharcóir go raibh a teaghlach thíos le cruatan dian airgeadais agus go raibh costais teaghlaigh ag dul i méid. D'iarr sí, chomh maith, go ndéanfaí athbhreithniú ar a héileamh i gcomhthéacs riail an chaillteanais shubstaintigh fostaíochta.

Breithniú: Chun cáiliú do Shochar Cuardaitheora Poist, forordaítear sa reachtaíocht rialaithe nach mór do dhuine a bheith thíos le “caillteanas substainteach fostaíochta”, lena n-áirítear a bheith thíos le caillteanas tuillimh agus caillteanas lá fostaíochta amháin, ar a laghad, ina ngnáthsheachtain oibre. Nuair a bhíonn an gnáthleibhéal d’fhostaíocht á dheimhniú roimh dháta an iarratais, caithfear aird a thabhairt ar phatrún na fostaíochta i rith na tréimhse ionadaíche roimh dháta an éilimh, (i.e. de ghnáth na 13 seachtaine roimh an éileamh, faoi mar a cuireadh i bhfeidhm sa chás seo). Sa chás seo, léirigh an fhianaise gurbh é gnáthphatrún fostaíochta an achomharcóra sula ndearna sí a dara héileamh in 2018 2 lá sa tseachtain agus lean sí ag oibriú 2 lá sa tseachtain. Luann an Roinn, áfach, ina treoirlínte nuair a d’athraigh leibhéal fostaíochta duine mar gheall ar chúinsí neamhghnácha, is féidir leis an Oifigeach Breithiúnachta súil a chaitheamh ar an taifead fostaíochta sa tréimhse 26 nó 52 seachtain roimhe sin. Mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh na cúinsí siúd i gceist sa chás seo sa mhéid go raibh an t-achomharcóir ar saoire mháithreachais ar feadh 6 mhí. I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar chúinsí ar leith an cháis seo, rinne an tOifigeach Achomhairc an cinneadh gur cheart don Roinn athscrúdú a dhéanamh ar éileamh an achomharcóra ar bhunús a patrúin oibre i gcaitheamh tréimhse 52 seachtain sula ndearna sí a héileamh ar Shochar Cuardaitheora Poist.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/42 Cinneadh Achomair faoi Shochar Cuardaitheora Poist

An Cheist: Teidlíocht (ráta laghdaithe)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Shochar Cuardaitheora Poist agus bronnadh ráta laghdaithe de Shochar Cuardaitheora Poist uirthi, bunaithe ar a tuilleamh sa bhliain chánach ábhartha. Ba é 2016 an bhliain chánach ábhartha agus bunaithe ar an meántuilleamh a luadh, bhí teidlíocht ag an achomharcóir do ráta laghdaithe de Shochar Cuardaitheora Poist. Mhaígh an Roinn gur chuir sí an t-achomharcóir ar an eolas chun éileamh a dhéanamh ar Liúntas Cuardaitheora Poist ach ní bhfuarthas iarratas. Sheol an t-achomharcóir achomharc ar aghaidh inar luaigh sí go raibh Sochar Máithreachais agus Sochar Breoiteachta á bhfáil aici i gcaitheamh 2016 agus gur íocadh pá saoire léi in 2016 mar gheall nach raibh aon tuilleamh aici ón obair. D’iarr an t-achomharcóir go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh chun ráta laghdaithe de Shochar Cuardaitheora a bhronnadh.

Breithniú: Mhaígh an t-achomharcóir nach raibh aon tuilleamh aici ó fhostaíocht sa bhliain ábhartha ranníocaíochta ach gur íocadh pá saoire léi sa bhliain sin. I gcomhréir le treoirlínte na Roinne, roinntear an t-olltuilleamh inríofa iomlán sa bhliain rialaithe faoi líon na ranníocaíochtaí cáilitheacha (Aicme A, H, nó P) sa bhliain ranníocaíochta rialaithe.

Tugadh faoi deara gur íoc an t-achomharcóir 4 ranníocaíocht Aicme A sa bhliain 2016 agus, ar an ábhar sin, ba cheart tuilleamh inríofa a bheith bunaithe ar an olltuilleamh iomlán inríofa a luadh roinnte faoi 4. Luaigh an tOifigeach Achomhairc nach raibh an ríomh a d'úsáid an Roinn ar aon dul lena treoirlínte.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/43 Éisteacht ó Bhéal maidir le Sochar Cuardaitheora Poist

An Cheist: Siardhátú

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Shochar Cuardaitheora Poist i nDeireadh Fómhair 2018 agus luaigh sé ar a iarratas go raibh sé dífhostaithe ó dífhostaíodh é in Iúil 2018. Thug sé le fios go raibh moill air iarratas a sheoladh ar Shochar Cuardaitheora Poist mar gheall go raibh cás i dtaobh dífhostú éagórach ar feitheamh os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO). Luaigh an t-achomharcóir go raibh muinín aige go n-éireodh leis an gcás seo. Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Shochar Cuardaitheora Poist i ndiaidh gur cuireadh ar an eolas é go mbainfí aon mhéid de Shochar Cuardaitheora Poist a bheadh sé i dteideal a fháil as aon riaráistí pá a eascróidh as éisteacht rathúil an CCÁO. Lorg an t-achomharcóir go ndéanfaí a éileamh ar Shochar Cuardaitheora Poist a shiardhátú go dtí dáta a dhífhostaithe in Iúil 2018.

Níor ceadaíodh a iarratas chun a éileamh ar Shochar Cuardaitheora Poist a shiardhátú don tréimhse ó Iúil 2018 go Deireadh Fómhair 2018 ar an mbunús nár léirigh sé cúis mhaith leis an moill a bhí air chun a éileamh a dhéanamh.

Thagair an t-achomharcóir ina fhógra achomhairc do chúinsí a dhífhostaithe ón státseirbhís, agus go raibh sé ag cur ina aghaidh mar gheall gur shíl sé go raibh sé éagórach. Luaigh sé gurbh ionann cúinsí neamhghnácha a dhífhostaithe agus cúis mhaith leis an moill a bhí air chun a éileamh a dhéanamh.

Breithniú: Leagtar amach in Alt 241 d'Acht 2005 agus in Airteagal 186 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú), 2007 (I.R. Uimh. 142 de 2007) na coinníollacha faoinar féidir iarratais a shiardhátú, agus ní féidir éileamh a shiardhátú níos faide ná sé mhí i gcás Sochar Cuardaitheora Poist.

I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar fhianaise an achomharcóra, mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh sé míréasúnta go mbeadh moill ar dhuine iarratas a dhéanamh ar Shochar Cuardaitheora Poist díreach i ndiaidh go ndéantar duine a dhífhostú gan choinne ón obair nuair a bhí muinín ag an duine go mbainfí réiteach tapa amach agus go ndéanfaí é a athfhostú.

Ba é an tátal a bhain an tOifigeach Achomhairc as ná gurbh ionann na cúinsí ónar eascair moill a bheith ar an achomharcóir chun a iarratas a dhéanamh ar Shochar Cuardaitheora Poist agus cúis mhaith.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/44 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Cuardaitheora Poist

An Cheist: Cáilitheacht (oideachas lánaimseartha)

Cúlra: Bhí Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil ag an achomharcóir mar oibrí ócáideach ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh. I ndiaidh don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a héileamh, ba dhealraitheach go raibh an t-achomharcóir cláraithe mar mhac léinn lánaimseartha ar chúrsa i gcoláiste Breisoideachais agus Oiliúna don bhliain acadúil 2017/2018 a chumhdaigh an tréimhse ó Mheán Fómhair 2017 go Bealtaine 2018.

Rinne an Roinn cinneadh leasaithe in Aibreán 2018 a dhícháiligh an t-achomharcóir ó Liúntas Cuardaitheora Poist a fháil don tréimhse ó Mheán Fómhair 2017 go Márta 2018 ar an mbunús go raibh sí ag freastal ar chúrsa staidéir lánaimseartha lae. Rinneadh an cinneadh i gcomhréir le hAilt 148(1) agus 302(a) d’Acht 2005. Rinneadh ró-íocaíocht a mheas in aghaidh an achomharcóra mar gheall ar an gcinneadh.

Breithniú: Luaitear in Alt 148(1) d’Acht 2005 nach mbeidh duine i dteideal Liúntas Cuardaitheora Poist a fháil fad a bhíonn sé/sí ag freastal ar chúrsa staidéir, seachas faoi na cúinsí agus faoi réir na gcoinníollacha agus do na tréimhsí is féidir a fhorordú. Is é an sainmhíniú, sa bhreis air sin, a thugtar ar chúrsa staidéir “cúrsa staidéir, teagaisc nó oiliúna lánaimseartha lae a d’fhéadfadh bheith ar siúl i gcaitheamh breis agus bliain acadúil amháin ag institiúid oideachais”.

Luaigh an tOifigeach Achomhairc nár chuir an t-achomharcóir ina aghaidh go raibh sí ag freastal ar chúrsa lánaimseartha agus bhí fianaise ann ón gcoláiste a dheimhnigh é seo.

Rinneadh an cinneadh chun Liúntas Cuardaitheora Poist an achomharcóra a dhícheadú faoi Alt 302(a) den Acht a fhorálann do chinneadh leasaithe a dhéanamh nuair a dhéanann an duine faisnéis ábhartha a cheilt go toiliúil nó nuair a chuireann an duine faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ar fáil. Thug an t-achomharcóir le fios ina foirm iarratais ar Liúntas Cuardaitheora Poist gur chúrsa páirtaimseartha 8 n-uaire an chloig sa tseachtain a bhí sa chúrsa.

Luaigh an tOifigeach Achomhairc, mar gheall go raibh an t-achomharcóir in oideachas lánaimseartha, ní raibh sí i dteideal Liúntas Cuardaitheora Poist a fháil ó dháta an éilimh agus gur sholáthair sí faisnéis mhíthreorach don Roinn.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/45 Éisteacht ó Bhéal maidir le Liúntas Leasa Forlíontach (Cíos)

An Cheist: Cáilitheacht (measúnú maoine)

Cúlra: Bhí an t-achomharcóir as láthair ón obair mar gheall ar bhreiteacht agus íocadh í an uair dheireanach i bhFeabhra 2019. Rinne sí iarratas ar Fhorlíonadh Cíosa faoin scéim Liúntas Leasa Forlíontach (LLF). Diúltaíodh an t-iarratas ar an mbunús gur sháraigh a maoin an teorainn incheadaithe. Rinneadh measúnú ar an maoin ó Shochar Breoiteachta, cothabháil agus measúnú caipitil ar leath luach réadmhaoine a raibh í féin agus a iarfhéar céile ina gcomhúinéirí uirthi. Ceannaíodh an mhaoin a bhí i gceist ar €79,680 agus ba é an morgáiste reatha €281,850. Rinneadh an réadmhaoin a athmhorgáistiú chun críocha gnó a hiarfhir chéile agus chun iasachtaí a íoc. Ba é luach reatha na réadmhaoine €235,000. Chun an réadmhaoin a dheimhniú, ghlac an Roinn an luach reatha lúide bunchostas, roinn sí an tsuim faoi dhó agus rinne sí measúnú ar an maoin faoi mar a leagtar amach i Sceideal 3 d'Acht 2005. Ba í an mhaoin ó chaipiteal a measadh €208.00 sa tseachtain. Measadh gurbh ionann maoin iomlán an achomharcóra agus €473.84.

Nuair a bhíonn teidlíocht an achomharcóra d'Fhorlíonadh Cíosa, ba é an barrachas maoine €161.84, (€473.84 lúide an ráta LLF €312.00 a bhí á íoc ag an tráth sin). Ar an ábhar sin, measadh gurbh é €161.84 agus €30 (asbhaint reachtúil íosta) nó €191.84 an dliteanas iomlán. Mar gheall gur sháraigh an tsuim seo an cíos €167.30 a bhí iníoctha, diúltaíodh an t-iarratas. Ligeadh an réadmhaoin ar cíos ar €1,300 sa mhí agus ba é an morgáiste €1,200.

I ndiaidh na fianaise a bhí i gcomhad, bhí riaráistí cruthaithe ag an morgáiste, agus bhí trí iasacht glactha don réadmhaoin.

Éisteacht ó Bhéal: Luaigh an t-achomharcóir go raibh sí ag teacht slán as ailse ach go raibh súil aici filleadh ar an obair go gairid amach anseo. Bhí triúr leanaí aici agus bhí tuistiú léi féin á dhéanamh aici. Íocadh cothabháil íosta léi. Dheimhnigh an t-achomharcóir go raibh sí ina comhúinéir ar réadmhaoin lena iarfhéar céile.

Dheimhnigh sí go raibh an réadmhaoin faoin dá ainm ach go raibh morgáiste á íoc aici ón ioncam cíosa. Dheimhnigh sí go ndearnadh an bunmhorgáiste a bhreiseiú faoi dhó d'iasachtaí gnó agus gur theip ar an ngnólacht. Ní raibh aon ioncam aici ón réadmhaoin agus ní fhéadfadh sí é a dhíol gan cead a bheith faighte aici óna fear céile. Bhí cothromas diúltach ag an réadmhaoin. B'ísle a hioncam ná an ráta LLF nuair a tugadh neamhaird ar an measúnú ar luach na réadmhaoine.

Breithniú: Faoin scéim LLF, is féidir Forlíonadh Cíosa a íoc le daoine a dteastaíonn cóiríocht uathu ar bhonn gearrthéarmach agus nach féidir leo é a sholáthar óna n-acmhainní féin, faoi réir tástáil mhaoine. Faoin reachtaíocht rialaithe, cuirfear luach seachtainiúil réadmhaoine ar leis an duine í san áireamh (nach réadmhaoin í a mbaineann an duine úsáid nó taitneamh phearsanta aisti) a dhéantar a infheistiú, nó nach ndéantar a infheistiú cé gur féidir í a infheistiú nó gur féidir úsáid bhrabúsach a bhaint as, agus is ionann an luach seachtainiúil a ríomhtar agus maoin sheachtainiúil an duine sin ón réadmhaoin sin.

Luaigh an tOifigeach Achomhairc, bunaithe ar an bhfianaise agus an ríomh thuas á chur chun feidhme, ní raibh luach inmheasúnaithe ar an réadmhaoín mar gheall go raibh cothromas diúltach aici. Cibé acu má bhí na hiasachtaí le haghaidh gnó nó rudaí eile, bhí siad fós le híoc i gcás na hiasachta don réadmhaoín. Deimhníodh i dtuairisc na Roinne gurbh é luach na réadmhaoine €235,000 agus sháraigh na hiasachtaí a glacadh don réadmhaoín an tsuim sin.

Luaigh an tOifigeach Achomhairc gur cheart go ndéanfaí ioncam seachtainiúil iomlán an achomharcóra a ríomh amhail €265.84 (Íocaíocht Leasa Shóisialaigh €237.00 agus €28.84 ó chothabháil). Bhí an tsuim seo níos lú ná an bhuníocaíocht íosta LLF €312.00. Tá sé ina riachtanas go n-íocfadh duine ranníocaíocht íosta i dtreo a gcíosa, agus b'ionann an ranníocaíocht seo sa chás seo agus €30. Ba é an cíos sa tseachtain €167.30, lúide €30.00 a d'fhág teidlíocht sheachtainiúil €137.30 do Liúntas Cíosa ó dháta an iarratais.

Toradh: Ceadáíodh an t-achomharc

2019/46 Cinneadh Achomair faoi Liúntas Leasa Forlíontach

An Cheist: Cáilitheacht (maoin)

Cúlra: Bhí an t-achomharcóir as láthair ón obair mar gheall ar bhreiteacht agus rinne sí iarratas ar Shochar Breiteachta go luath in Eanáir 2019 ach níor cháiligh sí don íocaíocht seo. Rinne an t-achomharcóir iarratas ansin ar Liúntas Leasa Forlíontach. Luaigh an Roinn sa litir chinnidh gurbh íocaíocht ar a ndéantar tástáil mhaoine a bhí i Liúntas Leasa Forlíontach agus go raibh sé le híoc 10 lá i ndiaidh gur íocadh pá deireanach iarratasóra. Íocadh an t-achomharcóir an uair dheireanach an 29 Eanáir 2019 agus bronnadh an t-éileamh ar Liúntas Leasa Forlíontach, dá bharr, ón 7 Feabhra 2019.

Dúnadh an t-éileamh ar Liúntas Cuardaitheora Poist mar gheall gur aistríodh an t-achomharcóir chuig Liúntas Cuardaitheora Poist. Rinne an t-achomharcóir achomharc ar an gcinneadh gan a Liúntas Leasa Forlíontach a shiardhátú go dtí an 7 Eanáir 2019, arbh é sin an lá deireanach a d'oibrigh sí. Chuir sí in iúl, cé go bhfuair sí a tuarastal deiridh ag deireadh Eanáir 2019, chumhdaigh sé an tréimhse ón 22 Nollaig 2018 go dtí an 7 Eanáir 2019. Luaigh sí gurbh ionann seo agus 7 lá agus níor thuarastal do mhí iomlán é mar gheall gur ghnách go n-íocfaí í ag deireadh gach míosa. Thug sí le fios gur mhínigh sí é seo don Roinn roinnt uaireanta ach nach bhfuair sí freagra riamh.

Breithniú: Diúltaíodh íocaíocht a dhéanamh leis an achomharcóir faoin scéim Liúntas Leasa Forlíontach ar an mbunús gurb íocaíocht ar a ndéantar tástáil mhaoine é Liúntas Leasa Forlíontach agus, sa chás gurb íomchuí, íoctar é 10 lá i ndiaidh go n-íoctar pá deireanach an iarratasóra. Luaitear in Alt 189 d'Acht 2005 'beidh gach duine sa Stát nach leor a maoin chun íoc as a riachtanais agus as riachtanais aon duine fhásta cháilithe nó leanbh cáilithe an duine i dteideal Liúntas Leasa Forlíontach a fháil'.

Tugadh faoi deara gur luaigh an t-achomharcóir gur chumhdaigh an tuilleamh a fuair sí in Eanáir 2019 an tréimhse ón 22 Nollaig 2018 go dtí a lá deireanach oibre an 7 Eanáir 2019. Ní fhéadfadh an tOifigeach Achomhairc teacht ar chúis ar bith chun cur ina aghaidh seo agus ní raibh aon fhianaise sa chomhad lena mhalairt a lua. I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise, aighneacht an achomharcóra ina measc, chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh teidlíocht ag an achomharcóir ag tráth an iarratais do bhunphá faoin scéim Liúntas Leasa Forlíontach. Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta nár leor maoin an achomharcóra chun íoc as a riachtanais ag an tráth sin. Faoi na cúinsí, ceadaíodh an t-achomharc a fhad agus a sásaíodh na critéir eile go léir faoi mar a leagtar amach iad sa reachtaíocht leasa shóisialaigh.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/47 Cinneadh Achomair faoi Chúnamh Feirme

An Cheist: Cáilitheacht (maoin)

Cúlra: Bhí Cúnamh Feirme á fháil ag an achomharcóir. Rinneadh athbhreithniú ar mhaoin an achomharcóra agus deimhníodh go raibh maoin €25.00 sa tseachtain aige ón bhfeirmeoireacht i ndiaidh measúnú a dhéanamh. Bhí an measúnú seo bunaithe ar ráiteas brabúis agus caillteanais an achomharcóra agus ar thuairisc a chomhlánaigh an Cigire Leasa Shóisialaigh. Luaigh an t-achomharcóir ina achomharc go raibh an mhaoin a measúnaíodh iomarcach agus chuir sé a chuid ríomhanna faoi iamh mar fhianaise thacaíochta maidir le guthán agus solas/cumhacht.

Breithniú: Foráiltear i Sceideal 3, Cuid 2, Riail 1(9) (b) d'Acht 2005 nuair a bhíonn feirmeoir i dteideal Cúnamh Feirme nó nuair a bhíonn Cúnamh Feirme a fháil ag feirmeoir, bunaítear maoin ar an ollioncam ar féidir leis an bhfeirmeoir súil réasúnta a bheith aige lena fháil ón bhfeirmeoireacht nó aon fhoirm eile d'fhéinfhostaíocht, lúide aon chostais a thaibhítear go riachtanach i dtabhairt faoin bhféinfhostaíocht sin.

Ní cheadaítear ach costais a bhaineann go díreach le reáchtáil na feirme agus, mar thoradh air sin, níor ceadaíodh ach sciar de na costais ghutháin agus solais/chumhachta.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/48 Cinneadh Achomair faoi Chúnadh Feirme

An Cheist: Cáilitheacht (maoin)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Chúnadh Feirme i Lúnasa 2018. Dheimhnigh an Roinn gurbh ionann a glanioncam ó fheirmeoireacht agus €26,975 sa bhliain, bunaithe ar chuntais 2017 a chuir an t-achomharcóir ar fáil, a bhronn maoin sheachtainiúil €363 ón bhfeirmeoireacht air, a sháraigh an teorainn reachtúil dá chúinsí pearsanta nó teaghlaigh.

Mháigh an t-achomharcóir ina fhógra achomhairc, mar thoradh go ndearnadh roinnt ba bainne a dhiúscairt in 2017, bhain sé díolacháin stoic ní b'airde amach ná mar a bhainfeadh a fheirm amach de ghnáth.

Tháinig titim ar líonta a mba i rith na bliana mar thoradh ar dhíolacháin bhreise bhí ar stoc nua pórucháin a fháil in Earrach 2018 chun a líonta stoic a athsholáthar agus a athlínadh ar chostas breise.

Breithniú: Is í an reachtaíocht rialaithe Alt 213 (2) agus Riail 9 (b) i gCuid 2 de Sceideal 3 d'Acht 2005. Foráiltear ann seo gurb éard a bheidh i maoin an achomharcóra, chun críocha teidlíochta do Chúnadh Feirme ná an t-ollioncam ar féidir leis súil réasúnta a bheith aige lena fháil ón bhfeirmeoireacht nó aon fhoirm eile d'fhéinfhostaíocht, lúide aon chostais a thaibhítear go riachtanach i dtabhairt faoi aon fhoirm d'fhéinfhostaíocht. Chuir an tOifigeach Achomhairc san áireamh an stoc a bhí ag an bhfeirmeoir ag dáta an imscrúdaithe, an stoc a ceannaíodh agus a díoladh i rith roinnt blianta agus gur cuireadh an lamháltas cuí san áireamh do chaillteanas. Luaigh an tOifigeach Achomhairc, de bhreis air sin, cé go raibh an tástáil mhaoine bunaithe ar an ioncam don bhliain roimhe sin, caithfear measúnú cothrom agus réasúnta a dhéanamh sa tástáil ar an nglanioncam a chuireann an gabháltas ar fáil gach bliain, i.e. meánioncam bliantúil i gcaitheamh an chéad chúpla bliain eile amach romhainn. Bunaítear é seo ar an ioncam bliantúil ionchasach, tá sé bunaithe ar ghnáth-aschur agus costais chúí i dtaobh gnáthleibhéil stoic, acmhainneachta agus treochtaí margaidh. Ina thaobh seo, thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gurbh ionann meánbhrabús an achomharcóra le cúig bliana anuas, bunaithe ar a chuntais féin agus €29,202.

Luaigh an tOifigeach Achomhairc go raibh an tástáil mhaoine €26,975 sa bhliain a rinne an Roinn ar aon dul leis na forálacha a rialáonn tástáil mhaoine.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/49 Éisteacht ó Bhéal maidir le Cúnamh Feirme

An Cheist: Cáilitheacht (maoin)

Cúlra: Rinne an Roinn athbhreithniú ar theidlíocht leanúnach an Roinn do Chúnamh Feirme. De réir measúnú a rinneadh, ba é a mhaoin sheachtainiúil €455 ó Mheán Fómhair 2018. B'éard a bhí i gceist le maoin ná glanioncam bliantúil ón bhfeirm, féinfhostaíocht an achomharcóra agus fostaíocht inárachais a chéile. Mhaígh an t-achomharcóir nár cuireadh praghas ceannaigh an stoic san áireamh, go raibh a chostais oibriúcháin i bhfad ní b'airde ná na costais siúd a cheadaítear agus gur shíl sé go mbainfeadh sé cailiteanas amach sa bhliain amach roimhe.

Éisteacht ó Bhéal: Chuir an t-achomharcóir scarbhileog de chostais ar fáil, faoi mar a d'ullmhaigh a leabharchoimeádaí agus lean plé mionsonraithe ar an ioncam agus na costais a bhí san áireamh sa mheasúnú a rinneadh ar an bhfeirm a rinne an Cigire Leasa Shóisialaigh.

Breithniú: Is í an reachtaíocht rialaithe Alt 213 (2) agus Riail 1(9) (b) de Chuid 2 de Sceideal 3 d'Acht 2005. Foráiltear ann seo gurb éard a bheidh i maoin an achomharcóra, chun críocha teidlíochta do Chúnamh Feirme ná an t-ollioncam ar féidir gnáthshúil a bheith lena fháil ón bhfeirmeoireacht nó aon fhoirm eile d'fhéinfhostaíocht, lúide aon chostais a thabhairtear go riachtanach i dtabhairt faoi aon fhoirm d'fhéinfhostaíocht.

Foráiltear in Alt 215 d'Acht 2005 nuair atá maoin sheachtainiúil an éilitheora nó a tairbhí cothrom le nó os cionn an ráta sceidealaithe, ní bheidh aon Chúnamh Feirme iníoctha.

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur cuireadh praghas ceannaigh an stoic an bhliain roimhe sin san áireamh sa mheasúnú feirme nuair a bhí glanioncam á ríomh. Mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh an measúnú a rinne an Cigire Leasa Shóisialaigh ar ollioncam ionchasach bliantúil cothrom agus réasúnta ar bhunús na fianaise. Chonacthas don Oifigeach Achomhairc nach raibh costais bhreise maidir le reáchtáil na feirme arb ionann iad agus €645 curtha san áireamh sna costais a cheadaítear i measúnú maoin na Roinne. Rinne na costais a mhéadú an méid sin agus laghdaíodh an measúnú ar mhaoin ón nglanioncam bliantúil ón bhfeirm dá réir. Lean maoin an achomharcóra ag sárú an ráta sceidealaithe, áfach.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/50 Cinneadh Achomair faoi Chúnadh Feirme

An Cheist: Ró-íocaíocht

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Chúnadh Feirme agus rinneadh measúnú ar a mhaoin ón bhfeirmeoireacht agus ó fhostaíocht inárachais a chéile. Bronnadh Sochar Breoiteachta ar chéile an achomharcóra ar feadh tréimhse ceithre seachtaine in 2016 agus méadaíodh Cúnadh Feirme an achomharcóra ón dáta a bronnadh Cúnadh Feirme. Rinneadh athbhreithniú ar theidlíocht leantach an achomharcóra do Chúnadh Feirme i mí na Nollag 2018 ag eascairt as a iarratas ar Liúntas Breosla. Mháigh an Roinn nár cuireadh an Roinn ar an eolas riamh nuair a d'fhill céile an achomharcóra ar an obair i ndiaidh a bheith breoite agus lean an t-achomharcóir le híocaíocht sheachtainiúil ní b'airde a fháil ná mar a bhí sé i dteideal a fháil. Nuair a tháinig seo chun solais ar a iarratas ar Liúntas Breosla i Samhain 2018, rinneadh athmheasúnú ar mhaoin an achomharcóra agus thug an Roinn faoi deara go ndearnadh ró-íocaíocht de bhreis ar €12,000. Mháigh an t-achomharcóir go raibh an ró-íocaíocht éagórach agus go raibh sé thíos le fíorchruatan airgeadais.

Breithniú: Foráiltear in Alt 302(b) d'Acht 2005 gur féidir breithniú a dhéanamh ar pé fianaise nua atá tagtha chun solais agus ar cúinsí uile cáis ar leith nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi dháta éifeachtach aon chinnidh leasaithe. Luaigh an tOifigeach Achomhairc gur máigh an Roinn nár cuireadh ar an eolas í nuair a d'fhill a chéile ar an obair. Luaigh an tOifigeach Achomhairc go raibh an Roinn ar an eolas gur fhill céile an achomharcóra ar an obair mar gheall gur cuireadh stop le Sochar Breoiteachta ar a filleadh ar an obair. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara, chomh maith, gur chuir an t-achomharcóir an Roinn ar an eolas go raibh a chéile fostaithe. Mheas an tOifigeach Achomhairc, dá ngníomhódh an Roinn i leith an eolais seo, ní thiocfadh ró-íocaíocht aníos. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara ina iarratas ar Liúntas Breosla i Samhain 2018 gur dhearbhaigh an t-achomharcóir go raibh a chéile fostaithe. Mheas an tOifigeach Achomhairc gur eascair an mhoill a bhí ar mhaoin an achomharcóra a leasú mar gheall gur fhill a bhean chéile ar an obair i ndiaidh tréimhse ghearr a chaitheamh le Sochar Breoiteachta a fháil mar gheall ar earráid riaracháin, seachas aon mhoill nó faillí thar ceann an achomharcóra. Chuir an tOifigeach Achomhairc Alt 302(b) d'Acht 2005 chun feidhme chun dáta éifeachtach an chinnidh a athrú agus é ina thoradh go ndearnadh an ró-íocaíocht a chealú.

Toradh: Ceadáíodh an t-achomharc

2019/51 Cinneadh Achomair faoi Chúnamh Feirme

An Cheist: Teidlíocht do Chúnamh Feirme fad a bhíonn céile ag glacadh páirte i Scéim Shóisialta Tuaithe)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Chúnamh Feirme i Meitheamh 2018. Bhí páirt á glacadh ag a céile i Scéim Shóisialta Tuaithe ar feadh go leor blianta. Ní raibh ach Uimhir Thréada amháin ag an lánúin agus úsáideadh é seo ar an Scéim Shóisialta Tuaithe. Ba é an cinneadh a rinne an Roinn nach bhféadfaí Cúnamh Feirme a bhronnadh don achomharcóir fad a bhí páirt á glacadh ag a céile sa Scéim Shóisialta Tuaithe don tréimhse chéanna. Ina litir achomhairc, luaigh an t-achomharcóir, cé go raibh páirt á glacadh ag a céile i Scéim Shóisialta Tuaithe, chreid sí go raibh sí i dteideal Cúnamh Feirme a fháil mar gheall go raibh feirmeoireacht á déanamh aici go gníomhach agus shásaigh sí tástáil mhaoine.

Breithniú: Luaigh an tOifigeach Achomhairc go gcuimsítear na forálacha reachtaíochta sa chás seo in Alt 247 d'Acht 2005. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc go raibh páirt á glacadh ag céile an achomharcóra i Scéim Shóisialta Tuaithe. Ní raibh ach Uimhir Thréada amháin ann agus úsáideadh é seo ar mhaithe leis an Scéim Shóisialta Tuaithe. Foráiltear sa reachtaíocht sa chás go mbeadh Scéim Shóisialta Tuaithe iníoctha le nó maidir le duine/céile i dtaca leis an tréimhse chéanna, ní íocfar ach ceann amháin.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

4.4 Cás-Staidéir:

Daoine ar Scor,
Breacaosta agus Eile

2019/52 Cinneadh Achomair faoi Phinsean Stáit (Ranníocach)

An Cheist: Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe a Shiardhátú

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Phinsean Stáit (Ranníocach) in Eanáir 2008 agus bronnadh an pinsean air ó Bhealtaine 2008. Bronnadh ráta seachtainiúil laghdaithe de mhéadú air do dhuine fásta cáilithe ón dáta céanna ar bhunús faisnéise a sholáthair sé go raibh a chéile féinfhostaithe mar fheirmeoir. Nuair a bronnadh a éileamh, cuireadh ar an eolas é ar an oibleagáid chun an Roinn a chur ar an eolas láithreach faoi aon athrú a thagann ar a chúinsí féin nó ar chúinsí a mhná céile.

Rinne an Roinn teagmháil leis an achomharcóir in 2014 i dtaca le ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach) atá iníoctha. Cuireadh ar an eolas é go raibh ráta laghdaithe de mhéadú do dhuine fásta cáilithe á íoc bunaithe ar mhaoín sheachtainiúil a mhná céile. Cuireadh ar an eolas é, chun go ndéanfar athbhreithniú, theastódh eolas breise, sonraí faoi aon athrú a tháinig ar a chúinsí airgeadais ina measc.

Rinne an t-achomharcóir teagmháil leis an Roinn i mBealtaine 2018 agus d'iarr sé go ndéanfaí athbhreithniú ar an ráta seachtainiúil de mhéadú do dhuine fásta cáilithe. I ndiaidh imscrúdú agus athbhreithniú, bronnadh an ráta uasta ar an achomharcóir do dhuine fásta ó Bhealtaine 2018, arbh é sin an dáta a fuarthas an iarraidh ar athbhreithniú mar gheall gur measadh nach raibh aon mhaoín ag a bhean chéile. D'iarr an t-achomharcóir go ndéanfaí siardhátú breise agus rinneadh cinneadh leasaithe a cheadaigh méadú ar dhuine fásta cáilithe ó Shamhain 2017 (i.e. 6 mhí roimh an dáta a fuarthas a iarraidh ar athbhreithniú). D'iarr an t-achomharcóir go ndéanfaí an méadú dá chéile a shiardhátú ar feadh 8 mbliana mar gheall nach raibh aon ioncam aici i rith an ama sin. Mháigh an t-achomharcóir nach raibh sé ar an eolas ar a theidlíocht go dtí gur athraigh sé cuntasóirí.

Breithniú: Foráiltear sa reachtaíocht Leasa Shóisialaigh chun éilimh a shiardhátú (ar feadh a fhad le 6 mhí) nuair a ghactar leis go raibh cúis mhaith leis an moill agus nuair a dheimhnítear teidlíocht i rith na tréimhse atá i gceist. Tá na cúinsí faoinar féidir éileamh a shiardhátú níos faide níos dochraidí lena ndeimhniú agus sonraítear iad sa reachtaíocht mar éagumas chun éileamh a dhéanamh agus nuair a thug an Roinn faisnéis mhícheart. Bhí an ráta seachtainiúil den mhéadú do dhuine fásta cáilithe siardhátaithe ag an Roinn cheana féin ar feadh 6 mhí agus i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na cúinsí go léir, níor mheas an tOifigeach Achomhairc gur dheimhnigh an t-achomharcóir go raibh cúis mhaith leis an méadú seo a shiardhátú níos faide faoi mar a bhforáiltear dó sa reachtaíocht. Moladh dó chun an Roinn a chur ar an eolas ar na hathruithe a tháinig ar a chúinsí ag an tráth a bronnadh a éileamh. Cuireadh in iúl dó in 2014, chomh maith, an fáth gur bronnadh ráta laghdaithe de mhéadú do dhuine fásta cáilithe. Ní dhearna sé aon fhiosrúcháin bhreise ina leith seo go dtí go ndearna a chuntasóirí teagmháil leis an Roinn i mBealtaine 2018. Níor mhaigh an t-achomharcóir go bhfuair sé an t-eolas mícheart ón Roinn ná go raibh sé thíos le héagumas chun éileamh a dhéanamh.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/53 Cinneadh Achomair faoi Phinsean Stáit (Ranníocach)

An Cheist: Cáilitheacht do Mhéadú do Dhuine Fásta Cáilithe

Cúlra: Dheimhnigh measúnú go raibh ioncam ó dhá fhoirse ag céile an achomharcóra - tuarastal ó obair pháirtaimseartha arbh ionann é agus €2,000 sa bhliain, arbh ionann sin agus €38.46 sa tseachtain agus scairshealbhú i gcuideachta a bhí ina húinéir ar theach agus a scaoil teach ar cíós. Ghin an teach ioncam cíosa €34,000 sa bhliain. Ní raibh aon fhianaise ann go raibh aon dliteanas ar an teach agus bhí luach €250,000 air. Bhí an teach seo á ligean ar cíós ag an t-aon ghnólacht a bhí ag an gcuideachta. Ní raibh aon fhianaise bhreise curtha ar fáil. Dheimhnigh measúnú a rinne an Roinn gurbh ionann ioncam an achomharcóra agus €16,660 sa bhliain nó €320.38 sa tseachtain, ón bhfoirse seo.

Breithniú: Foráiltear sa reachtaíocht Leasa Shóisialaigh do mhéadú ar an ráta seachtainiúil de Phinsean Stáit (Ranníocach) nuair a bhíonn duine fásta cáilithe ag éilitheoir. Forordaítear sa reachtaíocht seo, chomh maith, na cúinsí faoina sonraítear gur duine fásta cáilithe atá sa chéile, ar mhaithe le méadú do dhuine fásta cáilithe a íoc. Cuimsítear an reachtaíocht ábhartha in Airteagal 6 go 10 de I.R. Uimh. 142 de 2007. Forordaítear in Airteagal 6 go sonraítear gur duine fásta cáilithe leis an éilitheoir é céile a dhéanann an t-éilitheoir a chothabháil go hiomlán nó go príomha. Foráiltear in Airteagal 7 go measfar go bhfuil a c(h) éile á c(h)othabháil go hiomlán nó go príomha ag duine, ar dhuine de lánúin é/í, nuair nach mó ioncam seachtainiúil an chéile ná €100. Forordaítear in Airteagal 8 an bealach ina bhfuil ioncam le measúnú. Forordaítear in Airteagal 10 gur féidir ráta laghdaithe de mhéadú do dhuine fásta cáilithe a íoc, nuair is mó ioncam céile, a dhéantar a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 8, ná €100 ach nach mó ná €310 sa tseachtain é.

Bhain an tOifigeach Achomhairc an tátal as gurb í an chuideachta, a bhfuil scairshealbhú ag céile an achomharcóra di, úinéir cláraithe an tí, go bhfuil sé ar cíós agus go n-íoctar an t-ioncam cíosa ón teach seo leis an gcuideachta. Aonán dlíthiúil ar leith í an chuideachta. Luaigh an tOifigeach Achomhairc go raibh sé mícheart chun measúnú a dhéanamh ar an ioncam cíosa mar ioncam pearsanta a íocadh le céile an achomharcóra. Luaigh an tOifigeach Achomhairc gur eascair ioncam chéile an achomharcóra céile as a scairshealbhú 49% sa chuideachta agus gur cheart measúnú a dhéanamh air i gcomhréir le hAirteagal 8 (1)(c) de I.R. Uimh. de 142 de 2007, bunaithe ar luach caipitiúil na scaireanna a raibh sí ina húinéir orthu.

Níor sholáthair an t-achomharcóir eolas chun luacháil ar scaireanna a chéile a éascú. In éagmais fianaise mhalartach ar ar féidir luach a chur ar scaireanna na cuideachta, rinne an tOifigeach Achomhairc breithniú air i gcomhthéacs luach dóchúil na sócmhainní faoi úinéireacht na cuideachta. Is leis an gcuideachta an teach go hiomlán a ghin ioncam cíosa bliantúil €34,000.

Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta, ón bhfianaise a bhí ar fáil nach raibh luach de bhreis ar €250,000 ar an teach. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc go raibh caipiteal ar luach caipitiúil €122,500, ar chuspóirí measúnaithe, ag céile an achomharcóra, bunaithe ar an úinéireacht 49% a bhí aici ar scaireanna sa chuideachta seo. Ba é an t-ioncam seachtainiúil a

measúnaíodh bunaithe ar scaireanna ar a raibh luach €122,000 ná €358 sa tseachtain. Ba é ioncam seachtainiúil iomlán chéile an achomharcóra, a rinneadh a mheasúnú i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus bunaithe ar luacháil a rinneadh ar a húinéireacht ar scair ná €396.46 (fostaíocht €38.46 + €358). Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc, ón bhfanaise a bhí ar fáil, gur sháraigh ioncam seachtainiúil chéile an achomharcóra €310, nuair a ríomhadh é i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha. Ar an gcúis seo, rinne an tOifigeach Achomhairc an cinneadh nár dheimhnigh an t-achomharcóir go raibh teidlíocht aige do mhéadú do dhuine fásta cáilithe.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/54 Éisteacht ó Bhéal maidir le Pinsean Stáit (Ranníocach)

An Cheist: Cáilitheacht (ranníocaíochtaí)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir an cinneadh chun iarratas ar Phinsean Stáit (Ranníocach) a dhícheadú a achomharc ar an mbunús nár shásaigh sé na coinníollacha ranníocaíochta i gcomhréir le forálacha Alt 110 (2) d'Acht 2005 a fhorálann *“Ní bheidh Pinsean Stáit (Ranníocach) iníoctha maidir le haon tréimhse roimh an dáta a íocadh gach ranníocaíocht féinfhostaíochta, a dtagraítear dóibh i bhfo-alt (1)(b), atá iníoctha ag an duine atá i gceist”*.

Bhí ranníocaíochtaí féinfhostaíochta ag an achomharcóir nár íoc sé le 6 bliana anuas dá shaol oibre. Luaigh an t-achomharcóir gur íoc sé ranníocaíochtaí ó 1967 go 2016 agus go raibh dóthain ranníocaíochtaí íoctha aige chun cáiliú do Phinsean Stáit (Ranníocach). Mhaígh sé gur diúltaíodh Pinsean Stáit dó ar bhunús líon beag ranníocaíochtaí féinfhostaíochta. Chuir an t-achomharcóir ina aghaidh go raibh sé díréireach a dhiúltú chun breithniú a dhéanamh ar a Phinsean Stáit (Ranníocach), ar bhunús a ranníocaíochtaí Aicme A a chruthaigh formhór a ranníocaíochtaí fostaíochta i gcaitheamh a shaoil oibre. Bhí an tOifigeach Achomhairc faoin tuairim nach bhfuil sé i gceist sa reachtaíocht faoi Alt 110 d'Acht 2005 neamhaird a thabhairt ar ranníocaíochtaí Aicme A a íocadh.

Breithniú: Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta nár beartaíodh go ndéanfadh an fhoráil seo iarratas a dhícháiliú ar Phinsean Stáit (Ranníocach) nuair a d'fhéadfaí cáiliú a bhaint amach ar bhunús ranníocaíochtaí Aicme A amháin. Tugadh faoi deara go raibh leibhéal sách íseal de ranníocaíochtaí féinfhostaíochta íoctha ag an achomharcóir i measc 6 bliana de na 49 bliain a chaith sé ag oibriú. Mheas an tOifigeach Achomhairc gur cuireadh an reachtaíocht chun feidhme go mícheart agus imríodh tionchar díréireach as ar an achomharcóir ar cheart go ndéanfaí a theidlíocht do Phinsean Stáit Ranníocach a scrúdú ar bhunús na Ranníocaíochtaí Aicme A a d'íoc sé.

Toradh: Ceadaiodh an t-achomharc

2019/55 Cinneadh Achomair faoi Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)

An Cheist: Cáilitheacht: Ceart chun Cónaí/Coinníoll an Ghnáthchónaithe

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) in Aibreán 2018. Diúltaíodh an t-éileamh ar an mbunús nár dheimhnigh an t-achomharcóir go bhfuil ceart aige chun cónaí sa Stát. Thug an t-achomharcóir cuntas ina hachomharc gur aistrigh sí go hÉirinn ó thír eile san AE lena fear céile in 2016. Dhíol siad a réadmhaoin agus cheannaigh siad teach in Éirinn chun go mbeidís i ngar dá n-iníon. Fuair fear céile an achomharcóra bás in 2018 agus, mar thoradh air sin, laghdaíodh a pinsean óna tír thionscnaimh agus rinne sí iarratas ar an bPinsean Stáit Neamh-Ranníocach.

Breithniú: Luaitear go soiléir in Alt 246(5) d'Acht 2005 gur próiseas dhá chéim é cinneadh a dhéanamh faoi cibé acu an sásaíonn nó nach sásaíonn duine coinníoll an ghnáthchónaithe. Ar an gcéad dul síos, caithfidh an duine a dheimhniú go bhfuil ceart acu chun cónaí sa Stát. Forordaítear sa reachtaíocht Leasa Shóisialaigh nach measfar go bhfuil gnáthchónaí ar dhuine sa Stát nach bhfuil an ceart aige/aici chun gnáthchónaí sa Stát. Tá ceart chun cónaí neamhcháilithe ag gach saoránach an AE ar feadh a fhaide le trí mhí. Braitheann an ceart cónaithe ina dhiaidh sin go sásaíonn an duine ceann de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine), 2015. Bronntar ceart áit chónaithe bhuan i ndiaidh cónaí go dleathach ar feadh cúig bliana. Ní raibh an t-achomharcóir sa chás seo ag cónaí sa Stát ar feadh cúig bliana agus, nuair a chuirtear a cúinsí san áireamh, ní raibh ach rogha amháin ar fáil sa reachtaíocht ina bhféadfadh sí ceart a dheimhniú chun cónaí ag an tráth sin, i.e. mar dhuine a raibh dóthain acmhainní aici nach mbeadh sí ina hualach míréasúnta ar chóras cúnaimh shóisialta an Stáit.

Ní dhéantar sainmhíniú sa reachtaíocht ar acmhainní dóthanach/ualach míréasúnta ach sholáthair Coimisiún an AE roinnt treorach sa limistéar seo agus díritear, i measc rudaí eile, ar shaincheisteanna ar nós fhad an ama is dócháil go dteastóidh tacaíocht ón duine, an fhéidearthacht go bhfágfaidh saoránach an AE an líontán sábhála, fad an chónaithe sa Stát óstála, aon stair inar ranníocadh le hairgeadas an Stáit óstála, etc. Nuair a chuirtear san áireamh go raibh pinsean ag an achomharcóir óna tír thionscnaimh agus a teach féin sa Stát, níor mheas an tOifigeach Achomhairc go mbeadh an t-achomharcóir ina hualach míréasúnta ar an gcóras cúnaimh shóisialta. Bunaithe ar an bhfianaise, bhain an tOifigeach Achomhairc an tátal as gur shásaigh an t-achomharcóir coinníoll an ghnáthchónaithe.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/56 Cinneadh Achomair faoi Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)

An Cheist: Cáilitheacht (maoin)

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) i Samhain 2018. Diúltaíodh an t-éileamh ar an mbunús gur theip ar an achomharcóir a theidlíocht a dheimhniú mar gheall nach ndearna sé an fhaisnéis ábhartha go léir a nochtadh maidir leis an measúnú a rinneadh ar a mhaoin sheachtainiúil.

Thug an t-achomharcóir le fios ar an bhfoirm iarratais go raibh sé pósta. Nuair a lorgaíodh chun measúnú a dhéanamh ar a mhaoin, d'iarr an Roinn ar an gcáipéisíocht ábhartha go léir, ráitis bhainc ina measc maidir le bean chéile an achomharcóra. Theip ar an achomharcóir chun an fhaisnéis a iarradh a sholáthar maidir le cuntas bainc a mhná céile. Luaigh an t-achomharcóir ina achomharc gur iarr an Roinn ar ráitis bhainc a mhná céile agus nach raibh aon bhaint acu leis.

Foráiltear in Alt 153 d'Acht 2005:

“Faoi réir an Achta seo, beidh duine i dteideal pinsean Stáit (neamh-ranníocach) sna cásanna seo a leanas— (b) ní sháraíonn maoin an duine faoi mar a ríomhtar i gcomhréir leis na Rialacha a chuimsítear i gCuid 3 de Sceideal 3 an tsuim is airde de mhaoin dar féidir pinsean a íoc leis an duine sin i gcomhréir le halt 156.”

Baineann Cuid 3 de Sceideal 3 d'Acht 2005 leis an measúnú a dhéantar ar mhaoin chun críocha Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) agus an mheasúnaithe a dhéantar ar mhaoin a eascraíonn as ioncam. Foráiltear sa reachtaíocht, nuair is duine de lánúin phósta atá i nduine atá ag cónaí le chéile, glactar leis gurb ionann a maoin agus aon leath de mhaoin iomlán na lánúine. Ar an ábhar sin, chun maoin an achomharcóra a dheimhniú, bhí maoin a mhná céile le cur san áireamh.

Foráiltear in Airteagal 181 de I.R. Uimh. go soláthróidh gach éilitheoir na deimhnithe, cáipéisí, an t-eolas agus an fhianaise siúd a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó oifigeach an Aire, chun críocha cinneadh a dhéanamh ar an éileamh.

Breithniú: Íocaíocht ar a ndéantar tástáil mhaoine is ea Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach). Le cáilitheacht duine don íocaíocht a dheimhniú, ní mór tástáil mhaoine a dhéanamh. I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir a bhí ar fáil, bhain an tOifigeach Achomhairc an tátal as nár dheimhnikh an t-achomharcóir go raibh sé i dteideal Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) a fháil i gcomhréir leis an reachtaíocht rialaithe mar gheall nár sholáthair sé sonraí faoi ioncam a mhná céile, faoi mar a d'iarr an Roinn.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

2019/57 Éisteacht ó Bhéal maidir le Pinsean Baintreach Fir (Neamh-Ranníocach)

An Cheist: Teidlíocht: comhchónaí

Cúlra: Bhí Pinsean Baintreach Fir (Neamh-Ranníocach) á fháil ag an achomharcóir ó thráth déanach sna 1990idí. I ndiaidh don Roinn athbhreithniú a dhéanamh in 2018 ar a theidlíocht leanúnach, tháinig sé chun solais go raibh an t-achomharcóir i gcaidreamh comhchónaithe ó Eanáir 2016 ar aghaidh. D'eisigh an Roinn cinneadh leasaithe inar luadh cuntas nach raibh an t-achomharcóir i dteideal do Phinsean Baintreach Fir (Neamh-Ranníocach). Thug an Roinn ró-íocaíocht chun solais a chumhdaigh an tréimhse ó 2016 go 2018, a sháraigh €20,000, trí thagairt a dhéanamh d'Alt 302(a) d'Acht 2005. Luaigh an tOifigeach Breithiúnachta ag éisteacht ó bhéal an achomhairc go ndearnadh an caidreamh comhchónaithe a cheilt go toiliúil agus, ar an ábhar sin, chuathas i muinín Alt 302(a) d'Acht 2005. Luaigh an t-achomharcóir, ar an taobh eile den phingin, nárbh fhios dó na himpleachtaí a bhíonn i gceist de bheith i gcaidreamh comhchónaithe maidir lena theidlíocht leanúnach don íocaíocht seo agus ba bhaintreach fir é go fóill, chomh fada agus ab eol dó agus baintreach fir a bheadh ann i gcónaí murach go bpósfaí arís é agus go dtí go ndéanfaí é sin.

Breithniú: Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta nach ndearna an t-achomharcóir a cheilt go toiliúil go raibh sé i gcaidreamh comhchónaithe agus luaigh an t-achomharcóir féin gurbh fhios anois dó na himpleachtaí a eascraíonn as an athrú seo ar a stádas. Foráiltear in Alt 166 d'Acht 2005 *'ní bheidh baintreach, baintreach fir nó páirtneir sibhialta marthanach, de réir mar a bheidh, más comháitritheoir é nó í nó dá fhad gur comháitritheoir é nó í, i dteideal íocaíocht phinsin a fháil agus dícháileofar é nó í ó íocaíocht phinsin a fháil'*. Baineann Alt 302(a) d'Acht 2005 le cásanna ina bhfuil fianaise ann gur thug an duine faisnéis bhréagach nó mhíthreorach d'aon turas nó go ndearna an duine faisnéis ábhartha a cheilt d'aon turas. Mar gheall gurb ard don chaighdeán cruthúnais, caithfidh fianaise a bheith ann, ní hamháin nár thug an duine ach faisnéis bhréagach nó go ndearna sé nó sí faisnéis ábhartha a shiarchoinneáil, ach go ndearnadh é seo d'aon turas, chomh maith leis sin. Bíonn feidhm ag Alt 302(b) i gcásanna inar tháinig fíricí nó fianaise nua chun solais ach nach raibh aon fhianaise ann gur thug an duine faisnéis bhréagach nó mhíthreorach d'aon turas nó go ndearna an duine fíricí ábhartha a cheilt d'aon turas. Faoin bhforáil seo, bhí an lánrogha ag an Oifigeach Breithiúnachta chun dáta éifeachta cinnidh leasaithe a dheimhniú, agus aird ar na fíricí nua nó an fhianaise nua agus ar chúinsí uile an cháis.

Ní raibh an tOifigeach Achomhairc sásta gur chomhlíon an Roinn an dualgas cruthúnais a cheanglaítear chun cinneadh a dhéanamh faoi Alt 302(a) d'Acht 2005. Sheas an tOifigeach Achomhairc, ar an ábhar sin, le cinneadh na Roinne sa mhéid nach raibh an t-achomharcóir i dteideal an íocaíochta a fháil i gcaitheamh na tréimhse atá i gceist agus, ar an ábhar sin, bhí suim na ró-íocaíochta i gceist go fóill. Mheas an tOifigeach Achomhairc, áfach, go raibh cinneadh a thagraíonn d'Alt 302(b) d'Acht 2005 was cuí.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc go páirteach

4.5 Cás-Staidéir:

Inárachas
Fostaíochta

2019/58 Éisteacht ó Bhéal maidir le hInárachas Fostaíochta

An Cheist: Cibé acu an raibh oibrí fostaithe nó féinfhostaithe

Cúlra: Tháinig an t-achomharc a rinne cuideachta in aghaidh chinneadh na Roinne chun solais mar chuid den imscrúdú ar chúinsí oibrí na cuideachta i ndiaidh di a héileamh a dhéanamh Liúntas Cuardaitheora Poist a rinneadh in Aibreán 2016. Luadh i gcomhfhreagras ón bhfostóir gur thosaigh an t-oibrí ag oibriú le déanaí mar dhearthóir grafaicí ar bhonn fochonartha 20 uair an chloig sa tseachtain agus go raibh €10.00 san uair a íoc léi.

Mar chuid den imscrúdú, chomhlánaigh an dá pháirtí foirm INS1 ina luadh cineál na fostaíochta. Chomhaontaigh an dá pháirtí ar an dáta a thosaigh an obair agus go raibh an t-oibrí fostaithe mar dhearthóir grafaicí ar feadh 20 uair an chloig sa tseachtain. Ní raibh aon chonradh scríofa idir na páirtithe. Íocadh €200.00 sa tseachtain leis an oibrí i ndiaidh di sonrasc a sheoladh agus rinne an conraitheoir cinneadh ar an ráta pá. Comhaontaíodh gur fheidhmigh an gnólacht an ceart rialaithe agus stiúrtha maidir le conas a dhéanfaí an obair, cá ndéanfaí an obair agus cá raibh an obair le déanamh. Bhí an ceart ag an ngnólacht chun an duine aonair a athshannadh ó thasc amháin go ceann eile agus bhí an ceart acu chun dífhostú a dhéanamh. Comhaontaíodh gur faoin oibrí a bhí sé chun glacadh lena mhacasamhail d'obair in áit eile. Níor sholáthair sí ach saothar amháin. D'fhéadfaí an obair ag teach an oibrí nó ag an áitreabh gnó, faoi mar a chinn an t-oibrí. Ní raibh uirthi árachas dliteanais phoiblí a sholáthar. Comhaontaíodh nach bhféadfadh an t-oibrí cailteanas ná gnóthachan airgeadais a dhéanamh ón obair. Bhí ar an oibrí an obair a dhéanamh í féin agus ní raibh sí in ann iarraidh ar dhuine eile é a dhéanamh. Comhaontaíodh go raibh ar an gcuideachta an duine aonair a ordú maidir le conas a dhéanfaí an obair, cá ndéanfaí an obair agus cathain a dhéanfaí an obair. Thug an t-oibrí le fios nach raibh aon fhostaíocht eile aici.

I bhfreagra ar iarraidh ó Chigire Leasa Shóisialaigh, luaigh an t-oibrí gur lean sí a bheith fostaithe ag an gcuideachta, nár tháinig aon athruithe ar a dálaí oibre agus nach raibh sí ag tabhairt faoi fhéinfhostaíocht ar bhonn fochonartha le haon ghnólacht eile.

Luaigh an tOifigeach Breithiúnachta i Lúnasa 2018 ar scrúdú an cháis, cé go raibh roinnt táscairí ann i dtaobh fostaíochta faoi chonradh do sheirbhísí, bhí sí sásta, ar an iomlán, go raibh an fhostaíocht faoi chonradh seirbhíse agus gurbh ann do ghnáthchaidreamh fostóra/fostaí. Luaigh sí gur chomhaontaigh an dá pháirtí go raibh an duine aonair faoi réir rialú agus ordú, go raibh an ceart ag an ngnólacht chun rialú agus ordú a dhéanamh, gur oibrigh sí uaireanta socraithe agus gur íocadh ráta socraithe léi, gur fostaíodh í i ndiaidh gur cuireadh fógra in airde, go bhféadfaí í a bhaint ó thasc amháin agus go bhféadfaí tasc eile a shannadh di, go bhféadfaí í a dhífhostú agus nach bhféadfadh sí ach a saothar a sholáthar amháin, nach raibh uirthi a hárachas féin a bheith aici, nach bhféadfadh sí cailteanas ná gnóthachan airgeadais a dhéanamh agus nach raibh sí in ann duine eile a sholáthar chun an obair a dhéanamh ar a son.

Dheimhnigh an tOifigeach Breithiúnachta go raibh fostaíocht an oibrí i rith na tréimhse a bhí i gceist inárachais faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh i gcás na sochar agus na bpinsean go léir a sholáthair ÁSPC Aicme A. Tugadh le fios i litir in Eanáir 2019 ó chuntasóir na cuideachta gur chomhlánaigh an fostóir foirm INS1 gan é a léamh. Thug an cuntasóir go raibh an t-oibrí i dteideal íocaíocht leasa shóisialaigh a fháil. Rinneadh cur síos ann ar stair an ghnólachta le déanaí agus ar phleananna chun fairsingiú a dhéanamh nár baineadh amach iad. Luadh ann go raibh dearthóirí grafaicí fostaithe roimhe seo ar bhonn féinfhostaithe mar gheall nach raibh dóthain oibre ná láimhdeachais ag an ngnólacht chun dearthóir grafaicí amháin a fhostú go díreach.

Luadh in achomharc a sheol an chuideachta nár tuigeadh foirm INS1 i gceart. Maíodh go ndearna an t-oibrí a hioncam go léir, ioncam ina measc ón gcuideachta, a thuairisciú mar ioncam ó féinfhostaíocht don bhliain 2016. Chomhlánaigh an chuideachta foirm leasaithe INS1. Deimhníodh i dtuairisc ón gCigire Leasa Shóisialaigh stair na fostaíochta faoi mar a leagadh amach roimhe seo. Níor aimsigh an tOifigeach Breithiúnachta aon rud san fhoirm eile INS1 ónar theastaigh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh a rinne sí roimhe seo.

Scríobh an t-oibrí lena haontú le hachomharc na cuideachta a chur in iúl agus dúirt sí gur bhunaigh sí a gnólacht féin in 2016 agus go ndearna sí trádáil ar bhonn féinfhostaithe ón dáta sin. Luaigh sí go raibh an obair a rinne sí don chuideachta ar bhonn tionscadail. Dúirt sí gur comhlánaíodh foirm INS1 go mícheart.

Breithniú: Ba í an cheist a bhí le deimhniú ná cibé acu an raibh nó nach raibh na socruithe oibre idir an t-achomharcóir agus an t-oibrí i rith na tréimhse ar aon dul le Conradh le haghaidh seirbhísí nó Conradh seirbhíse.

Nuair a thagann an cheist lena mbaineann saghas an chonartha fostaíochta chun solais, sainaithnítear i bhfasach, faoi mar a dheimhnítear tríd an gcásdlí ábhartha, ceithre phríomhthástáil –

- an tástáil ar fhrithpháirteachas na hoibleagáide
- an tástáil ar rialú
- an tástáil ar imeascadh, agus
- an tástáil uilechuimsitheach fiontraíochta agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an duine aonair i mbun gnó thar a gceann féin.

Níor cuireadh in aghaidh fhrithpháirteachas na hoibleagáide. Ba léir gur thug an t-oibrí faoi obair áirithe a dhéanamh don chuideachta go n-íocfaí táille léi. Bhí súil réasúnta aici leis go gcuirfeadh an chuideachta obair ar tairiscint di ar bhonn rialta agus leanúnach agus go raibh súil leis, chomh maith céanna, go nglacfadh an t-oibrí leis an obair nuair a cuireadh ar tairiscint di é agus go ndéanfadh sí an obair don tsuim agus i leith an spriocdháta a comhaontaíodh.

D'ordaigh na cúirteanna go gcaithfidh frithpháirteachas oibleagáide a bheith ann chun go mbíonn aon saghas conartha ann. Nuair a dheimhnítear frithpháirteachas oibleagáide, áfach, is gá scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise lena dheimhniú cibé acu an Conradh le haghaidh seirbhísí nó Conradh seirbhíse atá sa chonradh. Maidir leis an leibhéal rialaithe a d'fheidhmigh an Chuideachta ar an oibrí i bhfeidhmiú a dualgas, mheas an tOifigeach Achomhairc gur chothrom a lua gur thug na freagraí a tugadh ar fhoirm INS1 caidreamh fostaí/fostóra agus Conradh seirbhíse le fios.

Éisteacht ó Bhéal: Rinne an éisteacht ó bhéal an tuiscint a bhí ag na páirtithe ar rialú a shoiléiriú agus ba dhealraitheach gur feidhmíodh rialú maidir leis an gcaighdeán oibre a raibh súil leis. D'fheidhmigh an Chuideachta rialú maidir leis an gcuma dheirdh a bheadh ar an táirge agus threoródh an Chuideachta an t-oibrí maidir le feidhmiú a dualgas chun an toradh inmhianaithe a bhaint amach.

Shíl an tOifigeach Achomhairc nach raibh fianaise na bpáirtithe fianaise chomh hinchreidte maidir le ceist an rialaithe bainistíochta. Ní raibh súil leis go dtiocfadh an t-oibrí i láthair chun obair a dhéanamh ag amanna socraithe nó ar laethanta socraithe, ba fúithi a bhí sé tromlach na hoibre a dhéanamh ina ham féin agus ina teach féin agus ní raibh súil leis go dtiocfadh sí i láthair na hoifige fad a dhruid an spriocdháta le haghaidh foilsíú léi. Ní raibh an rialú agus an treora a d'fheidhmigh an Chuideachta i leith an oibrí ar aon dul le rialú bainistíochta, dar leis an Oifigeach Achomhairc, faoi mar a mbeadh súil leis i gcás caidreamh fostóra / fostaí.

Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta go raibh an caidreamh oibre idir na páirtithe comhthairbhíuil agus táirgiúil don bheirt acu. Bhain an tOifigeach Achomhairc an tátal as gur léir go raibh baint dhlúth ag an oibrí leis an táirge agus gur mhór aici an bhaint a bhí aici mar gheall gur ghin sé a príomhfhoinsé ioncaim. Ba mhór ag an gcuideachta, chomh maith céanna, an bhaint a bhí aici mar gheall gur sholáthair sí seirbhís rialta agus bhunriachtanach chun táirge na cuideachta a tháirgeadh. Dá réir sin, d'fhéadfaí an argóint a dhéanamh go raibh sí comhtháite isteach i reáchtáil laethúil an ghnólachta i bhfad ní ba mhó ná mar a mbeadh súil leis i gcás conraitheora a sholáthraíonn seirbhís amach ón ngnólacht. Bhí an gnólacht ar scála beag, áfach, agus bhain ríthábhacht le hionchur an dearthóra grafaicí agus, faoi na cúinsí siúd, níorbh fhéidir a dlúthbhaint a sheachaint. Ní dhearna an méid seo amháin fostaí dí, áfach.

Thug an tOifigeach Achomhairc soiléiriú ag an éisteacht ó bhéal ar mhéid ghnó féin an oibrí agus bhrath sé gur tháinig a fianaise salach, ar bhealaí áirithe, ar an íomhá a chruthaigh sí don Chigire Leasa Shóisialaigh nuair ba chosúil gur thug sí le fios nach ndearna sí obair ach don achomharcóir. Shoiléirigh an t-oibrí go bhféadfadh sí oibriú ón mbaile, bhí an trealamh riachtanach aici agus rinne sí obair do dhaoine eile mar dhearthóir grafaicí ach gur ghlac sí gan stró leis gurbh é an t-achomharcóir a príomhfhoinsé, an fhoinsé ba mhó agus an t-aon fhoinsé d'obair leantach.

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur gnólacht beag é seo nach dtiocfadh cuid de na saincheisteanna a sainaithníodh chun solais de ghnáth. Níor tháinig an cheist chun solais lena mbaineann cabhair a fhostú, ach ní raibh cosc ar bith ar an oibrí ó sheirbhísí duine eile ina gnólacht féin a fhostú, ach mar gheall ar chineál teoranta a fiontraíochta, níor tháinig an tsaincheist chun solais. Ba bheag deis a bhí ann chun infheistíocht a dhéanamh nó chun dul i mbun riosca airgeadais. Ní raibh sé thar a bheith costasach chun bunú mar dhearthóir grafaicí ón mbaile. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc, áfach, gur sholáthair an t-oibrí a trealamh féin sa mhéid gur úsáid sí a ríomhaire pearsanta/ríomhaire glúine féin chun a cuid oibre a dhéanamh. Rinne sí bainistiú ar a ham féin agus ba fúithi a bhí sé chun cinntí a dhéanamh maidir le cathain a dhéanfadh sí an obair. Ba chosúil gur bhain na páirtithe tuiscint chomhthairbhiúil amach maidir leis an socrú íocaíochta don obair. Íocadh an t-oibrí ar ráta seasta san uair gach mí agus súil leis an méid oibre a bhí le déanamh. Nuair a sháraigh a hionchur an gnáthmhéid seo, luadh gur íocadh ní ba mhó airgid léi.

Chomhaontaigh an tOifigeach Achomhairc leis an Oifigeach Breithiúnachta go raibh táscairí ann i dtaobh fostaíochta do sheirbhís agus fostaíochta seirbhíse. Ach i ndiaidh gur cuireadh an éisteacht ó bhéal ar bun, áfach, i ndiaidh gur cuireadh fianaise ar fáil, ach go háirithe, a léirigh go ndearna an t-oibrí trádáil agus obair eile lasmuigh de chuideachta an achomharcóra, dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc go bhféadfaí a mhaíomh go raibh sí i mbun gnó léi féin agus go raibh an obair a rinneadh don chuideachta mar sin den gnólacht sin agus gur chonradh le haghaidh seirbhísí a bhí ann, dá bharr.

Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc

2019/59 Inárachas

An Cheist: Dliteanas do Ranníocaíochtaí ÁSPC

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir achomharc in aghaidh chinneadh na Roinne chun a thaifead ÁSPC don bhliain 2015, 2016 agus 2017 a leasú ar an mbunús go raibh an t-ioncam a thuairiscigh Ciste Scoir Formheasta maidir leis an achomharcóir níos lú ná €5,000. Dheimhnigh an Roinn gurbh í an aicme cheart ÁSPC Aicme M. Rinneadh athbhreithniú ar a thaifead ÁSPC i ndiaidh go ndearnadh iarratas ar Shochar Cóireála. Rinneadh achomharc ar an gcinneadh ar an mbunús go ndearna an t-achomharcóir teagmháil leis an Roinn roinnt uaireanta agus gur insíodh dó gur cuireadh ranníocaíochtaí Aicme S do shochar dó do na blianta seo agus go raibh sí faoi mhíbhuntáiste anois mar gheall ar an leasú a rinneadh ar thaifead.

Díolmhaítear i Riail 3 de Chuid 3 sa Chéad Sceideal le hAcht 2005 duine ó ÁSPC Aicme S a íoc nuair a bhíonn ioncam inríofa faoi bhun an mhéid a fhorordaítear. Forordaítear in Airteagal 92 de IR 31 de 1996 gurbh é an méid sin €5,000 i mbliain ranníocaíochta.

Breithniú: Ghlac an t-achomharcóir leis go raibh a ioncam do na blianta a bhí i gceist faoi bhun €5,000. Chuir sé ina aghaidh, áfach, gur cuireadh ranníocaíochtaí Aicme S do shochar a thaifid agus, ach go háirithe, go bhfuair sé deimhniú roinnt uaireanta gur bronnadh ranníocaíochtaí do na blianta siúd nuair a rinne sé fiosrúchán maidir leis an líon ranníocaíochtaí a d'íoc sé maidir le teidlíocht amach anseo do Phinsean Stáit (Ranníocach). Luaigh sé go n-imreodh cailteanas na mblianta siúd tionchar diúltach ar an ráta pinsin a raibh súil aige lena fháil. Dúirt sé, dá mbeadh sé ar an eolas nach raibh aon dliteanas faoi do na blianta siúd, ní fhéadfadh sé dul i mbun gnímh lena chinntiú go raibh ranníocaíocht inríofa aige. Dúirt sé nach raibh an rogha seo aige mar gheall gur bronnadh ranníocaíochtaí Aicme S air do na blianta siúd go mícheart. Dúirt sé nach féidir glacadh leis go ndéanfaí ranníocaíochtaí ÁSPC a bhronnadh go mícheart agus gan an duine atá i gceist a chur ar an eolas ar an mbotún ach nuair a rinneadh éileamh ar shochar. Sheol sé fianaise ar aghaidh ón Rannóg Sochair Cóireála a mhaígh go raibh a éileamh ar shochar ceadaithe d'ainneoin go ndearnadh na ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a chúlghairm a rinneadh a chur do shochar don bhliain 2015, 2016 agus 2017. Mhaígh sé gur cheart glacadh lena mhacasamhail de chur chuige maidir lena iarratas ar Phinsean Stáit (Ranníocach).

Forordaítear an teorainn ioncaim sa reachtaíocht faoi airteagal 92 de I.R. 312 de 1996 agus nach faoi Oifigeach Achomhairc atá sé chun ranníocaíochtaí Aicme S a bhronnadh nuair a bhíonn an t-ioncam faoi bhun an mhéid a fhorordaítear. I ndiaidh na héisteachta ó bhéal, d'iarr an tOifigeach Achomhairc ar an Roinn chun súil a chaitheamh ar an gceist arís, ar na deacrachtaí, ach go háirithe, a chruthaigh na ranníocaíochtaí Aicme S a cuireadh do shochar go hearráideach don achomharcóir nuair a bhí pleanáil á déanamh aige do theidlíocht fhéideartha phinsin. Cuireadh an tOifigeach Achomhairc ar an eolas gur scríobh an Roinn chuig an achomharcóir i Lúnasa 2019 agus gur cuireadh in iúl do go raibh sé de rogha aige bheith mar ranníocóir saorálach don tréimhse a bhí i gceist. Ceist í sin atá le deimhniú sa chéad ásc idir an Roinn agus an t-achomharcóir.

Chuir an Roinn an tOifigeach Achomhairc ar an eolas go raibh cur amach acu ar na heasnaimh sa chóras ónar eascair go ndearnadh ranníocaíochtaí Aicme S a chur do shochar nuair a bhí an t-ioncam ó chiste Scoir Formheasta faoi bhun na tairsí €5000 agus go raibh siad ag dul i mbun beart chun dul i ngleic leis seo. I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir, bhain an tOifigeach Achomhairc an tátal as go raibh cinneadh na Roinne i gceart agus deimhníodh gur ranníocóir faoi dhliteanas a bhí san achomharcóir do ÁSPC Aicme S i rith na mblianta 2015, 2016 agus 2017 mar gheall gur glacadh leis go raibh a ioncam ón gciste a bhí i gceist faoi bhun €5000.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc

4.6 Cás-Staidéir:

Athbhreithnithe Alt 318

Athbhreithnithe ar chinntí Oifigh Achomhairc
i gcomhréir le hAlt 318 den Acht Leasa
Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005

2019/318/60 Liúntas Leasa Forlíontach

An Cheist: Teidlíocht d'Fhorlíonadh Cíosa

Cúlra: Lorg an t-achomharcóir athbhreithniú ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc ar bhunús na hearráide i bhfíric agus i ndlí gur maíodh (a) go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid nuair a luadh nár iarr an t-achomharcóir ar litir ó údarás áitiúil sonraithe; agus (b) gur thug tithíocht an achomharcóra, a bhí á chur ar fáil ag an údarás áitiúil, mí-oiriúnacht dhá thairiscint cóiríochta a rinneadh roimhe seo chun solais. Dhiúltaigh an t-achomharcóir sa chás dhá thairiscint cóiríochta a rinne an t-údarás áitiúil ábhartha agus mar iarmhairt air sin, aistarraingíodh Forlíonadh Cíosa a íoc. Mhaígh an t-achomharcóir nach raibh an tithíocht a cuireadh ar tairiscint oiriúnach dá riachtanais mar gheall nach raibh siad inrochtana do chathaoir rothaí agus nach raibh siad oiriúnach dá mac a raibh saincheisteanna soghluaisteachta aige. Luaigh an tOifigeach Achomhairc, i gcomhréir le hAlt 199 d'Acht 2005 agus Airteagal 9 (2)(f) de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Liúntas Leasa Forlíontach Comhdhlúite), 2007 (I.R. Uimh. 412 de 2007), nuair a dhiúltaíonn duine dhá thairiscint cóiríochta laistigh de thréimhse 12 mhí, ní bheidh forlíontach le híoc ar feadh tréimhse 12 mhí ón dáta a rinneadh an diúltú deireanach do thairiscint cóiríochta.

Chuir an Roinn an t-achomharcóir ar an eolas gur fúithi a bhí sé an cheist a phlé leis an údarás áitiúil a bhí i gceist agus cuntas a thabhairt ar na cúiseanna nach raibh an réadmhaoin a leithdháileadh oiriúnach agus chun litir a sholáthar don Roinn chuige sin. Cuireadh ar an eolas í go bhféadfaí athscrúdú a dhéanamh ar theidlíocht d'Fhorlíonadh Cíosa ansin ag féachaint le hé a athghníomhachtú agus a shiardhátú. Ag tráth éisteacht an achomhairc, níor sholáthair an t-achomharcóir aon deimhniú go ndearna sí teagmháil leis an údarás áitiúil a bhí i gceist. Nuair a bhí an t-achomharc á dhícheadú, luaigh an tOifigeach Achomhairc, i gcomhréir leis an reachtaíocht rialaithe, nach bhféadfaí Forlíonadh Cíosa a íocadh i gcás an achomharcóra ar feadh tréimhse 12 mhí ón dáta a rinneadh an diúltú deireanach do thairiscint cóiríochta.

Athbhreithniú: Leagtar amach na forálacha reachtaíochta a bhaineann le Liúntas Leasa Forlíontach i gCaibidil 9, Cuid 3 d'Acht 2005 agus sna Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú), 2007 (I.R. Uimh. 412 de 2007).

Leagtar amach na coinníollacha teidlíochta d'fhorlíonadh cíosa in Airteagal 9. Foráiltear in Airteagal 9(2) go mbeidh sé ina choinníoll d'aon teidlíocht éilitheora d'fhorlíonadh–

'(f) murar dhiúltaigh an t-éilitheoir don dara huair, laistigh de thréimhse leanúnach 12 mhí dar tús nó i ndiaidh an 27 Iúil 2009, tairiscint cóiríochta a rinne údarás tithíochta nó comhlacht atá faofa ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil chun críocha alt 6 den Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992 (cóiríocht ina measc a chuirtear ar fáil faoin scéim ar a dtugtar an Scéim Cóiríochta Cíosa) agus, nuair a tharla an diúltú sin, ní bheidh forlíonadh faoi fho-airteagal (1) iníochta ar feadh tréimhse 12 mhí ó dháta an diúltaithe.'

Dhiúltaigh an t-achomharcóir dhá thairiscint cóiríochta laistigh de thréimhse leanúnach 12 mhí agus, dá bharr, níor shásaigh sí na coinníollacha teidlíochta d'fhorlíonadh cíosa. Faoi na cúinsí siúd, thug mé faoi deara go gcuimsítear an reachtaíocht rialaithe i dtéarmaí éigeantacha agus, dá bharr, ní raibh aon lánrogha ag an Oifigeach Achomhairc sa cheist seo. Níor mheas mé, ar an ábhar sin, go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid i ndlí nó i bhfíric ar an mbunús seo. Maíodh, chomh maith, go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid nuair a luadh nár iarr an t-achomharcóir ar litir ón údarás áitiúil ábhartha nuair luaigh an t-achomharcóir go ndearna sí, i litir agus ar ríomhphost, agus go bhféadfaí iarraidh ar an údarás áitiúil cruthúnas ina leith sin a sholáthar.

Sa mhéid go raibh an t-áitiú seo i gceist, mhínigh mé gur faoin achomharcóir a bhí sé pé fianaise dhoiciméadach a sholáthar a theastaigh nó a measadh a bhí ábhartha a thacaigh lena hachomharc agus nárbh faoin Oifigeach Achomhairc a bhí sé na fiosrúcháin siúd a dhéanamh leis an údarás áitiúil, faoi mar a maíodh. I ndiaidh an athbhreithnithe a rinne mé ar an gcomhad, ní raibh aon chomhfhreagras i gcomhad ón údarás áitiúil a bhí i gceist. Bhí ról an Oifigigh Achomhairc teoranta sa chás seo gan ach breithniú a dhéanamh ar cibé acu ar shásaigh nó nár shásaigh an t-achomharcóir coinníoll na teidlíochta d'fhorlíonadh faoi mar a bhforáiltear dó sa reachtaíocht leasa shóisialaigh. Níor cheist a bhí in oiriúnacht na cóiríochta a chuir údarás áitiúil ar tairiscint a raibh an tOifigeach Achomhairc plé leis.

Toradh: Níor leasaíodh an cinneadh

2019/318/61 Sochar Máithreachais

An Cheist: Sochar Máithreachais - Cáilitheacht - Coinníoll na Ranníocaíochta

Forais athbhreithnithe: Lorg an t-achomharcóir athbhreithniú ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc ar bhunús earráide i bhfíric/nó i ndlí sa mhéid gur maíodh go bhforáiltear in Alt 47, agus i bhfo-alt (3), go sonrach, d'Acht 2005 do lánrogha a thabhairt d'Oifigeach Achomhairc a cheadú socruithe a fheidhmiú chun Sochar Máithreachais a íoc le mná a cháilíonn don sochar, seachas nuair nach sásaítear na coinníollacha ranníocaíochta in Alt 48 d'Acht 2005.

Mar thacaíocht leis an áitiú seo, cuireadh ráiteas leis an Tánaiste an 24 Deireadh Fómhair 2017 ar m'aird leis an Roghchoiste Gnóthaí Eachtracha, Trádála agus Cosanta ina luaitear go bhfuil Teachtaí Dála tiomanta do chinntiú go n-íoslaghdófar míbhuntáistí a thagann chun solais mar gheall ar fhostaithe sa tseirbhís phoiblí agus a dteaghlaigh a mbíonn poist eachtracha á nglacadh acu. Cuireadh faisnéis ar m'aird, chomh maith, a bhain le cás cónaitheachta teaghlach a cuireadh thar lear chun fónamh don Stát, agus leis an gcáin agus na ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a lean siad ag íoc leis an Stát.

Áitíodh gur cás atá i gcás an achomharcóra inar cheart breithniú ceart a dhéanamh ar lánrogha agus nár bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc cibé acu arbh fhéidir nó nárbh fhéidir lánrogha a chur chun feidhme agus go ndearna sé earráid i bhfíric/i ndlí dá bharr.

Cúlra: Sheol an t-achomharcóir éileamh ar Shochar Máithreachais ar aghaidh a dhícheadaigh Oifigeach Breithiúnachta de chuid na Roinne ar an mbunús nár shásaigh an t-achomharcóir na coinníollacha ranníocaíochta do Shochar Máithreachais, faoi mar a leagtar amach in Alt 48 d'Acht 2005. Seasadh leis an gcinneadh i ndiaidh gur thug an Roinn faoi athbhreithniú. Ba shoiléir ón gcomhad gur ghabh an t-achomharcóir lena fear céile a raibh post aige thar lear maidir lena dhualgais oifigiúla agus bhí seo mar chúis leis na bearnaí agus na ranníocaíochtaí neamhleora sna blianta infheidhme ranníocaíochta.

Athbhreithniú: Thug mé cuntas air i m'athbhreithniú gurb é ról na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh ná cinneadh a dhéanamh ar achomhairc in aghaidh cinntí Oifigigh Bhreithiúnachta agus/nó Daoine Ainmnithe de chuid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Ba é an cinneadh a rinne an tOifigeach Breithiúnachta sa chás seo ná gur dícheadaíodh éileamh an achomharcóra ar Shochar Máithreachais ar an mbunús nár shásaigh sí na coinníollacha ranníocaíochta. Mhínigh mé nach mór d'Oifigigh Achomhairc, an Príomhoifigeach Achomhairc ina measc, oibriú laistigh theorainneacha na reachtaíochta rialaithe faoi mar a leagtar amach in Acht 2005 agus sna Rialacháin a dhéantar faoi.

Ar aon dul leis na forálacha reachtaíochta a rialaíonn achomhairc leasa shóisialaigh, ba é an cheist, agus t-aon cheist, a bhí le deimhniú ag an Oifigeach Achomhairc ná cibé acu ar shásaigh nó nár shásaigh an t-achomharcóir na coinníollacha ranníocaíochta chun Sochar Máithreachais a fháil faoi mar a leagtar amach in Alt 48 d'Acht 2005. Bhí ar an Oifigeach Achomhairc, chomh maith, breithniú a dhéanamh ar cibé acu ar athraíodh nó nár athraíodh na coinníollacha ranníocaíochta ar bhealach ar bith trí Rialacháin a rinne an tAire agus an chumhacht á feidhmiú aige a bronnadh uirthi de bhun Alt 47 d'Acht 2005 agus a d'fhéadfadh baint le cúinsí an achomharcóra.

Cuimsítear na forálacha a rialaíonn teidlíocht do Shochar Máithreachais i gCaibidil 9 de Chuid 2 d'Acht 2005. Cuimsítear na coinníollacha ranníocaíochta atá le sásamh chun a bheith i dteideal Sochar Máithreachais a fháil in Alt 48. Cuimsítear na forálacha a rialaíonn teidlíocht agus fad an tsochair in Alt 47 agus i bhfo-alt (3) agus forálann siad don mhéid seo a leanas:

Féadtar a fhoráil sna rialacháin chun teidlíocht a bhronnadh do shochar máithreachais, faoi réir na gcoinníollacha agus faoi na cúinsí is féidir a fhorordú, an aicme nó na haicmí b(h)an nach mbeadh i dteideal don sochar sin seachas nach sásaítear na coinníollacha ranníocaíochta in alt 48.

Mhínigh mé gur fheidhmigh an tAire an chumhacht seo maidir le hoibrithe deonacha forbartha agus is féidir teacht ar an bhforáil sin in Airteagal 31 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú) 2007 (I.R. Uimh. 142 de 2007). Ní dhearna an tAire aon fhoráil, áfach, maidir le haon aicme nó aicmí b(h)an agus in éagmais foráil shonrach sa reachtaíocht a athraíonn na coinníollacha ranníocaíochta faoi chúinsí chás an achomharcóra, bhí an tOifigeach Achomhairc faoi cheangal ag an reachtaíocht agus ní raibh aon lánrogha ná údarás aige chun na coinníollacha ranníocaíochta infheidhme a athrú.

Toradh: Níor leasaíodh an cinneadh

2019/318/62 Liúntas Míchumais

An Cheist: Cáilitheacht (An Ceart chun Cónaí sa Stát)

Forais athbhreithnithe: D'iarr abhcóidí a ghníomhaigh thar ceann an achomharcóra ar athbhreithniú ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc ar an mbunús go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid sa dlí. Ba í an cheist a bhí faoi chaibidil cibé acu an raibh nó nach raibh ceart ag an achomharcóir chun cónaí sa Stát.

Cúlra: Tháinig an t-achomharcóir, náisiúnach an AE, go hÉirinn chun cónaí lena hiníon a bhí ina cónaí agus ag oibriú in Éirinn ar feadh roinnt blianta. Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Liúntas Míchumais agus dhiúltaigh an Roinn é seo ar an mbunús nár dheimhnigh an t-achomharcóir go bhfuil ceart aici chun cónaí sa Stát. Chonacthas don Oifigeach Achomhairc, cé gur dheimhnigh an t-achomharcóir go raibh ceart aici chun cónaí mar chleithiúnaí díreach i líne éiritheach oibrí, ní raibh teacht aici, dá ainneoin sin, ar chúnamh sóisialta.

Athbhreithniú: I ndiaidh dom m'athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc, ba léir go raibh an tOifigeach Achomhairc sásta gur ghaol cleithiúnach díreach a bhí san achomharcóir i líne éiritheach shaoránaigh den Aontas Eorpach a bhí ina hoibrí in Éirinn. I gcomhréir le treoir ó Choimisiún an AE maidir leis na forálacha seo a chur i bhfeidhm, bhí an tOifigeach Achomhairc sásta, chomh maith, gur dheimhnigh an t-achomharcóir gurbh ann don chleithiúnas sular chónaigh sí lena hiníon in Éirinn. D'ainneoin sin, bhain an tOifigeach Achomhairc an tátal as nach raibh an t-achomharcóir i dteideal cúnaimh a fháil faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh. De réir na bhforas athbhreithnithe, a luaithe a deimhníodh an ceart chun cónaí, ba cheart an t-achomharc a cheadú agus d'fhéadfaí an cheist faoi cibé acu an raibh nó nach raibh gnáthchónaí ar an achomharcóir a bhreithniú ina dhiaidh sin.

I ndiaidh dom m'athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc, ba léir gur mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh ceart chun cónaí ag an achomharcóir ar an mbunús gur ghaol díreach cleithiúnach í i líne éiritheach shaoránaigh den Aontas Eorpach, arb oibrí in Éirinn í, agus bhí feidhm, dá réir, ag forálacha Airteagal 6 (3)(a) (iv) de Rialachán na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine), 2015 (I.R. Uimh. 548 de 2015). Mhínigh mé i m'athbhreithniú nach bhfuil an ceart chun cónaí sa Stát neamhchoinníollach, i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE agus Rialachán 2015 (I.R. 548 de 2015) a bhronnann éifeacht bhreise ar an Treoir. Déantar idirdhealú sa Treoir agus sna Rialacháin idir daoine atá gníomhach i dtaobh cúrsaí geilleagracha de agus iad siúd nach bhfuil.

Foráiltear in Airteagal 11 de I.R. 548 de 2015, a dhéileálann le cearta cónaithe a choinneáil:

Beidh duine a chónaíonn sa Stát faoi Rialachán 6, 9 nó 10 i dteideal leanúint ag cónaí sa Stát chomh fada agus a shásaíonn sé nó sí an fhoráil ábhartha den rialachán atá i gceist agus nach ndéantar ualach míréasúnta de nó di ar chóras cúnaimh shóisialta an Stáit.

Fad a bhí an t-achomharcóir ag cónaí sa Stát faoi Airteagal 6, ní raibh an ceart chun cónaí neamhchoinníollach agus féadfaidh sí leanúint le cónaí chomh fada agus a shásaigh sí forálacha Airteagal 6 agus nach ndéantar ualach míréasúnta di ar chóras cúnamh shóisialta an Stáit. Faoi na cúinsí siúd, ní mheasaim go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid i ndlí ar na forais a áitíodh thar ceann an achomharcóra.

Toradh: Níor leasaíodh an cinneadh

2019/318/63 Liúntas Cúramóra

An Cheist: Cáilitheacht (Cúram a theastaigh)

Forais athbhreithnithe: D'iarr abhcóidí a ghníomhaigh thar ceann an achomharcóra ar athbhreithniú ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc ar an mbunús go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid i bhfíric agus sa dlí. Ba í an cheist a bhí faoi chaibidil ná cibé acu ar theastaigh nó nár theastaigh cúram ó mhac an achomharcóra laistigh de bhrí na reachtaíochta leasa shóisialaigh rialaithe. Áitíodh, go sonrath, gur theip ar an Oifigeach Achomhairc an méid seo a leanas a dhéanamh:

- measúnú iomlán a dhéanamh ar iarratas an achomharcóra agus ar an éisteacht ó bhéal ina dhiaidh sin ar bhealach a bhí comhoiriúnach don cheartas bunreachtúil agus do nósanna imeachta cothroma – dearbhaíodh ina leith seo nach ndearna an tOifigeach Achomhairc breithniú iomlán ar na tosca a tugadh ag an éisteacht ó bhéal;
- an tábhacht chuí a thabhairt don fhianaise a cuireadh i láthair;
- measúnú a dhéanamh ar an toisc riosca maidir le sábháilteacht an linbh; agus
- na riachtanais chúraim bhreise a aithint faoinar thug an t-achomharcóir dá mac.

Cúlra: Diúltaíodh éileamh an achomharcóra ar Liúntas Cúramóra maidir leis an gcúram a sholáthair sí dá mac ar an mbunús gur mheas Oifigeach Breithiúnachta na Roinne nár shásaigh an duine a raibh cúram á sholáthar dó na riachtanais a leagtar amach in Alt 179(4) d'Acht 2005. Níor ceadaíodh an t-achomharc a rinneadh ina dhiaidh sin agus níor tháinig athrú ar an staid i ndiaidh athbhreithniú a rinne an tOifigeach Achomhairc faoi fhorálacha Alt 317 d'Acht 2005 i gcomhthéacs fianaise bhreise a sholáthair an t-achomharcóir.

Athbhreithniú: Cuimsítear na coinníollacha chun Liúntas Cúramóra a fháil i gCaibidil 8 de Chuid 3 d'Acht 2005 agus sna Rialacháin a dhéantar faoi. I gcomhréir le hAlt 179 (1), tá dhá riachtanas le sásamh le bheith i dteideal Liúntas Cúramóra a fháil: caithfidh cúram lánaimseartha a bheith á sholáthar ag an gcúramóir agus caithfidh cúram a bheith ag teastáil ón gcúramáí.

Leagtar amach na cúinsí agus na coinníollacha faoina meastar go bhfuil cúram agus aird lánaimseartha á soláthar ag duine do dhuine ábhartha i gCaibidil 4 de Chuid 3 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú), 2007 (I.R. Uimh. 142 de 2007).

Leagtar amach na cúinsí faoina meastar go bhfuil cúram agus aird lánaimseartha ag teastáil ó dhuine in Alt 179 (4) d'Acht 2005 a fhorálann "**measfar go bhfuil cúram agus aird lánaimseartha ag teastáil ó dhuine nuair -**

(a) atá an duine faoi mhíchumas den saghas sin go dteastaíonn an méid seo a leanas uaidh nó uaithi ó dhuine eile-

(i) maoirseacht bhuan agus cúnamh rialta i gcaitheamh an lae maidir le gnáthfheidhmeanna coirp, nó

(ii) maoirseacht bhuan chun baol dó nó di a sheachaint,

(b) atá an duine faoi mhíchumas den saghas sin gur dóchúil go dteastóidh cúram agus aird lánaimseartha uaidh nó uaithi ar feadh ar a laghad 12 mhí i ndiaidh a chéile, agus

(c) deimhníodh cineál agus méid mhíchumas an duine sa bhealach a fhorordaíonn cleachtóir leighis cláraithe."

Níor aimsigh mé aon fhorais i m'athbhreithniú ar chinneadh an Oifigeach Achomhairc chun tacú leis an áitiú gur theip ar an Oifigeach Achomhairc chun breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir a chuir an t-achomharcóir i láthair. Bhain fuilleach an áitithe go mór mór le tábhacht an Oifigeach Achomhairc a tugadh don fhianaise a sheol an t-achomharcóir ar aghaidh agus an fhianaise liachta.

Thug mé faoi deara go raibh an tOifigeach Achomhairc faoin tuairim nach raibh aon amhras ann ach gur theastaigh leibhéal cúraim ó mhac an achomharcóra, ach níor deimhníodh gur theastaigh maoirseacht leantach agus cúnamh rialta uaidh i gcaitheamh an lae maidir le gnáthfheidhmeanna coirp nó maoirseacht leantach le baol dó féin a sheachaint.

Áitíodh, chomh maith, go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid nuair a dhiúltaigh sé fianaise ghrianghrafach a fháil ar an mbunús nárbh fhianaise leighis é agus nár bhain sé le hábhar dá bharr. I ndiaidh dom m'athbhreithniú a dhéanamh, níor shoiléir cén fhianaise ar leith a raibh tagairt á déanamh di ach tugadh an deis don achomharcóir chun an fhianaise seo a sheoladh ar aghaidh agus go ndéanfaí athbhreithniú uirthi ansin faoi fhorálacha Alt 317 d'Acht 2005.

Sa mhéid gur áitíodh go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid mar gheall gur theip air an toisc riosca a rochtain maidir le sábháilteacht mhac an achomharcóra, ba dhealraitheach dom gur bhain an t-áitiú seo leis an maíomh go rachadh sláinte a mic in olcas go mear murach gur sholáthair an t-achomharcóir cúram agus aird sheasmhach agus go dtógfaí é chuig an Aonad Dianchúraim dá bharr. I ndiaidh dom m'athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhad, bhí mé sásta nár thacaigh an fhianaise leis an áitiú seo. Thug an tOifigeach Achomhairc le fios gur tugadh mac an achomharcóra chun an ospidéal an uair dheireanach roinnt roimhe seo agus gur thug an fhianaise liachta a tugadh don Oifigeach Achomhairc le fios go raibh difear measartha á dhéanamh do mhac an achomharcóra ag a riochtaí i roinnt limistéar.

Cé gur theastaigh cúnaimh ón gcúramaí maidir le cothú agus monatóireacht ar shiúcra, inslin a ríomh agus a dháileadh, tugadh le fios gur gnáthghníomhaíochtaí a bhí i ngach gníomhaíocht eile. Thug an fhianaise le fios, chomh maith, go bhféadfadh cúramaí go leor feidhmeanna maireachtála laethúla a dhéanamh é féin ach gur theastaigh maoirseacht uaidh maidir le folcadh agus cithfholcadh. Níor thacaigh an fhianaise, I mo thuairim, leis an tátal gur theastaigh ‘maoirseacht bhuan le baol dó féin a sheachaint’ ón gcúramaí, faoi mar a cheanglaítear in Alt 179 (4) d’Acht 2005.

Áiríodh leis an bhfianaise a bhí curtha ar fáil don Oifigeach Achomhairc maidir leis an ngné dheireanach den tástáil ar chúram reachtaíochta, fianaise cháipéisíochta agus ó bhéal a tugadh chun solais ag an éisteacht ó bhéal. Ní dhearnadh aon tagairtí ar leith san fhianaise liachta do cheist an bhaoil. Agus aird ar iomláine na fianaise a bhí curtha ar fáil don Oifigeach Achomhairc, níor mheas mé gur thacaigh an fhianaise leis an tátal gur theastaigh maoirseacht leantach a chur ar fáil don chúramaí le baol a sheachaint dó.

Ba shoiléir ó chinneadh an Oifigigh Bhreithiúnachta nár ceadaíodh éileamh an achomharcóra ar an mbunús gur measadh nár shásaigh an cúram a theastaigh ó mhac an achomharcóra na ceanglais reachtúla. Ní raibh ceist an chúraim a bhí á sholáthar faoi chaibidil. Thug mé faoi deara, áfach, gur bhain go leor de na pointí a chuir abhcóidí an achomharcóra i láthair leis an gcúram a sholáthair an t-achomharcóir. Cé gur gné thábhachtach atá le cur san áireamh í ceist an chúraim a sholáthraítear, bhí díriú an achomhairc, sa chás seo, le bheith ar an gcúram a theastaigh ón gcúramaí, seachas ar an gcúram a sholáthair an cúramóir.

Toradh: Níor leasaíodh an cinneadh

2019/318/64 Liúntas Cuardaitheora Poist

An Cheist: Teidlíocht (ráta pionóis)

Forais athbhreithnithe: Mhaígh an t-achomharcóir san iarraidh a rinne sé ar athbhreithniú ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc go ndéanann riar scéim JobPath an reachtaíocht náisiúnta um chosaint sonraí (luaitear an tAcht um Chosaint Sonraí, 2003) agus Treoir ón Aontas Eorpach maidir le daoine aonair a chosaint i dtaobh sonraí pearsanta a phróiseáil (luaitear Treoir 95/46/CE), a shárú. Mhaígh an t-achomharcóir go ndearna an Roinn a shonraí pearsanta a roinnt go neamhdhleathach le soláthraí ainmnithe agus gur úsáid an soláthraí sin iad go neamhdhlisteanach. Léirigh sé an dearcadh go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid ina áitiú ‘go ndearna an Roinn gach iarracht le dearbhú a thabhairt dó’ maidir le slándáil a shonraí pearsanta. Mhaígh an t-achomharcóir, chomh maith, nach ndearnadh cinneadh an Oifigigh Bhreithiúnachta i gcomhréir le ceartas aiceanta agus sula ndéantar na cinntí siúd, ba cheart do dhuine ainmnithe sa Roinn casadh leis an éilitheoir atá i gceist.

Cúlra: Ní raibh Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil ag an achomharcóir agus tugadh cuireadh don éilitheoir chun freastal ar chruinnithe a shocraigh an Roinn ar mhaithe le heolas a sholáthar a bheartaítear a chuirfidh feabhas ar a eolas ar an bhfostaíocht, an taithí oibre agus na deiseanna eile atá ar fáil dó. Theip air freastal ar roinnt cruinnithe sceidealaithe agus chuir Oifigeach Breithiúnachta ráta pionóis i bhfeidhm ar a éileamh ónar eascair laghdú €44 ar a íocaíocht sheachtainiúil.

Cé go ndearnadh an t-achomharcóir a dhícháiliú i ndeireadh na dála i ngeall go raibh Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil aige, ba í an cheist a bhí le freagairt ag an Oifigeach Achomhairc ag an bpointe sin ama ná cibé acu ar theip nó nár theip ar an achomharcóir gan cúis mhaith chun freastal ar chruinnithe sceidealaithe. Mar gheall gur mheas an tOifigeach Achomhairc nár léirigh an t-achomharcóir go raibh cúis mhaith leis gur theip air freastal ar na cruinnithe, níor ceadaíodh an t-achomharc.

Athbhreithniú: Mar gheall go raibh saincheisteanna a bhaineann le riar Chlár JobPath i gceist le forais athbhreithnithe an achomharcóra, thug mé chun solais gurb é ról na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh ná cinneadh a dhéanamh ar achomhairc in aghaidh cinntí Oifigigh Bhreithiúnachta agus/nó Daoine Ainmnithe de chuid na Roinne. Bronntar cumhacht reachtúil in Alt 300(2) d'Acht 2005 ar Oifigigh Bhreithiúnachta de chuid na Roinne chun cinneadh a dhéanamh a bhaineann le cúnaimh sóisialta. Is féidir na cinntí go léir siúd a achomharc faoi fhorálacha Alt 31 d'Acht 2005 le hOifigeach Achomhairc. Mhínigh mé, i gcomhréir leis na forálacha reachtúla seo, nach bhfuil aon ról ag Oifigeach Achomhairc maidir le JobPath a riar. Bhí ról an Oifigigh Achomhairc srianta, ar an ábhar sin, do chinneadh an Oifigigh Bhreithiúnachta agus tháinig laghdú ar íocaíocht sheachtainiúil an achomharcóra dá bharr.

Cuimsítear na forálacha a rialaíonn teidlíocht do Liúntas Cuardaitheora Poist i gCaibidil 2 de Chuid 3 d'Acht 2005 agus i gCaibidil 1 de Chuid 3 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú), 2007 (I.R. Uimh. 142 de 2007).

Foráiltear in Alt 141A d'Acht 2005 gur féidir a iarraidh ar dhuine a bhfuil Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil acu chun freastal ar chruinnithe ar mhaithe le cabhrú leis an duine chun fostaíocht a chuardach nó chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais oideachais, oiliúna nó forbartha an duine – a dtagraítear dóibh go ginearálta mar chruinnithe gníomhachtaithe.

Leagtar amach in Alt 141A, chomh maith, na pionóis is féidir a chur i bhfeidhm nuair a dhiúltaíonn duine nó nuair a theipeann air/uirthi chun freastal ar chruinnithe gníomhachtaithe agus bíonn feidhm ag fo-alt (2) ina leith seo:

Nuair a dhiúltaíonn duine nó nuair a theipeann air nó uirthi, gan cúis mhaith, chun an ceanglas a chomhlíonadh a shonraítear san fhógra faoi fho-alt (1) ag an am a shonraítear san fhógra sin, nó ag aon tráth ina dhiaidh sin amhail is féidir leis an Aire a chinneadh nó is féidir a chinneadh thar ceann an Aire agus a chur in iúl don duine, is amhlaidh a bheidh an ráta seachtainiúil de liúntas cuardaitheora poist atá iníoctha leis an duine sin maidir le haon tréimhse sin de dhiúltú nó de theip, faoi réir an ailt seo, agus a leagtar amach in alt 142(1A), 142A(1A) nó, de réir mar a bheidh, Alt 142B(1A).

Sa mhéid nach ndearnadh áitiú an achomharcóra nach ndearnadh cinneadh [an Oifigigh Bhreithiúnachta] i gcomhréir le ceartas aiceanta, agus a thabhairt faoi deara nach mór gach cinneadh a dhéanamh i gcomhréir le ceartas aiceanta, mhínigh mé nach bhforáiltear sa reachtaíocht do chruinnithe agus/nó nach mór do dhuine ainmnithe bheith i gceannas ar aon chinn de na cruinnithe siúd. Ón athbhreithniú a rinne mé ar an gcomhad a bhí os comhair an Oifigigh Bhreithiúnachta, thug mé faoi deara go raibh comhfhreagras i gcomhad sula ndearna an tOifigeach Breithiúnachta a cinneadh ó Oifigí na Roinne ina dtugtar cuntas ar na hoibleagáidí atá ar chuardaitheoirí poist chun freastal ar chruinnithe gníomhachtaithe agus tugadh cuntas, chomh maith, ar na hiarmhairtí a bhíonn i gceist má theipeann orthu freastal.

D'aithin an t-achomharcóir, chomh maith, gur léigh sé an t-ábhar agus go raibh sé ar an eolas, má theip air chun freastal ar agallaimh, go bhféadfaí a íocaíocht a laghdú. Faoi na cúinsí siúd, níor mheas mé go raibh cinneadh an Oifigeach Achomhairc earráideach.

Sa mhéid gur áitíodh go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid ina áitiú 'go ndearna an Roinn gach iarracht le dearbhú a thabhairt don achomharcóir maidir le slándáil a shonraí pearsanta', níor mheas mé go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid i bhfíric ná dlí ina leith seo. I ndiaidh dom m'athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhad, bhí comhfhreagras i gcomhad a léirigh go ndearna an Roinn iarrachtaí suntasacha chun eolas agus dearbhuithe a sholáthar don achomharcóir maidir lena shonraí pearsanta agus leis na sonraí sin a roinnt le cuideachtaí JobPath. Cé gur bhain mé an tátal as go raibh sé réasúnta go lorgódh an t-achomharcóir dearbhuithe maidir leis na prótacail atá i gceist agus na cosaintí a cuireadh i bhfeidhm maidir le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, mheas mé gur léirigh an fhianaise nár shásaigh an t-achomharcóir an riachtanas chun freastal ar chruinnithe sceidealaithe, faoi mar a d'iarr an Roinn agus, i gcomhthéacs na ndearbhuithe a thug an Roinn dó, níorbh ionann a bhuarthaí maidir le cosaint sonraí agus "cúis mhaith" leis gur theip air freastal ar chruinnithe sceidealaithe.

Toradh: Níor leasaíodh an cinneadh

2019/318/65 Inárachas Fostaíochta

An Cheist: Aicme ranníocaíocht ÁSPC atá le híoc

Forais athbhreithnithe: Mhaígh an Roinn ina hiarraidh ar athbhreithniú nach ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid sa dlí nuair a bhrath sí ar Alt 19 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2014 agus gur cheart di brath, ina ionad sin, ar Alt 16 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013.

Mhínigh an Roinn, chomh maith, gur mheas sí go raibh Aicme A ÁSPC cuí do thréimhse iomlán an idirchaidrimh a bhí ag an achomharcóra le cuideachta ainmnithe agus gur thug an tOifigeach Achomhairc chun solais nár tháinig aon athrú suntasach ar choinníollacha oibre an achomharcóra ná ar an mbaint a bhí aici leis an gcuideachta nuair a tháinig méadú ar a scairshealbhú in 2013.

Cúlra: Rinneadh Stiúrthóir den achomharcóir sa chás seo, céile an scairshealbhóra tromlaigh, go gairid i ndiaidh gur corpraíodh an chuideachta le scairshealbhú 1%. Tháinig méadú aníos go dtí 41% ar a scairshealbhú i Márta 2013. Cuideachta theoranta a bhí sa ghnólacht. Rinne Oifigeach Breithiúnachta de chuid na Roinne an cinneadh go raibh fostaíocht an achomharcóra ón 1 Eanáir 2007 inárachais ag ÁSPC Aicme A. I ndiaidh d'Oifigeach Breithiúnachta athbhreithniú a dhéanamh, agus i ndiaidh brath ar Alt 16 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013, seasadh leis an gcinneadh sin.

Rinne an tOifigeach Achomhairc an cinneadh go raibh fostaíocht an achomharcóra inárachais faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh ag ÁSPC Aicme A don tréimhse ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2013, agus ag ÁSPC Aicme S ón 1 Eanáir 2014. Nuair a bhí an tátal seo a bhaint amach, bhrath an tOifigeach Achomhairc ar Alt 19 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2014.

Athbhreithniú: I dtabhairt faoin athbhreithniú seo, mheas mé gur ghá, ar an gcéad dul síos, chun an reachtaíocht a leagan amach a bhaineann le ranníocóirí agus ranníocaíochtaí agus na leasuithe ar na forálacha seo a mheas mé a bhain le hábhar.

An reachtaíocht a rialaíonn ranníocaíochtaí

Cuimsítear an reachtaíocht a bhaineann le Ranníocóirí Fostaíocht agus Ranníocaíochtaí Fostaíochta (ÁSPC) i gCaibidil 2 de Chuid 2 d'Acht 2005. Cuimsítear an reachtaíocht a bhaineann le Ranníocóirí Féinfhostaíochta agus Ranníocaíochtaí Féinfhostaíochta i gCaibidil 3 de Chuid 2 d'Acht 2005.

Foráiltear in Alt 12(1)(a) d'Acht 2005 do ÁSPC a íoc ag ranníocóirí fostaithe. Forálann sé, i measc rudaí eile, gur ranníocóir fostaithe chun críocha an Achta seo a bheidh i ngach duine, atá níos sine ná 16 bliana d'aois agus níos óige ná aois an phinsin, atá fostaithe in aon fhostaíocht a shonraítear i gCuid 1 de Sceideal 1, nach fostaíocht í a shonraítear i gCuid 2 den Sceideal sin. Tugtar fostaíocht eiscthe ar an bhfostaíocht a liostaítear i gCuid 2 de Sceideal 1 d'Acht 2005.

Déantar a mhacasamhail d'fhoráil maidir le ranníocóirí féinfhostaithe in Alt 20 (1)(a) d'Acht 2005. Forálann sé, i measc rudaí eile, gur ranníocóir féinfhostaithe chun críocha an Achta seo, gan aird ar cibé acu an nó nach ranníocóir fostaithe an duine, chomh maith, a bheidh i ngach duine, atá níos sine ná 16 bliana d'aois agus níos óige ná aois an phinsin (nach duine é nó í atá curtha san áireamh in aon cheann de na haicmí duine a shonraítear i gCuid 3 de Sceideal 1) a bhfuil ioncam inríofa nó luach saothair aige nó aici. Tugtar ranníocóirí féinfhostaithe eiscthe ar na ranníocóirí a liostaítear i gCuid 3 de Sceideal 1.

Ba iad an dá leasú ar Acht 2005 a bhain le hábhar maidir leis an athbhreithniú:

Leasú ar Alt 12 agus Cuid 2 de Sceideal 1; agus
Leasú ar Chuid 3 de Sceideal 1

Leasú ar Alt 12 agus Cuid 2 de Sceideal 1

Rinne Alt 16 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013, a tháinig i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2013, foráil do leasú a dhéanamh ar Alt 12 agus Cuid 2 de Sceideal 1 d'Acht 2005, ina gcuimsítear anois na forálacha a rialaíonn inárachas stiúrthóirí oibre.

I gcomhréir leis na forálacha seo, ní ranníocóirí fostaithe na cuideachta sin chun críocha árachais shóisialaigh iad stiúrthóirí ar leo 50% nó níos mó de scairshealbhú na cuideachta. Dá réir, déantar iad a árachú chun críocha árachais shóisialaigh mar ranníocóirí féinfhostaithe agus bíonn siad faoi dhliteanas ÁSPC a íoc ag Aicme S. Deimhnítear aicmiú ÁSPC stiúrthóirí ar leo nó a rialaíonn níos lú ná 50% de scairshealbhú na cuideachta ar bhonn cás ar chás, agus an Cód Cleachtais um Stádas Fostaíochta agus Féinfhostaíochta Daoine Aonair a Chinneadh á chur san áireamh agus aird ar na tástálacha agus tosca eile a tháinig chun cinn le himeacht ama ó bhreithiúnais na gCúirteanna.

Mar gheall gur rialaigh nó gur leis an achomharcóir sa chás seo níos lú ná 50% de scairshealbhú na cuideachta, bhí an breithniú le déanamh ar an aicmiú ÁSPC de réir an dara rogha thuas.

Don tréimhse ón 1 Eanáir 2008 go dtí an 31 Nollaig 2013, bhain an tOifigeach Breithiúnachta agus an tOifigeach Achomhairc an tátal as go raibh fostaíocht an achomharcóra inárachais faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh ag ÁSPC Aicme A. Cé gur bhain an tOifigeach Breithiúnachta an tátal as gur lean fostaíocht an achomharcóra de bheith inárachais ag ÁSPC Aicme A, bhain an tOifigeach Achomhairc an tátal as go raibh an fhostaíocht inárachais ag ÁSPC Aicme S ón 1 Eanáir 2014.

Leasú ar Chuid 3 de Sceideal 1

Bhrath an tOifigeach Achomhairc ar leasú ar Acht 2005 a thug Alt 19 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2014 isteach agus a tháinig i bhfeidhm an 17 Iúil 2014. Seo a leanas téacs an leasaithe sin:

Ranníocóirí eiscthe féinfhostaithe

19. (1) *Leasaítear Cuid 3 de Sceideal 1 leis an bPríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 1:*

“(1) Gaol forordaithe le ranníocóir féinfhostaithe—

(a) a ghlacann páirt i ngnó an ranníocóra fhéinfhostaithe,
agus

(b) a thugann faoi na tascanna nó na tascanna coimhdeacha céanna a dtugann an ranníocóir féinfhostaithe fúthu, seachas duine—

(i) ar comhpháirtí é nó í i ngnólacht an ranníocóra fhéinfhostaithe, nó

(ii) lena mbaineann fomhíreanna (a) agus (b) agus ar fear céile, bean chéile nó páirtnéir sibhialta é nó í leis an ranníocóir féinfhostaithe.”

(2) Bíonn feidhm ag fo-alt (1), sa mhéid go mbaineann sé le dliteanas do ranníocaíocht faoi Chaibidil 3 de Chuid 2 den Phríomh-Acht de bhua fómhír

(ii) de mhír 1 (arna leasú ag fo-alt

(1)) de Chuid 3 de Sceideal 1 leis an bPríomh-Acht—

(a) i dtaca le haon luachanna saothair inríofa a fuair duine lena mbaineann fómhír

(ii) de mhír 1 de Chuid 3 de Sceideal 1 leis an bPríomh-Acht, an 1 Lúnasa 2014 nó ina dhiaidh, agus

(b) i dtaca le haon ioncam inríofa a fuair duine lena mbaineann fómhír (ii) de mhír 1 de Chuid 3 de Sceideal 1 leis an bPríomh-Acht—

(i) maidir leis an mbliain ranníocaíochta dar tús an 1 Eanáir 2014, agus

(ii) maidir le gach bliain ranníocaíochta ina dhiaidh sin.”

Sula ndearnadh an leasú seo, liostaíodh céilí nó páirtnéirí sibhialta oibrí féinfhostaithe a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí a gcéile nó a bpáirtnéara shibhialta féinfhostaithe a thug faoi na tascanna céanna nó coimhdeacha mar ranníocóirí féinfhostaithe eiscthe. Rinne an leasú a d'fhoráil Alt 19 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2014 an dliteanas do ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh do chéilí agus páirtnéirí sibhialta le ranníocóirí féinfhostaithe nach comhpháirtithe gnó ná fostaithe iad, sa chás go dtugann siad faoi na tascanna céanna nó coimhdeacha.

Sula ndearnadh an leasú, ní fhéadfaí ach duine amháin den lánúin a chur faoi árachas mar oibrí féinfhostaithe chun críocha árachais shóisialaigh. Ba é éifeacht an leasaithe ná gur chinntigh sé go mbeadh an céile nó an páirtnéir sibhialta in ann teidlíocht a bhunú do Shochar Máithreachais, Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Shibhialta agus Pinsean Stáit (Ranníocach) le himeacht ama ina gceart féin.

Faoi mar a mhínigh an tOifigeach Achomhairc, rinne an leasú foráil do Threoir 2010/41/AE a thrasú ar chaitheamh cothrom idir fir agus mná atá fostaithe i ngníomhaíocht féinfhostaíochta a chur i bhfeidhm, sa mhéid gur bhain an Treoir lena chinntiú gur féidir leis an gcéile nó an páirtnéir sibhialta le hoibrí féinfhostaithe tairbhe a bhaint as coimirce shóisialach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba é an cheist lárnach i gcomhthéacs an athbhreithnithe seo ná cibé acu ar bhain nó nár bhain an leasú a tugadh isteach trí Alt 19 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2014 le cúinsí fhostaíocht an achomharcóra?

Mheas mé nár bhain sé leis an achomharcóir sa mhéid go ndearna an leasú dá bhforáiltear in Alt 19 do ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh do chéilí agus páirtnéirí sibhialta le ranníocóirí féinfhostaithe nach comhpháirtithe gnó ná fostaithe iad, sa chás go dtugann siad faoi na tascanna céanna nó coimhdeacha. I bhfriotal eile, shín an fhoráil cumhdach árachais shóisialaigh agus chuimsigh sé oibríthe ar ranníocóirí féinfhostaithe eiscthe iad roimhe seo. Chinn an tOifigeach Achomhairc, áfach, gur fhostaí leis an gcuideachta theoranta a bhí san achomharcóir agus go raibh ar an gcinntiúchán sin a bheith bunaithe ar Alt 12 agus Cuid 2 de Sceideal 1 d'Acht 2005, arna leasú ag Alt 16 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013. Bunaithe ar na torthaí seo, ní dhearnadh an t-achomharcóir a eisiamh ó árachas sóisialach.

Cé go raibh sé soiléir go raibh iarracht á déanamh ag an Oifigeach Achomhairc chun éifeacht a thabhairt do spiorad an leasaithe a tugadh isteach in Alt 19 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2014, mheas mé go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid sa dlí sa mhéid nár tháinig fostaíocht an achomharcóra faoi chuimsiú scóip an leasaithe dá bhforáiltear san Alt sin. I ndiaidh go ndearnadh an cinneadh go raibh fostaíocht an achomharcóra ag an gcuideachta theoranta inárachais faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, ag ÁSPC Aicme A don tréimhse ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2013, agus nach raibh aon bhunús ann sa leasú a tugadh isteach in Alt 19 d'Acht 2014 chun an fhostaíocht a aicmiú ag ÁSPC Aicme S ón 1 Eanáir 2014.

Toradh: Leasaíodh an cinneadh

2019/318/66 Sochar Cuardaitheora Poist

An Cheist: Coinníoll an chirt do shochar (Aitheantas)

Foires athbhreithnithe: Lorg an t-achomharcóir athbhreithniú ar chinneadh an Oifigh Achomhairc ar an mbunús gur bhrath an tOifigeach Achomhairc ar an bhforáil mhícheart d'Alt 241 d'Acht 2005 agus/nó go ndearna sé an coincheap ina sásaítear an coinníoll maidir le haitheantas a chumasc in Alt 241(1)(b) nuair a bhí iarratas á dhéanamh ar an mbealach a fhorordaítear a cheanglaítear in Alt 241(1)(a).

Maíodh go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid maidir le hAlt 241(1C) a thuiscint mar gheall go bhfuil eolas maidir lena fhorordú conas is féidir aitheantas a fhíordheimhniú maidir leis an mbunobleagáid ar fáil in Alt 241(1)(b) agus cuirtear roinnt bearta sonracha ar fáil in Alt 241(1C) atá ar fáil don Aire ach nach sainordaítear lena n-úsáid. Anuas air sin, maíodh nár thug an tOifigeach Achomhairc le fios cén fáth a bhí sé riachtanach go nglactar grianghraf leictreonach agus go gcuirtear síniú ar fáil le haitheantas an achomharcóra a shásamh don Aire agus go ndearna an tOifigeach Achomhairc argóintí áirithe a seoladh ar aghaidh mar chuid d'áitiú an achomhairc a thréithriú go mícheart mar argóintí a sháraigh na forálacha reachtaíochta.

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Shochar Cuardaitheora Poist agus maidir leis an éileamh sin, iarradh air freastal ar Ionad Intreo de chuid na Roinne, ag féachaint le dul faoi agallamh maidir lena éileamh agus chun a aitheantas a fhíordheimhniú maidir le próiseas clárúcháin Chreat-Thimpeallacht i gcomhair Fíordheimhniú Caighdeáin (SAFE) na Roinne. Níor tugadh an próiseas clárúcháin chun críche mar gheall nár chomhaontaigh an t-achomharcóir leis go bpróiseálfar a Chárta Seirbhísí Poiblí (CSP). Níor ceadáíodh an t-éileamh ar an mbunús nár dheimhnik an t-achomharcóir a aitheantas ar aon dul le forálacha na reachtaíochta rialaithe - is é sin go sonracha nár cheadaigh sé formáid leictreonach dá ghrianghraf a ghlacadh agus nár sholáthair sé síniú leictreonach. Luadh gurbh iad na forálacha reachtaíochta ar ar bhrath an tOifigeach Breithiúnachta iad siúd a dtugtar cuntas orthu in Alt 247(C) d'Acht 2005. Mhaígh an t-achomharcóir ina achomharc go raibh buarthaí air faoin CSP nach ndeachaigh foireann Intreo i ngleic leo. Maíodh, chomh maith, go

raibh cinneadh an Oifigigh Bhreithiúnachta neamhdhleathach mar gheall nár “duine a bhfuil sochar á fháil aige nó aici” a bhí san achomharcóir agus nár bhain forálacha Alt 247(C) leis mar dhuine a raibh éileamh á dhéanamh aige. Ba é an príomhrud a d’áitigh an t-achomharcóir ná gur sholáthair sé dóthain eolais agus cruthúnas cáipéisíochta aitheantais agus gurbh ghá, ach nárbh éigeantach, a ghrianghraf a ghlacadh agus chun síniú leictreonach a sholáthar. Áitíodh ina leith seo nach raibh aon bhonn dleathach chun grianghraf a ghlacadh chun críocha aghaidh-aitheanta agus síniú leictreonach chun na sonraí pearsanta siúd a fhíordheimhniú go huathoibríoch agus gur sonraí bithmhéadracha atá sna sonraí siúd agus go rangáítear iad mar chatagóir speisialta shonraí.

Maíodh nach bhfuil aon fhoráil i ndlí na hÉireann nó an AE a cheadaíonn don Aire chun na sonraí pearsanta siúd de chatagóir speisialta a phróiseáil mar chuid de phróiseas clárúcháin SAFE agus gur sháraigh sé cumhachtaí an Aire a iarraidh ar an achomharcóir chun próiseáil neamhdhleathach a dhéanamh ar a sonraí pearsanta a cheadú. Maíodh go bhfuil dualgas ar an Oifig Achomhairc éifeachtacht dhlí an AE a chinntiú agus go dtagann an dlí ar ar bhrath [na cinnteoirí] salach ar dhlí an AE.

Athbhreithniú: Sa mhéid gur áitíodh go raibh cinneadh an Oifigigh Bhreithiúnachta neamhdhleathach mar gheall gur bunaíodh an brath ar an bhforáil mhícheart d’Acht 2005 (Alt 247C, a bhaineann le duine a bhfuil sochar á fháil aige), bhí an tOifigeach Achomhairc sásta go raibh sé ar intinn ag an Oifigeach Breithiúnachta an t-éileamh a dhícheadú bunaithe ar Alt 241 d’Acht 2005 (a bhaineann le héilimh nua). Cé gur glacadh leis go hiomlán gur bhrath an tOifigeach Breithiúnachta ar an bhforáil mhícheart reachtaíochta, is amhlaidh an cás go bhfuil na forálacha a chuimsítear in Alt 247C (3) ar aon dul leis na forálacha a chuimsítear Alt 241 maidir le haitheantas duine a fhíordheimhniú gan aird ar aitheantas duine gan aird ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sochar á fháil ag an duine nó an bhfuil nó nach bhfuil éileamh á dhéanamh ag an duine ar shochar, faoi mar a bhí i gceist i gcás an achomharcóra.

Sa mhéid gur áitíodh go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid nó go raibh an chuma air go ndearna sé forálacha Alt 241(1)(a) a chumasc maidir le héileamh a dhéanamh ar an mbealach a fho-ordaítear) agus Alt 241(1)(b) (a shásaíonn an tAire maidir le haitheantas), bhí mé sásta gur mheas an tOifigeach Achomhairc cibé acu ar shásaigh nó nár shásaigh an t-achomharcóir an coinníoll a dtugtar cuntas air in Alt 241(1)(b). Ba léir seo ón gcuid shubstainteach dá cinneadh agus ón meastóireacht a rinneadh ar an bhfianaise.

Cuimsítear na forálacha a rialaíonn teidlíocht do Shochar Cuardaitheora Poist i gCaibidil 12 de Chuid 2 d’Acht 2005. Cuimsítear na forálacha a rialaíonn éilimh agus íocaíochtaí i gCaibidil 1 de Chuid 9 d’Acht 2005.

Foráiltear in Alt 241 gur coinníoll é den cheart atá ag aon duine chun aon sochar go ndéanann sé nó sí an méid seo a leanas—

- (a) éileamh a dhéanamh ar an sochar sin ar an mbealach forordaithe, agus
- (b) go sásaíonn sé don Aire a aitheantas nó a haitheantas.

Foráiltear in Alt 241(1C) agus 241 (1D):

(1C) Chun críocha a shásamh dó nó di féin maidir le haitheantas duine a dhéanann éileamh ar shochar, féadfaidh an tAire, gan dochar d'aon mhodh eile ina ndéantar aitheantas an duine sin a fhíordheimhniú, a iarraidh go ndéanann an duine sin an méid seo a leanas—

(a) freastal ar oifig an Aire nó ar an áit eile siúd is féidir leis an Aire a ainmniú faoi mar is cuí,

(b) an fhaisnéis sin a sholáthar don Aire, ag an oifig sin nó ag áit eile ainmnithe, agus aon cháipéis a sholáthar don Aire is féidir leis an Aire a iarraidh go réasúnta ar mhaithe le haitheantas an duine sin a fhíordheimhniú,

(c) a cheadú grianghraf nó taifead eile d'íomhá den duine sin a ghlacadh, ag an oifig sin nó ag áit ainmnithe eile, i bhfoirm leictreonach, ar mhaithe le haitheantas an duine sin a fhíordheimhniú, ag an Aire, ag aon tráth, agus

(c) sampla dá shíniú nó dá síniú a sholáthar ag an oifig sin nó ag áit ainmnithe eile, i bhfoirm leictreonach, ar mhaithe le haitheantas an duine sin a fhíordheimhniú, ag an Aire, ag aon tráth.

(1D) Coimeádfaidh an tAire an méid seo a leanas i bhfoirm leictreonach—

(a) aon ghrianghraf nó taifead eile d'íomhá dhuine a ghlactar de bhun fho-alt

(1C)(c), agus

(b) aon síniú a cuireadh ar fáil de bhun fho-alt (1C)(d),

ar an mbealach sin a cheadaíonn an grianghraf siúd, taifead eile nó síniú a atáirgeadh trí mhodh leictreonach.”

Ba shoiléir, agus níor cuireadh ina aghaidh seo, gur iarradh ar an achomharcóir a aitheantas a shásamh don Aire agus chun é sin a dhéanamh, toghraíodh forálacha Alt 241(1C). I ndiaidh gur toghraíodh iad agus faoi chúinsí inar dhiúltaigh/inar theip ar an achomharcóir an ceanglas seo a chomhlíonadh, ní fhéadfaí a mheas gur chomhlíon sé foráil Alt 241(1)(b). Mar gheall gur bhrath an tOifigeach Achomhairc ar na forálacha seo, agus go ceanglaíodh air amhlaidh a dhéanamh, i mo thuairim, níor mheas mé go ndearna sí earráid i bhfíric ná i ndlí.

Nuair a chuirtear an t-áitiú san áireamh a sheol an t-achomharcóir ar aghaidh maidir le ról an Oifigigh Achomhairc agus na hOifige féin, mhínigh mé gurb é feidhm na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh ná cinneadh a dhéanamh ar achomhairc in aghaidh cinntí Oifigigh Bhreithiúnachta agus/nó Daoine Ainmnithe de chuid na Roinne. Leagtar amach in Alt 300 d'Acht 2005 na ceistanna a bhfuil Oifigigh Bhreithiúnachta le cinneadh a dhéanamh orthu. Cuimsítear an reachtaíocht a rialaíonn an próiseas achomhairc i gCaibidil 2, 3 agus 4 de Chuid 10 d'Acht 2005 agus sna Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú), 1998 (I.R. Uimh. 108 de 1998).

Foráiltear in Alt 311 d'Acht 2005:

31.-(1) Faoi réir fho-alt (4), nuair a bhíonn duine ar bith míshásta leis an gcinneadh a rinne oifigeach breithiúnachta nó le cinntiúchán duine ainmnithe maidir le héileamh faoi alt 196, 197 nó 198, cuirfead an cheist, i ndiaidh fógra achomhairc a thabhairt don Phríomhoifigeach Achomhairc laistigh den am forordaithe, faoi bhráid oifigeach achomhairc.

Is léir go mbunaítear an nós imeachta achomhairc dá bhforáiltear in Alt 31 ar chinneadh a bheith déanta a dhéanann Oifigeach Breithiúnachta de bhun Alt 300.

Tugadh cuntas sa chinneadh a rinne an tOifigeach Breithiúnachta i gcás an achomharcóra nár ceadaíodh a éileamh ar an mbunús gur theip air a aitheantas a chruthú ar aon dul le forálacha na reachtaíochta Leasa Shóisialaigh.

Caithfidh Oifigigh Achomhairc, an Príomhoifigeach Achomhairc ina measc, oibriú laistigh de theorainneacha na reachtaíochta rialaithe faoi mar a leagtar amach in Acht 2005. Mheas mé nár tháinig na dearbhuithe a rinne an t-achomharcóir a sháraigh na forálacha reachtaíochta seo faoi chuimsiú shainchúram an phróisis achomhairc. Níor raibh ar an Oifigeach Achomhairc a thabhairt le fios cén fáth a bhí sé riachtanach grianghraf agus/nó leictreonach a sholáthar. Ba é ról an Oifigigh Achomhairc a dheimhniú cibé acu ar sásaíodh nó nár sásaíodh na forálacha reachtúla agus, i gcás an achomharcóra, ba í an cheist ná cibé acu ar shásaigh nó nár shásaigh sé don Aire maidir lena aitheantas, faoi mar a cheanglaítear in Alt 241(1)(b) agus, chun na críche sin, cibé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon sé ceanglais Alt 241(1C), ina sonraítear an bealach inar féidir an tAire a shásamh maidir le haitheantas duine.

Bhí mé faoin tuairim nach raibh lánrogha ag Oifigigh Achomhairc faoin reachtaíocht rialaithe leasa shóisialaigh chun an bealach a athrú inar féidir an tAire a shásamh maidir le haitheantas duine. Bhí mé faoin tuairim, chomh maith, nach dtagann aon argóintí a cuireadh chun cinn maidir le próiseáil neamhdhleathach a dhéanamh ar shonraí pearsanta faoi chuimsiú shainchúram na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh.

Toradh: Níor leasaíodh an cinneadh

2019/318/67 Íocaíocht Teaghlaigh Oibre

An Cheist: Ioncam seachtainiúil teaghlaigh a ríomh

Forais athbhreithnithe: Lorg an t-achomharcóir athbhreithniú ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc mar gheall gur mheas sí go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid maidir le brabúis a chur i gcuntas a rinne an chuideachta theoranta ar a raibh a céile ina Stiúrthóir agus ina scairshealbhóir dí. Mhínigh an t-achomharcóir go raibh Íocaíocht Teaghlaigh Oibre á fáil aici ar feadh roinnt blianta bunaithe ar an tsraith chéanna cúinsí ach gur diúltaíodh don éileamh ba dhéanaí a rinne sí ar athnuachan. Míníodh go mbaineann a céile pá seachtainiúil ón gcuideachta ach nach ionann aon bhrabúis agus tuilleamh nó airgead a fuarthas agus go n-úsáidtear iad chun fiachas na cuideachta a mhaoiniú.

Cúlra: Níor cheadaigh Oifigeach Breithiúnachta na Roinne iarratas ar athnuachan an achomharcóra ar an mbunús gur mhó an t-ioncam seachtainiúil teaghlaigh ná an teorainn a bhain le méid a teaghlaigh. Nuair a bhíonn ioncam seachtainiúil teaghlaigh á ríomh, cuireadh a tuilleamh féin, tuilleamh a céile agus 50% den bhrabús a rinne an chuideachta san áireamh. Bhain an tOifigeach Achomhairc an tátal as nach raibh sé míréasúnta an brabús a rinne an chuideachta a chur san áireamh agus níor ceadaíodh an t-achomharc.

Athbhreithniú: Ba í an phríomhcheist a raibh an tOifigeach Achomhairc le haghaidh a thabhairt uirthi ná cibé acu ar cheart nó nár cheart sciar a céile den ghlanbhrabús ón gcuideachta a chur san áireamh nuair a bhí teidlíocht an achomharcóra á ríomh d'Íocaíocht Teaghlaigh Oibre. Rinne an chuideachta brabús €62,600 in 2017 agus cuireadh 50% de na brabúis seo – €601.92 sa tseachtain – san áireamh nuair a bhí an measúnú ar Íocaíocht Teaghlaigh Oibre á ríomh. Leagtar amach an reachtaíocht a rialaíonn teidlíocht d'Íocaíocht Teaghlaigh Oibre i gCuid 6 d'Acht 2005 agus tá feidhm, chomh maith, ag forálacha áirithe de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú), 2007 (I.R. Uimh. 142 de 2007).

Foráiltear in Alt 227 d'Acht 2005 go gciallaíonn “ioncam seachtainiúil teaghlaigh”, faoi réir Rialachán faoi Alt 232, suim an ioncaim a fuair teaghlach i seachtain, lúide asbhaintí áirithe sonraithe, e.g. cáin ioncaim, ÁSPC, MSU etc. Déantar foráil in Airteagal 174 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú) (I.R. Uimh. 142 de 2007) chun neamhaird a thabhairt ar earraí áirithe (e.g. íocaíochtaí leasa shóisialaigh) nuair a bhíonn ioncam seachtainiúil teaghlaigh a dheimhniú. Thug mé faoi deara nach ndéantar aon fhoráil ar leith sa reachtaíocht maidir le conas, faoi mar a bhí i gceist sa chás seo, a bhfuiltear le caitheamh leis na brabúis a rinne an chuideachta. Bhí mé faoin tuairim, áfach, gur soiléir go mbaineann an reachtaíocht a rialaíonn Íocaíocht Teaghlaigh Oibre le suim an ioncaim a fuair teaghlach i seachtain agus cuireann sin in iúl, dá bharr, ar a laghad, chun suim a chur san áireamh mar ioncam sa ríomh, caithfidh go bhfuair an teaghlach é. Ina leith seo, thug mé faoi deara nach ionann Íocaíocht Teaghlaigh Oibre agus íocaíochtaí ar a ndéantar tástáil.

I ndiaidh dom athbhreithniú a dhéanamh ar na páipéir a bhí curtha faoi bhráid an Oifigigh Achomhairc, thug mé faoi deara gur dheimhnigh an Cigire Leasa Shóisialaigh de chuid na Roinne ina thuairisc gur sholáthair an chuideachta tuarastal do chéile an achomharcóra agus gur coimeádadh aon bhrabúis laistigh den ghnólacht. Faoi na cúinsí siúd, mhol an Cigire Leasa Shóisialaigh nár cheart ach an tuarastal a íocadh leis an achomharcóir agus a céile a chur san áireamh. Míníodh i nóta ar an gcomhad i gcomhthéacs an athbhreithnithe a rinne an Roinn ar chinneadh an Oifigigh Bhreithiúnachta gur chreid an t-oifigeach athbhreithnithe go raibh údar ann leis an gcinneadh a leasú bunaithe ar an moladh a rinne an Cigire Leasa Shóisialaigh.

Bhí nóta breise ann, áfach, a mhínigh gur cheart seasamh le cinneadh an Oifigigh Bhreithiúnachta ‘mar gheall go mbaineann an céile pá agus brabús 50% ón ngnólacht.’ I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na cáipéisí a bhí i gcomhad, thug mé faoi deara ó thuairisc na Stiúrthóirí agus ar aon dul le tuairisc an Chigire Leasa Shóisialaigh, gur coimeádadh brabúis sa ghnólacht. Faoi na cúinsí siúd, bhí mé sásta nach bhféadfaí a mheas gurb ionann an brabús a rinne an chuideachta agus ioncam a fuair an teaghlach i gcomhréir le hAlt 227 d’Acht 2005.

Toradh: Leasaíodh an cinneadh

2019/318/68 Pinsean Easláine

An Cheist: Cáilitheacht fad a bhítear féinfhostaithe mar fheirmeoir

Forais athbhreithnithe: Leag an t-achomharcóir ina iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc roinnt foras a thacaigh leis an áitiú go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid i bhfíric agus sa dlí nuair a dícheadaíodh a achomharc. Ba shaincheisteanna nós imeachta go leor de na forais seo maidir leis an iarratas a phróiseáil laistigh den Roinn agus níor tháinig siad laistigh de shainchúram an phróisis achomhairc. Ba í an phríomh-shaincheist cibé acu an raibh nó nach raibh an t-achomharcóir éagumasach go buan chun oibre fad a bhí sé ag oibriú ar a fheirm. Maíodh gur tharla earráid fírice sa mhéid go raibh dhá ról ag an achomharcóir, mar gheall gur dhuine féinfhostaithe é: ról fostóra agus fostaí. Luadh, mar fhostaí, gur dhearbhaigh a DG go raibh an t-achomharcóir neamhinniúil chun oibre agus, mar fhostóir, go raibh sé freagrach as an obair a bhí le déanamh ar an bhfeirm a chinntigh sé trí dhaoine eile a fhostú chun tabhairt faoin obair sin thar a cheann. Maíodh gur bunaíodh an cinneadh chun an t-iarratas ar Phinsean Easláine a dhiúltú ar mhionsonraí sa mhéid go raibh an t-achomharcóir cláraithe mar dhuine féinfhostaithe ar pháipéar ach nár thug sé faoi aon ghníomhaíochtaí oibre ar an bhfeirm, i bhfírinne.

Cúlra: Rinne an duine a bhí i gceist iarratas ar Phinsean Easláine a dhícheadaigh Oifigeach Breithiúnachta de chuid na Roinne ar an mbunús nach bhféadfaí a mheas go raibh an t-achomharcóir éagumasach go buan chun oibre mar gheall go raibh sé ag oibriú mar fheirmeoir.

Dhícheadaigh Oifigeach Achomhairc an t-achomharc ar na forais chéanna. I ndiaidh comhfhreagras breise a fháil, fianaise liachta ina measc, rinne an tOifigeach Achomhairc a rinne cinneadh faoin achomharc, an cinneadh a athbhreithniú faoi Alt 317 d’Acht 2005 ach níor mheas sé gur cuimsíodh sa chomhfhreagras fíricí ná fianaise nua a thabharfadh le fios go raibh a cinneadh mícheart agus, faoi na cúinsí siúd, dhiúltaigh an tOifigeach Achomhairc chun a cinneadh a athbhreithniú.

Athbhreithniú: Sa mhéid gur bhain an tsaincheist shubstainteach le hábhar, mhínigh mé go bhforáiltear sa reachtaíocht go bhfuil duine i dteideal Pinsean Easláine nuair a bhíonn sé nó sí éagumasach go buan chun oibre agus nuair a shásaíonn sé nó sí na coinníollacha maidir le ranníocaíochtaí. Ba é an chéad cheann de na tástálacha seo a bhí curtha faoi bhráid an Oifigigh Achomhairc. Leagtar amach na coinníollacha faoina measfar go bhfuil duine éagumasach go buan chun oibre i gCaibidil 9 de Chuid 2 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú), 2007 (I.R. Uimh. 142 de 2007). Leagtar amach in Airteagal 76 de na Rialacháin an sainmhíniú seo a leanas ar éagumasach go buan chun oibre:

Sainmhíniú ar éagumasach go buan chun oibre

“76. (1) Faoi réir fho-airteagal (2), chun críocha alt 118, measfar duine a bheith éagumasach go buan chun oibre más amhlaidh, go díreach roimh dháta an éilimh ar an bpinsean sin -

(a) go bhfuil sé nó sí tar éis a bheith éagumasach go leanúnach chun oibre ar feadh tréimhse bliana agus go dtaispeántar chun sástacht oifigigh chinnidh nó oifigigh achomharc gur dócha don duine a bheith éagumasach chun oibre go ceann bliana eile ar a laghad, nó

(a) go bhfuil sé nó sí éagumasach chun oibre agus go dtugtar fianaise ar aird a chruthaíonn chun sástacht oifigigh chinnidh nó oifigigh achomharc gurb é nádúr an éagumais chun oibre gur dócha go mbeidh an duine éagumasach chun oibre go deireadh a shaoil nó a saoil.

(2) Ní bheidh feidhm ag fo-airteagal (1) nuair a thaispeántar chun sástacht oifigeach breithiúnachta nó oifigeach achomhairc nach dócha don duine a bheith éagumasach chun oibre a thuilleadh go ceann bliana eile ar a laghad nó go deireadh a shaoil nó a saoil, de réir mar a bheidh.”

Bhí mé faoin tuairim nach ndéanann an sainmhíniú ar bheith éagumasach go buan chun oibre aon idirdhealú idirdhealú duine a bheith ina f(h)ostóir nó f(h)ostaí nó déróil a bheith aige nó aici. Tá an sainmhíniú neodrach ina leith seo agus bunaítear é ar dhuine a bheith éagumasach chun oibre agus ba í seo an phríomhcheist a bhí curtha faoi bhráid an Oifigigh Achomhairc. Níor tháinig mé ar aon fhianaise gur bhronn an tOifigeach Achomhairc tábhacht mhíchuí ar aon ghné de Thuairisc an Chigire Leasa Shóisialaigh a chuir eolas ar fáil do chinneadh an Oifigigh Bhreithiúnachta agus ba léir ó chinneadh an Oifigigh Achomhairc agus ón meastóireacht a rinneadh ar an bhfianaise go ndearna sí breithniú ar an bhfianaise go léir a bhí i gcomhad an achomharcóra agus a tugadh chun solais ag an éisteacht ó bhéal féin.

Cé gur aithin an tOifigeach Achomhairc go raibh saincheisteanna sláinte iomadúla ag an achomharcóir ba chúis le deacracht shuntasach dó, ní raibh an tOifigeach Achomhairc sásta gur shásaigh an t-achomharcóir na critéir chun cáiliú do Phinsean Easláine faoi mar a fhorordaítear sa reachtaíocht. Bhí mé faoin tuairim, chomh maith, nár chruinn a mhaíomh go raibh an cinneadh a rinne an tOifigeach Achomhairc chun an t-achomharc a dhícheadú bunaithe ar mhionsonraí.

Toradh: Níor leasaíodh an cinneadh

2019/318/69 Liúntas Cúram Baile

An Cheist: Cibé acu an leanbh cáilithe nó nár leanbh cáilithe an leanbh

Forais athbhreithnithe: D'iarr an t-achomharcóir go ndéanfaí athbhreithniú ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc ar an mbunús nár bhronn an tOifigeach Achomhairc dóthain tábhachta ar fhianaise an achomharcóra. Maíodh, mar gheall nach ndearnadh ionadaíocht don Roinn ag an éisteacht ó bhéal, nár cuireadh aon fhianaise ar fáil a tháinig salach ar fhianaise an achomharcóra. Maíodh, chomh maith, gur thaispeáin tuairisc an Oifigigh Achomhairc ar an éisteacht ó bhéal agus an fhianaise a tugadh go soiléir gur sháraigh riachtanais chúraim an linbh go mór na riachtanais a theastaíonn ó leanaí eile den aois chéanna nach bhfuil faoi mhíchumas.

Cúlra: Dhícheadaigh Oifigeach Breithiúnachta na Roinne an achomharcóra ar Liúntas Cúram Baile ar an mbunús nár measadh gur leanbh cáilithe a bhí sa leanbh faoin reachtaíocht rialaithe. Níor athraigh an tOifigeach Breithiúnachta, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh, ná an tOifigeach Achomhairc, i ndiaidh go ndearnadh achomharc ina leith, an toradh sin a athrú.

Athbhreithniú: Leagtar amach cad is leanbh cáilithe ann, chun críocha Liúntas Cúram Baile a íoc, in Alt 186C d'Acht 2005, a fhorálann an méid seo a leanas:

"186C.—(1) Leanbh cáilithe chun críocha liúntas cúram baile a íoc is ea duine nach bhfuil aois 16 bliana bainte amach aige no aici (a dtagraítear dó nó di san alt seo mar 'an leanbh')

nuair—

(a) atá an leanbh faoi mhíchumas trom óna dteastaíonn cúram agus aird leanúnach nó leantach a sháraíonn go mór an cúram agus an aird a theastaíonn ó leanbh den aois chéanna de ghnáth,

(b) atá leibhéal míchumais is cúis leis an míchumas trom sin chomh hard gur dóchúil go dteastóidh cúram agus aird lánaimseartha uaidh nó uaithi ar feadh ar a laghad 12 mhí i ndiaidh a chéile,

(c) atá an leanbh—

(i) ag gnáthchónaí sa Stat, nó

(ii) a shásaíonn an leanbh ceanglais alt 219(2),

agus

(d) ach bhfuil an leanbh á c(h)oinneáil i scoil choinneála leanaí."

I ndiaidh dom athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc, ba shoiléir gur bhain an tOifigeach Achomhairc an tátal as, cé gur theastaigh cúram agus aird bhreise ón leanbh, ní raibh sé sásta gur deimhníodh go raibh an cúram agus an aird a theastaigh i bhfad níos mó ná an cúram agus an aird sin a theastaíonn i gcomparáid le leanbh eile den aois chéanna nár diagnóisíodh go raibh an riocht céanna air nó uirthi, faoi mar a dtugtar cuntas air sa reachtaíocht rialaithe. Dícheadaíodh an t-achomharc faoi na cúinsí siúd.

Sa mhéid gur tugadh chun solais gur léiríodh i dtuairisc an Oifigigh Achomhairc ar an éisteacht ó bhéal gur sásaíodh na critéir reachtúla, bhí mé sásta nach raibh sa tuairisc ach cuntas ar an bhfianaise a sholáthair an t-achomharcóir, cuntas ina measc ar an bhfianaise ó bhéal a thug sí ag an éisteacht. Níor cuimsíodh ann aon tráchtareacht ag an Oifigeach Achomhairc na aon mheastóireacht ar an tábhacht a bronnadh ar an bhfianaise agus ní fhéadfaí é a léamh gan aird ar an gcinneadh féin a rinne an tOifigeach Achomhairc, nár áiríodh leis meastóireacht ar an bhfianaise.

Sa mhéid gur maíodh nár sholáthair an Roinn aon fhianaise a thabharfadh a mhalairt le fios mar gheall nach ndearnadh ionadaíocht don Roinn ag an éisteacht ó bhéal, b’amhlaidh an cás ná gur thug Oifigeach Breithiúnachta aghaidh chinneadh an Oifigigh Bhreithiúnachta agus toradh an athbhreithnithe, ar iarraidh an Oifigigh Achomhairc, agus leagadh amach sa dá rud sin na cúiseanna ar bhealach cuimsitheach a bhí leis an gcinneadh agus le neamh-athbhreithniú an chinnidh sin. Níor mheas mé go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid i bhfíric ná i ndlí ina leith seo – is faoin Oifigeach Achomhairc a dheimhniú cé ar cheart dó nó di freastal ar éisteacht ó bhéal agus níl sé éigeantach go bhfreastalaíonn an tOifigeach Breithiúnachta nó ionadaí den Roinn.

Níor tháinig aon rud in adharca a chéile maidir leis na fíricí a bhain leis an gcás agus ba í an cheist a raibh cinneadh le déanamh uirthi ag an Oifigeach Achomhairc ná cibé acu ar mheas nó nár mheas sé gur deimhníodh go bhfuil “an leanbh faoi mhíchumas trom agus gur imir an míchumas sin tionchar chomh trom air nó uirthi go dteastaíonn cúram agus aird leanúnach nó leantach a sháraíonn go mór an cúram agus aird a theastaíonn ó leanbh den aois chéanna de ghnáth, agus go dteastódh an leibhéal sin de chúram agus d’aird bhreise uaidh nó uaithe ar feadh 12 mhí i ndiaidh a chéile, ar a laghad”.

Agus aird ar iomláine na fianaise, níor mheas mé go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid i bhfíric ná i ndlí agus níor tháinig mé ar aon chúis lena chinneadh a leasú ar aon chinn de na forais a thug an t-achomharcóir le fios chun tacú leis an iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh sin.

Toradh: Níor leasaíodh an cinneadh

2019/318/70 Inárachas Fostaíochta

An Cheist: Cibé acu an raibh oibrí fostaithe faoi chonradh do sheirbhísí nó conradh seirbhíse

Lorg an chuideachta athbhreithniú ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc agus mhaígh sé go raibh an cinneadh earráideach de bharr go ndearnadh botún áirithe maidir leis an dlí nó na fíricí. Chun tacú leis an áitiú sin, mhaígh an chuideachta:

- Ní fhéadfadh aon fhrithpháirteachas oibleagáide a bheith ann chun caidreamh fostóra/fostaí a chruthú mar gheall nach raibh aon chaidreamh conarthach idir an chuideachta agus an t-oibrí ach, ina ionad sin, gurbh aonán dlíthiúil ar leith ón oibrí a bhí sa chaidreamh conarthach. Ina thaobh seo, maíodh go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid nuair a tugadh neamhaird ar phrionsabal na pearsantachta dlíthiúla ar leith.

- Áitíodh go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid nuair a braitheadh ar Chód Cleachtais neamhrechtúil, is é sin, An Cód Cleachtais um Stádas Fostaíochta agus Féinfhostaíochta Daoine Aonair a Chinneadh.
- Maíodh go raibh fuilleach dlí choitinn ann ina ndéantar cur síos ar fhrithpháirteachas oibleagáide mar “íosmhéid dolaghdaithe” conradh seirbhíse. Maíodh, ina thaobh seo, go ndearna an tOifigeach Achomhairc cinneadh go hearráideach go ndearnadh cinneadh bunaithe ar fhrithpháirteachas oibleagáide a bheith ann.

Cúlra: Lorg an t-achomharcóir cinntiúchán ón Roinn maidir lena stádas fostaíochta le cuideachta ó dháta in 2003 ar aghaidh. Dheimhnigh an tOifigeach Breithiúnachta go raibh an t-oibrí ag oibriú faoi chonradh le haghaidh seirbhísí agus go raibh sé inárachais, dá bharr, ar an ráta Aicme S de ÁSPC do dhaoine féinfhostaithe. Rinne an t-oibrí achomharc ar an gcinneadh sin. Mhínigh an tOifigeach Achomhairc gurbh í an cheist a bhí faoi chaibidil ná cibé acu an raibh an t-oibrí ag oibriú don chuideachta a bhí i gceist faoi chonradh seirbhíse nó faoi chonradh le haghaidh seirbhísí i gcaitheamh na tréimhse ó 2003 go 2017. Mhínigh an tOifigeach Achomhairc ina thuairisc ar an éisteacht ó bhéal go ndearnadh beartas cuideachta de i gcaitheamh an chaidrimh oibre go raibh ar shainchomhairleoirí sonraisc a sheoladh ar aghaidh ó chuideachtaí teoranta chun íocaíochtaí a éascú. Ar an gcuspóir seo, bhunaigh an t-oibrí cuideachta theoranta. Ní raibh aon díospóid idir na páirtithe maidir leis an bpointe seo, ach mhaígh an chuideachta a lorg an t-athbhreithniú gurbh ionann agus aonán dlíthiúil ar leith an caidreamh conarthach leis an gcuideachta theoranta nuabhunaithe seo, seachas leis an oibrí agus nár cheart don Oifigeach Achomhairc aon rud thairis sin a chur san áireamh.

Chinn an tOifigeach Achomhairc gurbh ann do ghnéithe bhreise de chonradh seirbhíse ann, seachas gnéithe de chonradh le haghaidh seirbhísí agus, dá réir, ceadaíodh an t-achomharc.

Athbhreithniú: Ar athbhreithniú a dhéanamh, mhínigh mé go mbronntar cumhacht reachtúil ar Oifig Bhreithiúnachta de chuid na Roinne in Alt 300(2) d'Acht 2005 chun cinneadh a dhéanamh a bhaineann le hinárachas fostaíochta chun críocha árachais shóisialaigh. Is féidir na cinntiúcháin/na cinntí go léir siúd a achomharc faoi fhorálacha Alt 31 d'Acht 2005 le hOifigeach Achomhairc.

Is gnách nach ndéantar sainmhíniú sa dlí ar na téarmaí ‘fostaithe’ agus ‘féinfhostaithe’. In éagmais sainmhíniú dlíthiúil, caithfear an cinntiúchán a dhéanamh maidir leis an gcatagóir chuí trí shuíl a chaitheamh ar an méid féin a dhéanann duine, an bealach ina ndéantar é agus na téarmaí agus coinníollacha faoina bhfostaítear an duine, bíodh na téarmaí agus coinníollacha siúd scríofa, ó bhéal, nó intuigthe. Is soiléir ó chásdlí ábhartha na gcúirteanna nach bhfuil aon toisc amháin ann ar féidir a mheas gurb ionann agus toisc chinntiúcháin é de cheachtar conradh seirbhíse (fostaí) nó conradh le haghaidh seirbhísí (féinfhostaithe). Tá réimse táscairí tagtha chun cinn, áfach, le himeacht ama a léiríonn fasach atá bunaithe sa chásdlí ábhartha. Tá bunús daingean faoi gur cheart ceithre phríomhthástáil a dhéanamh nuair a bhí cinneadh á dhéanamh faoi cibé acu an conradh seirbhíse nó conradh le haghaidh seirbhísí atá sa chaidreamh oibre idir na páirtithe - frithpháirteachas oibleagáide, rialú, imeascadh agus an réadúlacht gheilleagrach.

Is í mo thuairimse, chomh maith, a bhfuil bonn daingean fúithi, nach mór gach cás a bhreithniú i gcomhthéacs a fhírící ar leith agus trí thagairt a dhéanamh do na prionsabail ghinearálta a forbraíodh sna Cúirteanna. Is soiléir gurb ionann ceann de na prionsabail siúd ná, nuair a bhíonn cinntiúchán á dhéanamh, nach mór aird a thabhairt ar réadúlacht an chaidrimh oibre idir na páirtithe, gan aird ar conas a dhéanann na páirtithe cur síos orthu féin ná ar conas a eagraíonn siad iad féin. Níor mheas mé go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid sa bhealach a maíodh mar gheall, dá mbeadh cosc air ó shúil a chaitheamh ar na fírící go léir, na cúinsí ina measc a d'eascair as cuideachta theoranta a bhunú, ní bheadh scrúdú déanta aige ar réadúlacht an chaidrimh oibre ar bhealach cuimsitheach. Faoin Oifigeach Achomhairc a bhí sé chun breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise a cuireadh i láthair maidir le bunú na cuideachta teoranta. Ba dhealraitheach nár easaontaigh an chuideachta le fianaise an oibrí go raibh iallach air chun cuideachta theoranta a chruthú dá mba mhian leis leanúint ag oibriú leis an gcuideachta.

Bhí mé sásta i ndiaidh dom m'athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh an Oifigh Achomhairc go ndearna sé scrúdú ar an tsaincheist ar bhealach cuimsitheach agus aird ar na prionsabail a d'fhorbair na Cúirteanna agus gur chaith sé súil ar iomláine na Cúirteanna ónar bhain sé an tátal as gurbh ann do ghnéithe bhreise de chonradh seirbhíse ann, seachas gnéithe de chonradh le haghaidh seirbhíse.

Níor tháinig mé ar aon earráid fírice ná dlí i gcur chuige an Oifigh Achomhairc maidir lena dheimhniú cibé acu an raibh nó nach raibh frithpháirteachas oibleagáide idir na páirtithe. Thug mé faoi deara gur luaigh an tOifigeach Achomhairc go dtosódh sé trí dhul i ngleic leis tástáil ar fhrithpháirteachas oibleagáide, arb í sin an riachtanas íosta le bheith sásta gurbh ann do chonradh seirbhíse agus leag sé an cásdlí amach ó na Cúirteanna a bhí á threorú. Bhain an tOifigeach Achomhairc an tátal as gurbh ann d'fhrithpháirteachas oibleagáide agus gurbh é sin an sine qua non is féidir a shainaithint go daingean mar ghné bhunriachtanach maidir le conradh seirbhíse a bheith ann.

Níor mheas mé go ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid trí bhrath ar chód neamhrechtúil, is é sin, An Cód Cleachtais um Stádas Fostaíochta agus Féinfhostaíochta Daoine Aonair a Chinneadh. Mhínigh mé go luaitear go bhfuil de chuspóir ag an gCód, a cuireadh le chéile i dtosach in 2001 agus a nuashonraíodh in 2007, chun 'míthuiscintí a dhíothú agus soiléireacht a sholáthar'. Leagtar béim sa Chód Cleachtais ar an gá atá le súil a chaitheamh ar an bpost ina iomláine, dálaí oibre agus réadúlacht an chaidrimh ina iomláine, nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar chineál caidreamh fostaíochta. Leagtar amach sa Chód critéir a dheimhníonn stádas fostaíochta agus, i mo thuairim féin, léirítear ann fasaigh agus prionsabail a d'fhorbair na Cúirteanna.

Bhí mé faoin tuairim nach bhfuil aon fhasach ann a chuir cosc ar an Oifigeach Achomhairc, agus aird ar an treoir, ar nós an Chóid, mar gheall gur cód neamhrechtúil é. Measaim gur cáipéis údarásach é an Cód Cleachtais agus táim sásta go raibh sé faoin Oifigeach Achomhairc dul i gcomhairle leis an gCód chun treoir a fháil. Ba shoiléir, chomh maith, ó chinneadh an Oifigh Achomhairc nár bhrath sé ar an gCód Cleachtais, agus é sin amháin, ach gur bhrath sé, chomh maith, ar an gcásdlí agus na prionsabail dhlíthiúla a tháinig chun cinn le himeacht ama ó na Cúirteanna.

Thug mé faoi deara i mbreithiúnas a thug an Ard-Chúirt in 2016 gurbh iad seo a leanas na prionsabail atá le cur i bhfeidhm ar chinntiúchán faoi chaidreamh fostaíochta:

Bhí na prionsabail dhlíthiúla atá le cur i bhfeidhm nuair a bhíonn cinntiúchán á dhéanamh faoi chaidreamh fostaíochta mar ábhar ag cinntí iomadúla na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí, idir an cinneadh barrthábhachtach a rinneadh sa chás Henry Denny agus Sons (Ireland) Ltd. v. an tAire Leasa Shóisialaigh [1998] 1 IR 34 agus cásanna a tháinig aníos ní ba dhéanaí, ar nós Brightwater Selection v. an tAire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh [2011] IEHC 510. Bhunaigh na cinntí siúd roinnt prionsabal agus tástálacha atá le cur i bhfeidhm i gcásanna ina lorgaíonn Cúirt nó cinnteoir stádas fostaíochta duine aonair a dheimhniú. Áirítear leis na prionsabail, atá ag teacht chun cinn go fóill, i measc rudaí eile, gur cheart don chinnteoir breithniú a dhéanamh i dtosach ar cibé acu an ann nó nach ann d'fhrithpháirteachas oibleagáide idir na páirtithe (an tAire Talmhaíochta v. Barry [2008] IEHC 216); gur cheart don chinnteoir aird a thabhairt ar oibriú an chonartha atá i gcleachtas (Henry Denny & Sons (Ireland) Ltd. v. an tAire Leasa Shóisialaigh [1998] 1 IR 34; Castleisland Cattle Breeding Society Limited v. an tAire Leasa Shóisialaigh [2004] IR 150); gur toisc ar cheart í a chur san áireamh atá sa mhéid rialaithe atá le feidhmiú ar conas atá an obair le déanamh (Henry Denny & Sons (Ireland) Ltd. v. an tAire Leasa Shóisialaigh; Brightwater Selection v. an tAire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh) agus is amhlaidh atá le déanamh ar stádas cánach an duine aonair (Henry Denny & Sons (Ireland) Ltd. v. an tAire Leasa Shóisialaigh; Castleisland Cattle Breeding Society Limited v. an tAire Leasa Shóisialaigh). Is éard a leagtar béim air i ngach ceann de na cinntí, ná go mbraitheann na tástálacha atá le cur i bhfeidhm, chomh maith le tábhacht na dtástálacha faoi seach maidir leis an gcinneadh atá i gceist, ar fhíricí an cháis ar leith.

Ar athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh an Oifigigh Achomhairc sa chás seo, thug mé faoi deara go ndearna an tOifigeach Achomhairc breithniú cúramach ar na táscairí siúd, faoi mar a dtugtar cuntas orthu sa chásdlí, an tástáil ar fhrithpháirteachas oibleagáide, an tástáil rialaithe, an tástáil imeasctha, agus an tástáil ina measc ar an réadúlacht gheilleagraich.

Bhí mé sásta go ndearna an tOifigeach Achomhairc, scrúdú, faoi mar is gá dó a dhéanamh, ar réadúlachtaí an cháis lena dheimhniú cibé acu arbh ann nó nárbh ann don chaidreamh idir an fostóir agus an fostaí, i bhfírinne, gan aird ar conas a rinne na páirtithe cur síos orthu féin ná ar conas a d'eagraigh siad iad féin. Is soiléir ón gcásdlí nach féidir aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le haicmiú na fostaíochta ar chuspóirí árachais shóisialaigh ar aon bhealach foirmeach mar gheall gurb í an íomhá fhoriomlán a dheimhneoidh an tsaincheist.

Bhí mé faoin tuairim go raibh an ceart iomlán ag an Oifigeach Achomhairc scrúdú a dhéanamh ar an socrú iarbhir oibre idir na páirtithe agus aird a thabhairt ar réadúlacht an tsocraithe idir na páirtithe. Agus amhlaidh á dhéanamh, scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc na gnéithe siúd den socrú conarthach idir na páirtithe agus bhain sé an tátal as, agus ní dhearna sé amhlaidh go míréasúnta, dar liom féin, bunaithe ar an treoir sa chásdlí agus sa Chód Cleachtais, gurbh ann do ghnéithe breise de chonradh seirbhíse ná de chonradh le haghaidh seirbhísí.

Toradh: Níor leasaíodh an cinneadh

An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
DO2 XY31

Guthán: Íosghlao 1890 74 74 34 01*

Facs: (01) 671 8391

Ríomhphost: swappeals@welfare.ie

Gréasán: www.socialwelfareappeals.ie

*D'fhéadfadh na rátaí a ghearrtar a bheith éagsúil i measc soláthraithe seirbhíse. Féadfaidh soláthraithe gréasán guthán póca rátaí i bhfad níos airde a ghearradh.